Ar aon dul le gach aonad gnó eile de chuid an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara (ÚCIM), bliain gan fhasach a bhí i 2020 don Aonad Airgeadais. I Márta 2020 eagraíodh an tAonad chun dul i mbun cianoibre agus ó shin i leith, de réir na comhairle sláinte poiblí, ní dhearnadh ach obair riachtanach istigh san oifig féin. In ainneoin an athraithe gan choinne seo inár modh oibre, lean an tAonad Airgeadais air de bheith ag soláthar tacaíochta agus comhairle airgeadais atá straitéiseach agus oibríochtúil d'aonaid ghnó ÚCIM.

Fuair agus bhainistigh an tAonad Airgeadais buiséad de bhreis is €13 milliún i 2020. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi fho-cheannteideal D.6 de Vóta 30, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Cuireadh maoiniú ar fáil d'ÚCIM freisin faoi Chlár Oibríochtúil RTBM, le tacaíocht ó Chlár Chiste Eorpach Mara agus lascaigh (CEMI) na hÉireann. I 2020, ba é luach an ioncaim thionscadail a fuarthas maidir leis an gcaiteachas a tabhíodh faoin gClár ná €1.2 milliún.

Bhí Ráitis Airgeadais ÚCIM faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus is cuid de na ráitis airgeadais í an tuarascáil iniúchta ón ARCC sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Cuireann an tAonad Airgeadais príomhról i gcrích maidir le cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag ÚCIM agus faoi stiúir an Choiste Iniúchta agus Riosca, tugadh faoi chúig iniúchadh inmheánacha chorparáideacha le linn 2020. Bhí le háireamh sna hiniúchtaí: athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, athbhreithniú ar an Ráiteas Bliantúil Rialachais agus ar phróiseas an Ráitis Rialaithe Inmheánaigh, athbhreithniú ar chostais taistil agus liúntais chothaithe, athbhreithniú ar chonarthaí agus ar léasanna tríú páirtí agus athbhreithniú leantach ar mholtaí iniúchta ó iniúchtaí inmheánacha a rinneadh roimhe seo. Soláthraíodh freagraí bainistíochta do mholtaí iniúchta inmheánaigh a tháinig chun cinn agus tuairiscíodh fúthu don Choiste Iniúchta agus Riosca; thángthas ar chomhaontú maidir le pleananna cuí gníomhaíochta ceartaithí agus tá siad sin á gcur i bhfeidhm.

D'athraigh an suíomh a bhaineann le ráig COVID-19 go tapa ó bhí tús 2020 ann agus tá an tAonad Airgeadais tar éis tacú le freagra na heagraíochta i leith 'Phrótaicail Filleadh ar an Obair go Sábháilte' an Rialtais, trí chabhrú le cur i bhfeidhm Phlean Freagartha COVID-19 ÚCIM. Ina theannta sin, tá an tAonad Airgeadais tar éis glacadh le polasaithe agus le gnáthaimh fad is a mhairfidh an phaindéim chun sábháilteacht a cuid foirne a chinntiú, lena n-áirítear gnáthaimh maidir le húsáid fheithiclí fóntais roinnte agus feithiclí príobháideacha.

In ainneoin na ndúshlán, i Meán Fómhair 2020, chuir an tAonad Airgeadais tús le tionscadal chun córas bainistithe airgeadais comhtháite a chur i bhfeidhm, a chuirfidh feabhas ar chumas an Aonaid tacaíocht agus comhairle éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar d'aonaid ghnó ÚCIM, agus a thacaíonn le torthaí straitéiseacha ÚCIM sa chinnteoireacht agus sa bhainistiú faisnéise ina Ráiteas Straitéise 2018-2020. Táthar ag súil leis go mbeidh an córas nua á úsáid ó Mhí Márta 2021 ar aghaidh.

Chuir baill fhoirne an Aonaid Airgeadais a ról i gcrích ar bhealach thar a bheith inniúil, onghníomhach agus gairmiúil agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo as a gcion is as a gcoimhínt do ghnóthachtáil an Aonaid.

Louise Murphy
An Stiúrthóir Airgeadais

Tuarascáil an Stiúrthóra Acmhainní Daonna: Yvonne Grant

Tá foireann Acmhainní Daonna ÚCIM tiomanta do sholáthar seirbhíse gairmiúla d'ár gcuid custaiméirí inmheánacha. Le linn 2020 chuir foireann AD ÚCIM lenár sainchúram agus le feidhmíocht na heagraíochta ar a lán bealaí. Baineadh sin amach trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le lucht na bainistíochta sinsearaí agus trí bheith ina thaca straitéiseach.

Thacaigh an fhoireann AD le cultúr ardfeidhmíochta. Bhíomar lánpháirteach sa phróiseas CFBF agus thacaigh an fhoireann AD le bainisteoirí líne síos tríd an bpróiseas lena éifeachtacht a chinntiú.

Tá sé mar aidhm againn na daoine is fearr a earcú do phoist trí chleachtas earcaíochta láidre thrédhearcacha de réir threoirlínte CCSP. Ceann de phríomhfhócais 2020 ná cinntiú go raibh acmhainní sásúla i bhfeidhm roimh an mBreatimeacht. Le 3 bliana anuas líonadh 31 phost mar thoradh díreach ar an mBreatimeacht. Tá mar chuid den fhiigiúr seo 26 OCIM a thugann faoi chlár oiliúna leitheadach sula n-eisítear barántas dóibh. Chinntigh bunú onghníomhach phainéal earcaíochta do ghráid OCIM, Oifig Fheidhmiúcháin agus Oifig Chléireachais go raibh muid breá ábalta poist a líonadh ar bhealach tráthúil.

San iomlán i 2020 líonadh 29 bpost agus méadaíodh líon na foirne go 148 bhfostaí. Is ionann sin agus méadú 42% i líon na foirne le ceithre bliana anuas.

I measc na bpríomhréimsí eile fócas i 2020 tá foirniú Aonaid Bhainistithe Shonraí agus Oifig Bhainistithe Thionscadail. Tá ár gclár ionduchtúcháin curtha in oiriúint againn sa tslí gur féidir é a sheachadadh go cian.

Chuir COVID-19 a lán dúshlán os ár gcomhair le linn na bliana. Spreagann ÚCIM a chuid ball chun a bheith ag obair go cian ó Mhí Mhárta ann agus leanaimid orainn de bheith ag cloí le moltaí an Rialtais maidir le COVID-19. Tá gach ball foirne ÚCIM eagraithe chun a bheith ag obair go cian agus cuireadh clár de mheasúnuithe eirgeanamaíochta i gcrích ar chianstáisiúin oibre gach duine. Go comhthreormhar leis sin, cuireadh Prótacal an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair i gcrích trí oifig ÚCIM, chun sábháilteacht daoine a chinntiú a bhíonn ag freastal ar na hoifigí agus chun ullmhúchán a dhéanamh le filladh ar na hoifigí tar éis na paindéime.

Cothaíonn lucht AD ÚCIM cultúr de shláinte agus leas na bhfostaithe, a chuirtear chun cinn trínár gclár cuimsitheach folláine. Cuireadh níos mó béime air sin i rith na bliana, ós rud é gur thuig foireann AD go rímhaith an brú a bhí ar dhaoine agus iad ag iarraidh freagrachtaí baile agus oibre a láimhseáil ag an am céanna.

Spreagtar foghlaim agus forbairt leanúnacha chun cur ar chumas gach duine a lánphoitéinseal a bhaint amach. Le linn 2020, cuireadh ár bPlean Oiliúna in oiriúint don seachadadh ar líne, rud a bhí ina dhúshlán breise ag roinnt soláthróirí oiliúna. Bhí plean oiliúna ÚCIM bunaithe ar phleananna forbartha a aithníodh sa phróiseas CFBF, chomh maith le bearnaí oiliúna comhlíontachta agus oiliúna straitéisí a aithníodh.

Chas Bainisteoirí ÚCIM leis an gceardchumann ionadaíoch trínár bhfóram Comhchomhairle chun ceisteanna caidrimh thionsclaíoch a phlé. Fostaíodh CGFÉ go luath i 2020 don chuspóir de bheith ag déanamh ionadaíochta ar ÚCIM agus de bheith ag tabhairt comhairle dó maidir le ceisteanna CT go háirithe. Soláthroidh cur i bhfeidhm an Athbhreithnithe ar Acmhainn Eagraíochta deis do bhainisteoirí ÚCIM agus don cheardchumann ionadaíoch breithniú a dhéanamh faoi thionscnaimh chun feabhas a chur ar an gcuidreamh CT.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill foirne AD agus Sláinte & Sábháilteachta as a gcuid oibre Luachmhaire le linn na bliana.

Yvonne Grant
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Tuarascáil an Stiúrthóra Shonraí, TFC agus Thionscadal: Brian Fitzgerald

Bhí mar thoradh ar chur i bhfeidhm chlár eagraithe an fhórsa shaothair acmhainn eagraíochtúil a d'éascaigh an fhoireann lena bheith ag obair ó aon áit ag aon am. Bhí sin fíorúsáideach ar fad le linn phaindéim COVID-19.

Le linn R4, 2019, thug an t-aonad chun críche clár eagraithe fhórsa shaothair a baineadh amach trí chaighdeánú agus uasghrádú threalamh críochphointe TFC ar fad fhoireann ÚCIM. Lena sheal, d'éascaigh sin cumas feabhsaithe athshlánaithe thubaiste agus leanúnachais ghnó mar a raibh gach córas gnó miseanchriticiúil inrochtana 24x7 ag úsáid gléasanna slána agus réiteach cianrochtana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na foirne bainistithe agus tacaíochta laistigh de Rannán Infrastruchtúir TF RTBM as a gcuid tacaíochta leanúnaí leis an tionscadal seo agus lenár gcuid riachtanas TFC ar fad.

Leas láithreach a bhain leis an gclár eagraithe fhórsa shaothair ná cumas fhoireann ar fad ÚCIM bheith ag obair ó chianionaid de réir mar a bhí tionchar phaindéim COVID-19 le sonrú. Ag tús Mhí Feabhra 2020 bhíomar ag dréim le dúnadh oifige taobh istigh de sheachtainí mar gheall ar leathnú na paindéime ar fud na hEorpa. Fuarthas cumas breise Cisco WebEx Meeting agus baineadh úsáid as sin ag na haonaid ghnó ar bhonn laethúil chun gach cruinniú inmheánach agus seachtrach a óstáil. Ar ámharáí an tsoil, ar feadh chuid eile 2020, agus ar aghaidh go 2021, thuiriscigh gach aonad leibhéil ghníomhaíochta gnó i gcomhréir leis an ngnáthghníomhaíocht oifige. Glacadh le agus cuireadh i bhfeidhm go forleathan normáltacht na chun gnó a chur i gcrích a tháinig chun cinn de thoradh ar an iachall a bhí ar dhaoine bheith ag cianobair. Bhíomar in inmhe freisin tacú lenár máthairRoinn, le soláthar bhreis is 100 ríomhaire glúine a baineadh as feidhm le déanaí agus a athchumraíodh ina dhiaidh sin gur dáileadh ar fhoireann RTBM iad chun cur ar a gcumas bheith ag obair ó chianionaid freisin.

Laistigh den aonad déantar na freagrachtaí oibre a chatagóiriú go forleathan cé acu mar chinn a bhaineann le réimsí inniúlachta CLT nó TFC; is ann, áfach, do thionscadail agus do cheisteanna a éilíonn rannpháirtíocht na foirne iomláine.

Tá mar chuid den obair a bhaineann le CLT tacaíocht theicniúil agus ghnó don Logleabhar Leictreonach do gach soitheach Éireannach laistigh d'uisic an dlínse agus an AE, go háirithe do shoithí a théann chun na hIorua i Mí na Nollag / Mí Eanáir, tacaíocht don fhorbairt leanúnach

ar fad chóras rialaithe iascaigh chuig an teanga ghnó FLUX, tacaíocht d'fhorbairt an mhodúil cros-seiceála VALID, tacaíocht don FMC, soláthar Shaineolaithe Ábhair do chruinnithe le DG Mare, GERI agus CIATT, ag tacú leis an iarratas leanúnach iniúchta iInspect agus tacaíocht d'Iascach an Tuinnín Ghoirm gach samhradh.

Tá thart ar 210 soitheach iascaireachta in Éirinn feistithe le logleabhair Leictreonacha. I 2018, chuir loingeas na hÉireann i láthair breis is 7,200 logbhileog CLT; i 2019, ba é an líon ábhartha ná breis is 7,500 logbhileog CLT agus i 2020, chuir an loingeas breis is 6,800 logbhileog CLT faoinár mbráid. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go bhfuil méid suntasach logbhileog páipéir á gcur i láthair gach bliain freisin (Meánmhéid 12,000 per annum). Déantar na sonraí ó na logbhileoga seo a phróiseáil de láimh go CCFI ag fhoireann ÚCIM.

I 2020, cuireadh deasc chabhrach nua TFC i bhfeidhm agus tugadh isteach acmhainní breise; fuarthas 2 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 1 Oifigeach Cléireachais don aonad. Leanadh ar aghaidh leis an gclár de bheith ag aistriú chuig néal an Rialtais, le soláthar príomhfheastalaí agus freastalaí theipaistrithe a cheadóidh tharraingt siar réidh fheastalaithe éagsúla níos lú go náisiúnta. Tá comhaontú againn le OPOFR anois le bheith ag obair leo agus le réitigh oiriúnacha a chur i bhfeidhm ón réimse Tóg-le-Roinnt atá ar fáil do gach Comhlachas Earnála Poiblí. De réir Straitéis TFC na hearnála poiblí leanfaimid orainn de bheith ag seachadadh torthaí agus éifeachtacht níos fearr trí nuálaíocht agus trí fheabhas TFC. Aistríodh an cumas Sonraí agus Staitisticí laistigh den aonad chuig an Aonad Sonraí nuachruthaithe laistigh de ÚCIM mar chuid de phlean atheagraithe ÚCIM.

Cuimsíonn an t-aonad an fhoireann seo a leanas: 1 PC, 4 OCIM, 1 AOF, 2 OF agus 1 OC.

Brian Fitzgerald

An Stiúrthóir Shonraí, TFC agus Thionscadal

Tuarascáil an Stiúrthóra Thrádála & Iniúchta:

Bernard O'Donovan

Lean an tÚdarás air de bheith ag forbairt agus ag treisiú nasc taidhleoireachta agus teicniúil le teagmhálacha idirnáisiúnta bia mhara le linn 2020.

Chomh maith leis an ngnáthranpháirtíocht le páirtithe leasmhara de chuid an tionscail agus na trádála gaolmhaire, rinne an tÚdarás ullmhúchán gníomhach don tionchar a bheadh le sonrú ar chomhlachtaí bia mhara Éireannacha a bhíonn ag trádáil leis an RA agus ar shoithí a bhíonn ag iascaireacht in uisce RA agus an tír sin ag fágáil an AE, rud a rinne tríú tír di. Chloígh an tÚdarás lena réimis deimhniúcháin agus rialaithe mar fhreagra ar na dúshláin iomlán nua atá i gceist le COVID-19 agus a thionchar ar chothabháil mhaoirseachta rialála don Údarás agus ar na pátrúin agus na deiseanna trádála do chomhlachtaí bia mhara na hÉireann. Lean an tÚdarás air de bheith i gcomhairle le gníomhaireachtaí rialaithe thar lear agus le hoifigigh de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le raon leathan ceisteanna rochtana margaidh bhia mhara agus tacaíochta teicniúla. I measc na margáí easpórtála a ndearnadh obair ghníomhach rochtana agus thacaíochta dóibh le linn na bliana ná an Chóiré Theas, an tSeapáin, an tSín, AEA, Vítneam, SAM, Ceanada agus Stáit na Murascaille.

Seo cuid d'ár gcuid príomhghníomhartha le linn 2020:

- Ullmhacht rialála d'imeacht an RA ón AE agus an caidreamh trádála toadhchá. Bhí mar chuid de sin comhoibriú náisiúnta agus AE agus comhoibriú trasghníomhaireachta le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta rialála chun scrúdú a dhéanamh ar agus ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh impleachtaí sábháilteachta bia agus rialaithe iascaigh;
- Tógáil acmhainne inmheánaí laistigh den eagraíocht, lena n-áirítear soiléiriú riachtanas teicniúil, pleanáil teagmhasachta, cumarsáid agus teagmháil le príomhpháirtithe eile maidir le hullmhacht rialála iascaigh le haghaidh imeacht an RA as réimeas rialála an AE agus as an gcómhargadh;
- Dearadh agus forbairt seimíneáir eolais Bhreathimeachta don tionscal chomh maith le bheith i gceannas ar theagmháil rialála aonraithe agus comhráite ullmhúcháin le páirtithe leasmhara éagsúla seachtracha;
- Rannpháirtíocht leanúnach eagraíochtúil le réimsí ábhartha bia mhara in obair Codex Alimentarius an Choimisiúin;
- Nuashonrú deimhniúcháin eagraíochtúil agus réimeas maoirseachta mar fhreagra ar thabhairt isteach rialacháin athbhreithnithe rialuithe oifigiúla bunúsacha sábháilteachta bia de chuid an AE.

D'fhorbair an tÚdarás a chuid oibre i rialú trádála bia mhara, soláthar tacaíochta teicniúla rochtana margaidh, cur i gcrích rialuithe oifigiúla i ndisciplíní éagsúla, lena n-áirítear clárú agus deimhniúchán comhlachta agus táirgí, sábháilteacht bhia mhara agus caomhnú iascaigh mhara. Leantar ar aghaidh le gníomhú chur i bhfeidhm agus fhorfhaidhmiú an Údaráis reachtaíochta rialála rialuithe oifigiúla agus caomhnaithe iascaigh an AE mar na bonnlínte rialála ar a bhfuil córas láidir deimhniúcháin bhia mhara na hÉireann bunaithe. Leanadh ar aghaidh le hiniúchadh agus le deimhniúchán sláinte choinsíneachtaí easpórtála le linn bliana inar tugadh aghaidh ar dhúshláin shonracha a bhain le COVID-19 chun leanúint de bheith ag soláthar dearbhaithe don phobal agus do chustaiméirí maidir leis na caighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta bia mhara a mbítear ag súil leo i margáí bia idirnáisiúnta agus a ndéantar soláthar dóibh i rialacháin an AE.

Sreafaí trádála éisc agus táirgí iascaigh atá deimhnithe

Chuimsigh easpórtálacha bia mhara Éireannaigh chuig tíortha taobh amuigh den AE próiseáil 4,048 dteastas sláinte do 91,824 thona táirgí i 2020. Ba iad na príomh-mhargáí easpórtála a deimhníodh de réir mhéid na dtáirgí ná an Nigéir, an Éigipt agus Camarún, ag clúdach easpórtálacha éisc pheiligigh den chuid is mó.

Leanadh ar aghaidh de bheith ag cur i gcrích rialuithe oifigiúla i réimse na hiascaireachta Neamhdhleathaí, Neamhthuariscithe agus Neamhrialáilte (INNN). Bhí mar chuid de sin deimhniúchán 742 teastas gabhála a bhain le hiompórtáil 5,318 dtona de tháirgí ó 23 thír. Ba iad na príomhthíortha óna dtáinig coinsíneachtaí iompórtála ná an Íoslainn, Ecuadór, an tSín agus Gána.

Eisíodh 94 theastas gabhála d'easpórtáil 11,812 thona de tháirgí bia mhara Éireannaigh chuig 13 thír; ba iad na príomhspeicis a bhí i gceist ná ronnach Atlantach, bolmán Atlantach, Gliomach na hIorua agus scadán Atlantach.

San iomlán rinneadh 49,260 tona de tháirgí a iompórtáil ó 31 thabhairt i dtír díreach ag soithí iascaireachta neamhAE go hÉirinn.

Bernard O'Donovan
An Stiúrthóir Trádála & Iniúchta

Tacaigh

Tacaigh leis an eagraíocht chun feabhas a bhaint amach trína foireann. Bíonn ár n-éifeachtacht chun ár bhfís a bhaint amach ag brath ar scileanna, ar chumas agus ar ghairmiúlacht ár bhfoirne agus ár gcuid struchtúr.



Rialachas Corparáideach

Leagann Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú amach na híoschaighdeáin a gcaithfidh Comhlachtaí Stáit, leithéidí ÚCIM, feidhmiú dá réir, agus tá an tÚdarás tar éis glacadh leis an gCód sa mhéid go mbaineann sé le ÚCIM.

Rinneadh an Cód a nuashonrú i Meán Fómhair 2020 – táthar tar éis an Cód a leasú chun Aghuisín nua a chur san áireamh a bhaineann le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cur leis an gcód cleachtais atá ann cheana, is é sin Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Leagann an tAghuisín amach bearta ar aidhm leo feabhas a chur ar an éagsúlacht ar Bhoird Stáit agus tugann sé aghaidh ar mholtaí a rinneadh ag Grúpa Idir-Rannach faoin gCothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit.

Leagann an tAcht lascaigh Mhara agus Dílnse Mhuirí 2006 riachtanais rialachais amach freisin do ÚCIM, a ghlacann ionad fhorálacha an Chóid. Sholáthair ÚCIM deimhniú dá máthair-Roinn, RTBM, go raibh sé ag comhlíonadh an Chóid sa mhéid go mbaineann sin le ÚCIM.

Shínigh an tÚdarás Comhaontú Maoirseachta agus Feidhmíochta leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i 2017, a chuireann síos ar chur i bhfeidhm an Chóid ag ÚCIM faoi rialachas RTBM. I 2020, thionóil ÚCIM agus RTBM cruinnithe foirmeálta ráithiúla mar ar sholáthair ÚCIM faisnéisithe mionsonraithe maidir le táirgí insoláthartha atá leagtha amach sa chomhaontú sin chomh maith le heolas faoi aon nithe ábhartha eile rialachais chorparáidigh.

Cruinnithe an Údaráis

Tionóladh 12 chruinniú fhoirmeálta Údaráis i 2020, agus d'fhreastail beirt Bhall an Údaráis orthu ar fad.

Saoráil Faisnéise

Tá ÚCIM faoi réir ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF) agus tá teoir againt don phobal maidir le conas teacht ar thaifid faoi SF, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.sfpa.ie. I 2020, fuair ÚCIM naoi n-iarratas SF.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2018 cearta dlí dóibh siúd atá ag iarraidh teacht ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí leithéidí ÚCIM.

Faoi na rialacháin seo, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá á coimeád ag nó ar son údaráis phoiblí, a chur ar fáil ar iarratas, faoi réir ag eisceachtaí áirithe. Cuireann rialacháin RFC iachall ar na húdaráis phoiblí freisin bheith onghníomhach maidir le faisnéis chomhshaoil a sholáthar don phobal. Tá faisnéis foilsithe ag ÚCIM ar a shuíomh gréasáin maidir le conas is féidir le baill den phobal faisnéis a lorg faoi RFC.

Soláthraíonn Rialacháin RFC sainmhíniú ar cad is faisnéis chomhshaoil ann agus tugann siad breac-chuntas ar an tslí inar féidir iarratais ar fhaisnéis a chur faoi bhráid na n-údaráis poiblí agus an tslí ina bhfuil iachall ar údaráis phoiblí plé le hiarratais, m.sh. achair ama le haghaidh freagra. Déanann na rialacháin soláthar freisin do ghnáthamh foirmeálta achomharc sa chás go mbeadh duine míshásta le cinneadh i leith a n-iarratais.

I 2020, fuair ÚCIM 1 iarratas RFC.

Iarratais Duine ar a Shonraí faoi GDPR

Tá faisnéis curtha ar fáil ag ÚCIM ar a shuíomh gréasáin maidir le conas is féidir le daoine is ábhar do na sonraí teacht ar a gcuid faisnéise pearsanta atá á coimeád ag ÚCIM. I 2020, d'fhreagair ÚCIM ar cheithre iarratas den chineál seo.

Nochtuithe Cosanta

Tá Doiciméid Threorach forbartha ag ÚCIM d'fhoireann ÚCIM agus d'oibrithé ó taobh amuigh de ÚCIM ar féidir gur mian leo nochtú cosanta a dhéanamh do Bhall den Údarás faoi Ionstraim Reachtuil 339 ó 2014.

Tá treoir d'oibrithé seachtracha foilsithe ar shuíomh gréasáin ÚCIM. Lean ÚCIM air de bheith ag soláthar oiliúna don Fhoireann mar chuid d'oiliúint nua Ionduchtúcháin Fhoirne faoi Nochtuithe Cosanta. Ní bhfuair ÚCIM aon Nochtuithe Cosanta i 2020. Bhí Nochtadh Cosanta a fuarthas i 2018 fós á mheasúnú agus á fhiosrú de réir mar is cuí le linn 2020.

Gearáin faoi Alt 49

Tá oifigeach gearán ag ÚCIM ó lasmuigh den Údarás chun breithniú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt go neamhspleách faoi ghearán a dhéantar faoi Alt 49 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlíne Mhuirí 2006. Is féidir gearán a chur faoi bhráid an Oifigigh Ghearán agus tá na sonraí faoi sin foilsithe ar shuíomh gréasáin ÚCIM.

Ní féidir le gearáin faoin ngnáthamh seo bheith ag baint le haon ní seachas forfheidhmiú an iascaigh mhara nó an dlí shábháilteachta bia. Is féidir le gearánaithe gearán a dhéanamh d'Oifigeach Gearán faoi Alt 49 ag aon chéim laistigh de 28 lá tar éis na himeachta. Is féidir gearán a dhéanamh ar son duine aonair ag a n-eagraíocht táirgeora nó ag eagraíocht ionadaíoch eile atá aitheanta. Ní bhfuarthas aon ghearán den chineál seo ag Oifigeach Alt 49 i 2020.

Caighdeáin do sholáthar faisnéise ag comhlachtaí faoi choimirce na Rann Rialtais

Cuireadh Gnáthamh Dála i bhfeidhm i 2016 a leag síos caighdeáin do sholáthar faisnéise ag comhlachtaí faoi choimirce Rann Rialtais. Ba iad na príomhriachtanais ná:

1. Seoladh tiomnaithe ríomhphoist a sholáthar agus a chothabháil do bhaill an Oireachtais agus sin a chur in iúl/a phoibliú do na baill.
2. Cloí leis na spriocdhátaí agus na caighdeáin agus téarmaí aitheantais do fhreagraí substainteacha ar cheisteanna, mar seo a leanas:
 - Am freagra chun aitheantas a thabhairt: dhá lá oibre;
 - Ba chóir go mbeadh sonraí teagmhála don oifigeach a bheidh ag plé leis an gceist mar chuid den fhreagra aitheantais;
 - Am freagra do fhreagra substainteach – 10 lá.
3. Meicníocht/nós imeachta méadócháin oiriúnach a bhunú, go himheánach laistigh den chomhlacht agus go seachtrach laistigh den Roinn.
4. Duine a ainmniú ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí le freagracht do chinntiú soláthar tráthúil faisnéise do Thithe an Oireachtais agus dá gcuid ball.
5. Próiseas foirmeálta aiseolais a chur i bhfeidhm chun aiseolas a fháil ó bhaill an Oireachtais, .i. trí mheán suirbhéanna tréimhsiúla.
6. Tuairisc a thabhairt go bliantúil (ina dtuarascáil bhliantúil) faoi chaighdeáin chomhlíontachta.



I 2020, ní bhfuair ÚCIM aon iarratais do sholáthar faisnéise go díreach ó Bhaill an Oireachtais; atreoraíodh, áfach, 24 Cheist Pharlaiminteach ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chuig ÚCIM agus, i 19 gcás acu siúd, tugadh freagra díreach don Bhaill Oireachtais ábhartha laistigh den spriocdháta de thréimhse 10 lá idir fáil na ceiste agus eisiúint freagra shubstaintiúil. Tharla an mhoill maidir le freagra a thabhairt ar na cúig cheist eile mar gheall ar rochtain srianta ar fhaisnéis mar gheall ar shrianta atá i bhfeidhm de dheasca COVID-19.


Pleanáil Leanúnachais Ghnó

I 2019, chuir ÚCIM athbhreithniú cuimsitheach i gcrích ar a chuid Pleananna Leanúnachais Ghnó (PLG). De thoradh ar an athbhreithniú sin chuir ÚCIM clár i bhfeidhm chun cinntiú go mbeadh gach ball foirne de chuid ÚCIM in inmhe bheith ag cianobair más gá, agus an trealamh TF riachtanach a bheith curtha ar fáil. Cuireadh athbhreithniú breise i gcrích i Mí Mhárta 2020 le tús phaindéim COVID-19. Chinntigh an obair ullmhúcháin seo go raibh foireann ar fad ÚCIM feistithe le bheith ag obair taobh amuigh den Oifig nuair is gá. Tá ÚCIM tar éis cloí le treoirlínte Rialtais maidir le bheith ag cianobair nuair atá sin indéanta agus tá an eagraíocht tar éis leanúint uirthi de bheith ag soláthar seirbhíse rialála ar feadh na Paindéime.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I 2020, cuireadh in iúl do ÚCIM go raibh sé ar cheann de na comhlachtaí a tháinig faoi réim Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Rialacháin (um Chomhlachtaí Poiblí) 2019 (I.R. Uimh. 230 ó 2020) le héifeacht ó 25 Meitheamh 2020. Cuireadh tús le hobair chun cloí le dualgais na hEagraíochta faoin Acht.

Ag Cothú Éagsúlachta agus Cuimsithe



Cuireann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí eanála poiblí cuimhneamh ar an ngá atá ann chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint inár gcuid oibre laethúla. Tagraítear dó sin mar “Dualgas na hEanála Poiblí”.

Tá sé mar aidhm ag ÚCIM cinntiú nach ndéantar idirdhealú go díreach nó go hindíreach ar aon duine aonair ná grúpa ar chúis ar bith maidir le fostaíocht nó teacht a bheith acu ar a chuid seirbhísí.

Tá dréachtpholasaí Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe forbartha ag ÚCIM a chlúdaíonn fostú dhaoine a bhfuil míchumas orthu, comhionannas fostaíochta agus ionannas agus cur in iúl inscne. Mar chuid d’ár bplean oiliúna do 2021, beimid ag forbairt oiliúna ar líne (féinluais) a bheidh le leathadh amach chuig gach ball foirne maidir leis an gceist thábhachtach seo.

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Níl Bord ag ÚCIM faoi mar a thuigtear an coincheap sin de ghnáth, ach faoi láthair tá Údarás feidhmiúcháin beirt bhall aige. Ag 31 Nollaig 2020, bhí bean amháin (50%) agus fear amháin (50%) mar bhaill ag an Údarás, agus folúntas amháin ann freisin.

Comhlíonann an tÚdarás, mar sin de, sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad ag gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Clár CEMI na hÉireann

Clár CEMI na hÉireann



Is é Clár Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) na hÉireann an ciste do pholasaithe muirí agus iascaigh an Aontais Eorpaigh do 2014-2020. Áirítear é ar cheann de na cúig Chiste Structúrtha & Infheistíochta (CSI) Eorpacha a chomhlánaíonn a chéile agus a bhíonn ag iarraidh téarnamh fáis agus postbhunaithe a chothú san Eoraip. Déantar Clár CEMI na hÉireann a chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.

Leithdháiltear cion de bhuiséad iomlán an Chiste ar gach tír, agus ansin cuireann an tír le chéile clár oibríochtúil ina ndeirtear cén chaoi a bhfuil sé i gceist aici an t-airgead a chaitheamh. Is iad tosaíochtaí Chláir Oibríochtúil Iascaigh na hÉireann ná:

- Iascaigh a chur chun cinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, éifeachtach ó thaobh acmhainní de, nuálaíoch, iomaíoch agus eolasbhunaithe;
- Cothú do bharshaothraithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, éifeachtach ó thaobh acmhainní de, nuálaíoch, iomaíoch agus eolasbhunaithe;
- Cur i bhfeidhm an Chomhbheartais Iascaigh (CBI);
- Méadú fostaíochta agus aontachta teorann;
- Cothú margaíochta agus próiseála;
- Cur i bhfeidhm an Bheartais Mhuirí Chomhtháite (BMC);
- Cabhair theicniúil.

Dlúthchuid de CBI atá leasaithe agus atá i mbun leasúcháin is ea an ciste agus éascaíonn sé tionscadail chun feabhas a chur ar rialú monatóireachta agus iarrachtaí forfheidhmithe agus soláthraíonn sé rialáil níos fearr trí thionscnaimh mar seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua
- Soláthar ardoiliúna
- Cothú comhlíontachta

Mar rialtóir in earnáil an bhia mhara in Éirinn, leanann ÚCIM air de bheith ag cabhrú go mór sna réimsí riachtanacha ar fad chun tacú le Clár CEMI na hÉireann.

Thug ráig dhomhanda COVID-19 athruithe nach raibh coinne leo isteach san obair a bhí beartaithe i dtaca le Clár CEMI na hÉireann i 2020 agus cuireadh iachall ar ÚCIM tionscadail agus cláir a chur in oiriúint go tapa chun tacú le múnla cianoibre.

Bhí mar chuid de sin beartú nua tosaíochta riachtanas, athruithe sna pleananna tionscadail chomh maith le cineálacha nua cur chuige a thabhairt isteach chun an obair a sheachadadh. Ba é an toradh a bhí ar an atheagrú tionscadail seo ná béim níba mhó ar chur ar fheidhm/ athfhorbairt TF; cuireadh moill ar agus/nó cuireadh ar ceal roinnt oiliúna agus seimineár ar-an-láthair.

I 2020 leithdháileadh thart ar €1.2M ar raon tionscadal incháilithe; is tionscadail ilbhliantúla iad a lán acu seo a tugadh chun cinn nó a tionscnaíodh le linn na bliana faoi mar a gcuirtear síos air thíos.

Cothú Comhlíontachta

Leanadh ar aghaidh le tionscadail agus le tionscnaimh Choithaithe Chomhlíontachta i 2020. Ó 2016 ar aghaidh, is é cuspóir an tionscadail seo ná feachtas a spreagadh faoin CBI i measc na bpáirtithe leasmhara laistigh de Phobal Iascaireachta na hÉireann. Tugadh chun críche tionscadal tairsí inmheánaí ÚCIM i Mí Feabhra 2020 agus soláthraíonn sin acmhainn don fhoireann inmheánach ar fad chun tacú le agus dul i bhfeidhm ar phríomhriachtanais rialála. Cuireadh tús le feachtas na Líne Rúnda i 2020 agus é mar aidhm aige comhlíontacht a fheabhsú le rialacháin iascaigh agus sábháilteachta bia mhara trí thuairisciú méadaithe cásanna neamhchomhlíontachta do Líne Rúnda ÚCIM. Leanfar den fheachtas seo i 2021.

Cabhair Theicniúil

Agus tacaíocht á tabhairt do na húdaráis Rialaithe i seachadadh na dtionscadal ar fad a bhaineann le Clár oibríochtúil CEMI ÚCIM, cinntíonn an tionscnamh Cabhrach Teicniúla an cur i bhfeidhm agus bainistiú rafar sna tionscadail ar fad, lena n-áirítear maoirseacht, riar, bainistiú airgeadais & rialú do na tionscadail iomlána. Tá an sruth seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse Chláir oibríochtúil CEMI na hÉireann (2014-2020).



Oiliúint agus Malartú Foirne

Is tionscadal ilbhliantúil é Oiliúint agus Malartú Foirne, a tionscnaíodh i 2015 agus leanfar de a fhad a mhaireann Clár CEMI na hÉireann. Tá mar chuid de forbairt chlár oiliúna agus malartaithe idir Ballstáit, i monatóireacht, rialú agus faireachas na ngníomhaíochtaí iascaigh; cothaítear agus tacaítear ann le córais anailíse riosca a mbeidh de thoradh orthu réimeas níos éifeachtaí iniúchta mhara agus fhaireachais aeir chomh maith le réimeas ailínithe cladachbhunaithe. Mar gheall ar COVID-19 cuireadh siar roinnt tionscnamh oiliúna a bhí beartaithe i 2020, leithéidí oiliúint rioscabhunaithe agus oiliúint teicneolaíochta trealaimh; sholáthair Clár CEMI na hÉireann, áfach, tacaíocht leanúnach maidir le héascú oiliúna rialtóra do OCIM nua.

An Clár Náisiúnta um Sháruithe



Tá ÚCIM freagrach as forfheidhmiú reachtaíochta sábháilteachta iascaigh mhara agus bia mhara a ndéantar cur síos air in Acht IMDM 2006 agus in Acht ÚSBÉ 2009 i gcomhar le haon reachtaíocht ghaolmhar Eorpach. Bunaíonn Rialachán AE 1224/2009 córas rialála rialaithe phobail, leis an rialachán cur i bhfeidhm Rialachán AE 404/2011 chun comhlíontacht a chinntiú le rialacha an Chomhbheartais lascaigh. I 2020, le tacaíocht ó Chlár CEMI na hÉireann, thosaigh tionscadal an Chláir Náisiúnta um Sháruithe de bheith ag seachadadh mheicníocht fheabhsaithe chun sáruithe a cheapadh agus a thuairisciú a taifeadadh le linn iniúchtaí, chomh maith le feiceálacht níos mó a sholáthar faoi stádas na gcásanna agus tabhairt isteach Córais Bhainistithe Chásanna chun tacú leis an bhfeidhm fhorfheidhmithe. Leanfar den tionscadal seo i 2021.

Córais Bhainistithe Cháilíochta

D'aithin roinnt cinntí iniúchta bearnaí a éilíonn feabhsúcháin ar chreatlach ÚCIM do tháirgeadh, bainistiú leanúnach agus cur in iúl polasaithe, próiseas agus BIO (lena n-áirítear FFI agus Cláir Náisiúnta Rialaithe). Le tacaíocht trí Chlár CEMI na hÉireann, déanann tionscadal an Chórais Bhainistithe Cháilíochta (CBC) iarracht córas foirmeálta a thabhairt isteach a dhéanann doiciméadú ar phróisis, ar nósanna-imeachta agus ar fhreagrachtaí do bhaint amach polasaithe agus cuspóirí cáilíochta, agus gníomhaíochtaí na heagraíochta a chomhordú agus a dhíríú chun freastal a dhéanamh ar a chuid riachtanas rialála, ag cinntiú éifeachtacht fheabhsaithe ar bhonn leanúnach. Tionscadal ilbhliantúil a bheas sa tionscadal ar feadh ÚCIM, agus cuireadh tús leis i 2020.

VALID

Leagann tionscadal VALID, a tugadh isteach ag an gCoimisiún, amach na treoirlínte do bhailíochtú. Bíonn iachall ar na Ballstáit córais uathoibríthe a fhorbairt chomh maith le bunachair shonraí, agus é mar aidhm acu sonraí a bhailíochtú de réir an rialacháin, lena n-áirítear cros-seiceáil, anailísí agus deimhniúcháin. I 2020 sholáthair Clár CEMI na hÉireann tacaíocht do thabhairt isteach chros-seiceálacha nua uathoibríthe don chóras bailíochtaithe chomh maith le forbairt chórais cros-seiceála lán-uathoibríthe a thacaíonn le sannadh agus tuairisciú na gcos-seiceálacha. Leanfar den obair seo i 2021.

ieInspect

Le tacaíocht ó chlár CEMI na hÉireann, i 2020 forbraíodh feabhsuithe don fheidhmchlár ieInspect atá ann cheana chun tacú leis an riachtanas chun deireadh a chur le hiniúchtaí páipéarbhunaithe a chuirtear i gcrích faoi Aguisín XXVII de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin AE 404/2011. Bhí mar chuid de sin freisin uasghrádú chun tacú leis an bhformáid nua theachtaireachta chaighdeánaí, UNCEFACT, chun tacú le hiniúchtaí do shoithí ó gach Ballstát chomh maith le roinnt feabhsuithe aitheanta chun an méid ama a íoslughdú a theastaíonn chun iniúchadh a thabhairt chun críche go leictreonach.



Cianmhonatóireacht Leictreonach

Faoin moladh do rialachán nua AE (COM/2018/368 deiridh) a thugann le fios úsáid faoi shainordú CML ag Ballstáit mar uirlis chun comhlíontacht a chothú leis an dualgas tabhairt i dtír, faoin CBI, d'aithin ÚCIM riachtanas go dtuigfí na réitigh leictreonacha monatóireachta atá ann faoi láthair chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe agus a dhéanann monatóireacht ar chomhlíontacht an Dualgais Tabhairt i dtír. Trí Chlár CEMI na hÉireann, díríonn an tionscadal ar cuireadh tús leis i 2020 ar thabhairt isteach feidhmchlár agus trealamh a thacaíonn le cianmhonatóireacht leictreonach ar bord soithí iascaireachta agus cur i bhfeidhm an Dualgais Tabhairt i dtír trí na rudaí seo a leanas:

- Gabháil agus taifeadh gach imeachta iascaireachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann go díreach le DTT;
- Aithint iompair neamhchomhlíontaigh ar muir;
- Díspreagadh do ghníomhaíocht neamhdhleathach maidir leis an dualgas tabhairt i dtír;
- Uirlis mhonatóireachta níos éifeachtaí ó thaobh costais de ná úsáid bhreathnóirí ar bord soithí iascaireachta.

Athbhreithniú ar Chumas Eagraíochtúil an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara

I 2019 choimisiúnaigh ÚCIM Athbhreithniú ar Chumas Eagraíochtúil na hEagraíochta. Ba é príomhchuspóir an athbhreithnithe ná bheith ag cur le forbairt leanúnach agus todhchaí ÚCIM sa tslí go n-aithnítear é mar ghníomhaireacht fheabhais agus mar dheashampla do ghníomhaireachtaí eile. Ba é an réimse a cuimsíodh san Athbhreithniú seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar chumas eagraíochtúil ÚCIM cur lena mhisean de choimtmint do "rialú éifeachtach agus cothrom na n-earnálacha iascaigh mhara agus bia mhara atá mar chuid dá shainchúram. Ciallaíonn sin gach soitheach iascaireachta a bhíonn ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, soithí iascaireachta Éireannacha cibé áit a mbíonn siad ag feidhmiú, agus an bia mara ar fad a tháirgtear in Éirinn cibé áit a ndéantar margáíocht air."

Bhí i gceist leis an Athbhreithniú teagmháil fhorleathan leis na bainisteoirí agus leis an bhfoireann. Ina theannta sin, tharla teagmhálacha seachtracha le príomhpháirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí ionadaíocha.

Cuireadh an tAthbhreithniú Eagraíochtúil i gcrích ag soláthróir seirbhíse seachtrach chun cabhrú le ÚCIM maidir le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a chuid sainchúram. Cuireadh Grúpa Stiúrtha & Maoirseachta i bhfeidhm a chuimsigh triúr saineolaithe sinsearach, iad ar fad neamhspleách ar ÚCIM, chun maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú.

Cuireadh an Tuarascáil Athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis i Mí Aibreáin 2020 agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin ÚCIM. Scrúdaigh an Tuarascáil na réimsí seo a leanas, agus rinne sé moltaí ina dtaobh:

- struchtúr agus dearadh na heagraíochta;
- bainistiú straitéiseach;
- struchtúir inmheánacha & socruithe foirne;
- timpeallacht & próisis oibre caidrimh thionsclaíoch;
- foghlaim agus forbairt;
- cumarsáidí inmheánacha agus seachtracha.

Tá an tÚdarás tar éis glacadh go hiomlán leis na moltaí sa Tuarascáil agus i 2020 chuir an eagraíocht tús le cur i bhfeidhm treochláir chun na moltaí sin a sheachadadh. I Mí Iúil 2020, d'ainmnigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Bord Comhairleach chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí. Cuireadh tús le hobair i 2020 chun na meáin sin a aithint atá riachtanach chun cur le moltaí na tuarascála.

Tuarascáil an Choiste Iniúchta & Riosca

Is achoimriú í an tuarascáil seo den Choiste Iniúchta & Riosca (ÚCIM) ar a chuid príomhfheidhmeanna agus príomhaschur don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2020.

Baill an Choiste Iniúchta & Riosca

Peter G. Cowap – Cath.

Pat Farrell

Brendan O'Shea

Rav Vithaldas

Sean Angland – Leaschath.

Ní raibh aon athrú ar bhallaíocht an Choiste Iniúchta & Riosca ar fud na Bliana Airgeadais 2020 ó bhí 2019 ann.

Cruinnithe Coiste

Cuireann Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca iachall ar an gCoiste casadh le chéile ar a laghad ceithre huairte gach Bliain Airgeadais.

Bhuail an Coiste le chéile 6 huairte le linn 2020, is é sin le rá: 17 Feabhra, 27 Aibreán, 15 Meitheamh, 7 Meán Fómhair, 9 Samhain agus 14 Nollag (cruinniú le ARCC san áireamh). Mar gheall ar shrianta COVID-19, tionóladh cúig cinn de na cruinnithe seo go fíorúil. Ina theannta sin bhuaill baill an Choiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil a ullmhaíodh ag PwC faoi Chumas Eagraíochtúil an Údaráis, ar 26 Bealtaine, 2020.

Ina theannta sin tugadh cuireadh do na daoine seo a leanas freastal ar na cruinnithe: Baill an Údaráis Susan Steele (Cathaoirleach) agus Andrew Kinneen, an Stiúrthóir Airgeadais, Louise Murphy (agus a duine ionaid eatramhach, Teresa Godwin-Coombs) agus, ar iarratas, an Stiúrthóir Tacaíochta Trádála, Iniúchta Inmheánaí (seirbhísí gairmiúla curtha ar fáil ag Deloitte), Príomhoifigeach Eolaíochta agus Ceannasaí Breatimeachta, an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus an Stiúrthóir AD, chun freastal a dhéanamh ar chruinnithe. Tugadh cuireadh d'Fheidhmeannaigh agus d'Oifigigh bhreise an Údaráis bualadh le agus tuairisc a thabhairt don Choiste faoi nithe sonracha, m.sh. an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Oibríochtaí Poirt, an Príomhoifigeach Riosca agus an Stiúrthóir Forfheidhmithe. Is mian leis an gCoiste aitheantas a thabhairt don tacaíocht Rúnaíochta a chuir an tÚdarás ar fáil dó le linn 2020.

Róil & Freagrachtaí an Choiste Iniúchta & Riosca

Cabhraíonn an Choiste Iniúchta & Riosca leis an Údarás chun a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir le:

- Sláine an chórais airgeadais, an próiseas tuairisceoireachta airgeadais san áireamh;
- An Próiseas Bainistithe Riosca;
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh;
- An caidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste (ARCC);
- Próiseas agus rialuithe inmheánacha ÚCIM do mhonatóireacht chur i bhfeidhm Rialuithe Oifigiúla sna réimsí seo: iascach mara, sábháilteacht bhia mhara, Sláinte agus Sábháilteacht agus dlíthe agus rialacháin ábhartha eile;
- Cód Iompair ÚCIM;
- Feidhmíocht fheidhm Iniúchta Inmheánaigh Theicniúil agus Chorporáideach an Údaráis chomh maith le hIniúcháirí Neamhspleácha Gaolmhara.

Tá an Coiste Iniúchta & Riosca freagrach as comhairle a thabhairt don Údarás más rud é go bhfuil réimeas cuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ach níl sé freagrach as ceapadh ná cur i bhfeidhm a leithéid de réimeas.

Chuimsigh an obair agus na réimsí ar dhírigh an Coiste Iniúchta & Riosca orthu le linn 2020 iad seo a leanas:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ullmhacht agus ar fhreagra oibríochtúil an Údaráis, lena n-áirítear leanúnachas agus athshlánú gnó tar éis phaindéim COVID-19;
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar ullmhacht leanúnach an Údaráis don Bhreatimeacht agus go háirithe, na himpleachtaí poitéinsiúla DLÍ, Teicniúla, Oibríochtúla agus Rialála don Chomhlíontacht Trádála;
3. Ag fáil nuashonruithe tréimhsiúla faoin dul chun cinn maidir le roinnt ceisteanna dlí, comhlíontacha agus forfheidhmithe, lena n-áirítear Cás Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath FU16 (Breithiúnas ón gCúirt Uachtarach), tabhairt isteach 'Pointí Pionóis' agus córais VALID, srl;

4. Ag glacadh páirte san athbhreithniú ar Chumas Eagraíochtúil an Údaráis agus ar an gClár Claochlaithe gaolmhar agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis don Rialachas, don Bhainistiú Riosca, don Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh agus don Chomhlíontacht;
5. Faisnéisithe faoi dhul chun cinn agus faoi stádas fhreagra an Údaráis do Iniúchadh DG-Mare an AE agus Fiosrúchán Riaracháin an Choimisiúin ina dhiaidh sin, a bhain, inter alia, le comhlíontacht na Rialuithe Oifigiúla i dtaca le meá Thabhairt i dTír Pheiligeach chomh maith le gabhála Thuinnín Ghoirm;
6. Nuashonruithe maidir leis an bPlean Iniúchta Inmheánaigh do 2020, lena n-áirítear Iniúchtaí agus obair Dhearbhaithe dírithe ar an Ráiteas Bliantúil Rialachais agus an Ráiteas um Phróiseas Rialaithe Inmheánaigh, Conarthaí & Léasanna Tríú Páirtí agus Costais Taistil & Liúntais Chothaithe;
7. Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Phlean Iniúchta Inmheánaigh Theicniúil an Údaráis;
8. Athbhreithniú ar an Ráiteas Bliantúil Rialaithe Inmheánaigh do 2019 agus an Tuarascáil agus Ráiteas Airgeadais gaolmhara;
9. Ag déanamh teagmhála leis an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste, maidir le tabhairt chun críche Iniúchadh 2020 go háirithe, chun athbhreithniú a dhéanamh in éineacht leo ar a gcur chuige Pleanála Iniúchta do BA 2021, lena n-áirítear an tsuntasacht agus an tionchar a bheidh ag COVID-19 ar fud ghníomhaíochtaí ar fad an Údaráis.

Bainistiú Riosca

Áirítear mar cheann de phríomhróil an Choiste Iniúchta agus Riosca ná athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis Bhainistithe Riosca:

1. Bhí mar chuid den obair seo athbhreithniú leanúnach ar Pholasaí Riosca agus ar Inghlacthacht Riosca ÚCIM, in éineacht le feabhsuithe a thabhairt chun cinn maidir le bainistiú Chlár Riosca an Údaráis, in éineacht leis an bPríomhoifigeach Riosca;
2. Is léir gurbh iad na rioscaí nua agus a bhí ag teacht chun cinn do 2020 ná rioscaí a bhain le COVID-19, mar ar scrúdaigh an Coiste an tacar scoite rioscaí a aithníodh a bhaineann go sonrach le COVID-19, m.sh. Cianobair (rialuithe rochtana úsáideora), leithscaradh na ndualgas (mar shampla i dtaca le híocaíochtaí agus gníomhaíochtaí maoinithe), agus an iarmhairt ar riachtanais Rialála an Údaráis (m.sh. monatóireacht, iniúchadh, forfheidhmiú).

Ina theannta sin chuir an Coiste i gcrích athbhreithniú breise ar a chuid téarmaí tagartha agus thóg sé faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe maidir lena fheidhmíocht féin ar 4 Samhain, 2020.

Tosaíochtaí do 2021

1. Cinntiú go gcloítear le Plean Iniúchta Inmheánaigh agus Clár Iniúchta Theicniúil ÚCIM do 2021 agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí;
2. Athbhreithniú leanúnach ar Chlár Riosca ÚCIM, ag cur san áireamh bheith ag díriú ar COVID-19 agus ar rioscaí a bhaineann leis an tréimhse tar éis na Breatimeachta agus anailís doimhne breise téamacha, m.sh. TF agus Straitéis Sonraí;
3. Teagmháil a dhéanamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste maidir le sástacht iniúchta a sheachadadh
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí Fhiosrúchán Riaracháin Choimisiún an AE agus tionscnaimh rialaithe an Údaráis (m.sh. córas VALID) lena n-íarmhairt phoitéinsiúil a thuiscint agus a mheasúnú i dtaca le comhlíontacht Údarás Réimeas Rialuithe Oifigiúla an AE;
5. Tacú, de réir mar is cuí, le Clár Claochlaithe an Údaráis, atá deartha chun Athbhreithniú Eagraíochtúil PwC a chur i bhfeidhm, ag díriú go háirithe ar na himpleachtaí poitéinsiúla do Chreatlach Riosca agus Rialaithe an Údaráis chomh maith lena acmhainn chun riosca a láimhseáil;
6. Athbhreithniú ar an Ráiteas Bliantúil Rialaithe Inmheánaigh don Údarás agus ar an Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais ghaolmhara do 2020;
7. Leanúint ar aghaidh de bheith ag soláthar maoirseachta ar bhainistiú an Údaráis maidir le cinntí iniúchta a bhfuiltear fós ag feitheamh leo.

Conclúid

Ba mhaith le Baill an Choiste Iniúchta agus Riosca aitheantas a thabhairt do chomhoibriú agus do chabhair fhoireann ÚCIM le linn na bliana.

Bhí, go háirithe, iarrachtaí leanúnacha Bhaill an Údaráis chun Faisnéisithe agus Faisnéis faoi nithe a bhaineann leis an tionscal a éascú, úsáideach chun cabhrú leis an gCoiste le castacht na hEarnála lascaigh a thuiscint agus cuirtear fáilte rompu.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gurb ann dó go ginearálta, seachas na nithe sin atá ag brath ar Fhiosrúchán Riaracháin Choimisiún an AE atá ag dul ar aghaidh agus a dtagraítear dó thuas, gurb ann do chórais shásúla rialaithe inmheánaigh, bhainistiú riosca agus fhoinsí dearbhaithe.

Peter G. Cowap

Cathaoirleach

- Coiste Iniúchta agus Riosca ÚCIM

Nuashonrú AD

San iomlán líonadh 29 bpost le linn 2020. Caitheadh a lán ama le linn na bliana ar na próisis earcaithe agus ionduchtaithe.

Cuireadh an earcaíocht ar fad i gcrích ag AD ÚCIM le tacaíocht ó sholáthóir seirbhísí earcaíochta, de réir an Chóid Chleachtais do Cheapadh chuig Poist sa tSeirbhís Phoiblí agus laistigh d'ár mbuiséad pá leithdháilte.

San iomlán earcaíodh 31 phost mar ullmhúchán don Bhreitheacht ó bhí 2018 ann, lena n-áirítear 26 OCIM agus ról bhreise tacaíochta agus speisialtóra.

Earcaíodh cúig OCIM nua i 2020, iad lonnaithe i mBaile Chaisleáin Bhéarra, na Cealla Beaga, Dún Mór, agus Binn Éadair.

Tugadh acmhainní daonna d'Aonad nua Bainistithe Shonraí le linn na bliana (iad freagrach don Phríomhoifigeach Eolaíochta), aonad a bheidh ag díriú ar chomhthiomsú, anailísíú agus léiriú na sonraí sin atá ar fáil do ÚCIM.

Clár 1: Foirniú ÚCIM de réir Gráid Nollaig 2020

Príomhoifigeach	3
Príomhoifigeach Cúnta	9
Oifigigh Shinsearacha Phoirt	8
Oifigigh Chosanta lascaigh Mhara	82
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	13
Oifigeach Feidhmiúcháin	13
Oifigigh Chléireachais	20
Iomlán	148

Chuir foireann AD lenár bPlean Oiliúna do 2020. Ba é luach an chaiteachais oiliúna ná €106,317 in 2020, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht agus oiliúint eile. Tá san áireamh san oiliúint a eagraíodh ag AD:

Clár 2: Oiliúint Seachadta i 2020

Bainistiú Tionscadail	Oiliúint Athbhreithnithe Fheidhmíochta
Clár Forbartha Bainistíochta	Oiliúint Excel
Bheith i gceannas ar fhoirne ardfheidhmíochta	Seachaint Choimhlinte & Oiliúint Réitigh
Scileanna agallaimh inniúlachtbhunaithe	Oiliúint faoi Phainéil Agallaimh
Scríobh tuairiscí	Oiliúint i dTeangacha
Oiliúint Bhainistithe Ama	Dínit san Obair

Léargas Ginearálta ar Úsáid Fhuinnimh

San iomlán chaith ÚCIM 1,133,683 kWh fuinnimh i 2020; tá an anailís mar chéatadán faoi mar atá léirithe i bhFig. 1. Laghdú a bhí ann sa tomhaltas fuinnimh de 36% i gcomparáid le 2019. Tharla an laghdú seo go príomha mar gheall ar an laghdú ó thaobh aerthaistil de le linn na bliana de dheasca na paindéime.

I mbliana, arís eile, ba bhreoslaí iompair a bhí i gceist leis an gcéatadán is airde den tomhaltas fuinnimh laistigh de ÚCIM ag 45%. Feithiclí bóthair a bhí i gceist le 40% den úsáid iomlán fhuinnimh agus ní raibh i gceist le taisteal aeir ach 5%. Chuaigh an tomhaltas de dhíosal bóthair i laghad faoi 17% le hais na bliana seo caite mar gheall ar dhiúscairt loingeas ÚCIM i Mí na Nollag 2019 agus freisin mar gheall ar shrianta taistil COVID-19. D'áistrigh ÚCIM go múnla míleáiste príobháidigh i R4 2019. Ní thuairiscítear míleáiste phríobháideach do chuspóirí thuairisceoireachta ÚFIÉ; cuireadh san áireamh é, áfach, do chuspóirí na tuarascála bliantúla seo chun fírléiriú a thabhairt ar an laghdú iomlán iompair bliain ar bhliain. Coimeádadh líon beag feithiclí fóntais roinnte lena n-úsáid i ngach port.

Níorbh ann d'aon Phatról RIB le linn Séasúr an Earraigh / an tSamhraidh i 2020, rud a chuaigh i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar úsáid pheitрил. Léirigh taisteal aoir laghdú iomlán de 77% le hais na bliana roimhe sin. Tharla sin mar thoradh díreach ar na srianta maidir le taisteal thar lear a cuireadh i bhfeidhm le linn na paidéime.

Tomhaltas leictreachais a bhí i gceist le 31% den úsáid iomlán fhuinnimh, a chuaigh i méid faoi 4% bliain ar bhliain ó 2019. Tugadh chun críche áis fhóntais agus stórála nuathógtha ar Dhuínis le linn 2020, áit a soláthraíonn stóráil, limistéar saotharlainne, seomraí feistis agus limistéar triomaithe d'úsáid fhoireann ÚCIM.

Chuaigh líon na bhfostaithe idir deireadh 2019 agus deireadh 2020 i laghad ó 133 go 148 ball foirne.

Chuaigh an téamh i méid faoi 8% le hais 2019, go háirithe i gCloich na Coillte. Roinneann ÚCIM ionad Chloich na Coillte le BIM agus cionroinneann sé na costais fhóntais bunaithe ar an limistéar iomlán urláir. Roinneann ÚCIM a gcuid den Cheannoifig i gCloich na Coillte le roinnt bhall pearsanra de chuid RTBM freisin, agus iad i láthair san oifig i rith na bliana. Tá ceisteanna leis an aonad AHU a dhéanann freastal ar limistéir ghinearálta i gCloich na Coillte tar éis dul i bhfeidhm ar an éifeachtúlacht theirmeach ar an láthair freisin.

Bearta ar Tugadh Fúthu le bheith níos Éifeachtaí ó thaobh Fuinnimh de

Is cuid de líonra ÚFIÉ d'eagraíochtaí meánmhéide agus do líonra na hearnála poiblí é ÚCIM. Tuairiscíodh feidhmíocht fhuinnimh na heagraíochta don bhliain go díreach do ÚFIÉ chun dul chun cinn a rianú i dtreo na sprice atá i bhfeidhm don Eanáil Phoiblí faoi 2020, is é sin laghdú fuinnimh 33%.

D'aontaigh ÚCIM bheith páirteach i gClár Comhpháirtíochta Eanála Poiblí ÚFIÉ.


Cuireadh Iníúchtaí Fuinnimh i gcrích sna hionaid ar fad atá ag ÚCIM, is é sin 7 gcinn, agus táthar tar éis Straitéis Fhuinnimh ÚCIM 2020 - 2030 a fhorbairt agus é mar aidhm an sprioc seo a bhaint amach: úsáid fhuinnimh a laghdú 50% faoi 2030, faoi mar a threoraítear i bplean gníomhaíochta aeráide an rialtais.

Gníomhaíonn Coiste Scoile Éisc ÚCIM freisin mar ionadaithe fuinnimh i ngach ionad chun tacú le feachtas fhuinnimh. Déantar monatóireacht onghníomhach ar BMS, agus ar na córais téite agus aerchóirithe ar feadh an gheimhridh; déantar coigeartuithe de réir na haimsire agus déantar eisceachtaí do na tréimhsí saoire.

Bearta atá pleanáilte do 2021

- Déanfaidh ÚCIM machnamh faoi chlár athraithe go soilsiú LED i ngach ionad oifige.
- Déanfaidh ÚCIM plé faoi shuiteáil Phointí FL i ngach ionad Poirt i gcomhar le RTBM.
- Ba chóir go mbeadh laghdú iomlán taistil le tabhairt faoi deara tar éis dúinn glacadh le seachadadh ar líne oiliúna agus bheith ag eagrú cruinnithe ar líne.
- Tosóidh Bainisteoir Sláinte, Sábháilteachta agus Áiseanna ag obair le ÚCIM i Mí na Bealtaine 2021; spreagfaidh an duine seo cultúr feachtas fuinnimh agus bainisteoidh sé/sí tionscadail áiseanna mar chuid d'ár Straitéis Fhuinnimh.
- Leanfaidh ÚCIM air de bheith ag obair le feachtas feachtas fuinnimh d'fhoireann OOP ar fud an Stáit, Ag Optamú na Cumhachta ag an Obair, chun feabhas a chur ar chleachtas bhainistithe fhuinnimh i 2021.

Figiúr 1: Tomhaltas Fuinnimh: Kwh



Sláinte & Sábháilteacht

Cuspóir Sláinte & Sábháilteachta ÚCIM

Is é aidhm dhearbhaite ÚCIM ná go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí ina 'chuspóir fíorthábhachtach' i gcónaí. Baintear sin amach trí chleachtais oibre atá sábháilte, atá comhsheasmhach le cleachtais shábháilte oibre agus atá de réir na reachtaíochta agus na dtreoirínte sláinte poiblí. Bímid ag obair chun an cuspóir sin a bhaint amach ag gach am.



Bliain dheacair a bhí i 2020 agus bhí dúshlán bhreise i gceist leis le teacht COVID-19. Chun dul i ngleic leis sin agus chun leanúint ar aghaidh de bheith ag seachadadh gach aschuir de réir na haidhme dearbhaite, bhí sé riachtanach polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais oibre shonracha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm ar feadh gach réimse den eagraíocht.

Go ginearálta, tá ár gclár Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa fós onnghníomhach. Tá sé deartha chun freastal ar ionchas gach duine a bheith ag obair i dtimpeallacht shábháilte mar a ndéantar tascanna agus aschuir a mheasúnú go córasach agus go leanúnach chun aon ábhar guaise a liostáil agus a aithint. Ansin deartar é chun cleachtais agus nósanna imeachta oibre a cheapadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a théann i dtreo bhaint amach an ionchais seo. Is próiseas timthriallach é seo. Bíonn ár dtimpeallacht oibre agus ár gcuid aschur oibre faoi réir ag athruithe agus dá bharr sin tá sé riachtanach go bhfanadh ár gclár dinimiciúil, go nglacann an pearsanra ar fad leis, go bhfuil sé gonta agus go ndéanann sé iarracht cinnteacht a sholáthar. Ar feadh na bliana 2020, rinne ár gCoiste Sábháilteachta, ár bpríomhlondaithe Oibríthe, ár gcuid Maor Dóiteáin agus ár gcuid Freagróirí Garchabhrach ar fad a ndícheall chun na haidhmeanna seo a bhaint amach.

Torthaí Sláinte & Sábháilteachta ÚCIM

Ar fud 2020 thug ÚCIM roinnt cuspóirí chun críche go rafar, mar seo a leanas;

1. Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta - tugtha chun críche

Tábla 3: Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta 2020

Cur Síos	Líon Freastal
Ginearálta: Ar feadh na bliana 2020, sheachad ÚCIM 32 cúrsaí/imeachtaí oiliúna éagsúla a bhain le Sláinte agus Sábháilteacht don pearsanra trí fhreastal ar mheascán de chúrsaí (1) In-tí, (2) Ar Líne, (3) Príobháideach agus (4) Poiblí, faoi mar a ndéantar cur síos air thíos;	
3 x Ar Líne: Nósanna Imeachta Sábháilte Bordála	6
3 x S&S: Cúrsaí Oiliúna Ionduchtúcháin	8
4 x Ar Líne: Cúrsaí Oiliúna Oibre Aonair	8
2 x Cúrsaí Oiliúna Láimhsithe Sábháilte (Freastal go pearsanta)	6
7 x Cúrsaí Seimineáir Ghréasáin Láimhsithe Sábháilte	54
2 x Cúrsaí Oiliúna Feasachta Seaicéid Tarrthála (Oiliúint Phraiticiúil)	13
1 x Cúrsa Oiliúna Bhainistíochta Teagmhais Chriticiúil	16
4 x Cúrsaí oiliúna CCÉR-FGC	20
2 x Cúrsaí oiliúna (athnuachana) CCÉR-FGC	12
1 x Cúrsa Oiliúna Mhaoir Dhóiteáin	8
2 x Cúrsaí Oiliúna Ionad. Sábháilteachta	3
1 x Cúrsa Oiliúna Príomhonad. Oibrí COVID-19	10

2. Tionscnaimh S&S Maidir Le Covid-19:

- Tabhairt chun críche Phlean Freagartha ÚCIM
- Tabhairt chun críche mheasúnuithe áitíochta oifige
- Tabhairt chun críche mheasúnuithe Riosca a bhaineann go sonrach le COVID-19
- Tabhairt chun críche Threoirínte Oibríochtúla Sonracha do Bhordáil agus Iniúchadh Shoithí lascaireachta a bhaineann go sonrach le COVID-19
- Tabhairt cabhrach do dhréachtú Threoirínte Oibríochtúla COVID-19 d'iniúchtaí ag áitribh OGB.

3. Eisiúint & athbhreithnithe Ráiteas Sábháilteachta, BIO agus Doiciméad Treorach:

- Athbhreithniú leanúnach ar ár Ráiteas Sábháilteachta le dhá (2) leasú don doiciméad, a bhfuil i gceist leo;
 - Eagraghram athbhreithnithe ÚCIM
 - Garchabhróirí Meabhairshláinte ÚCIM (GCMS)
 - Painéal Athbhreithnithe Ionad. Sábháilteachta, Freagróirí Garchabhach agus Maor Dóiteáin
 - Tabhairt isteach Phríomhionad. oibrithe ÚCIM
 - Alt nua 6.5 maidir le COVID-19
- Agus muid ag leanúint ar aghaidh lenár gclár, rinneadh athbhreithniú ar gach BIO ÚCIM (10 gcinn) agus gach Doiciméad Treorach de chuid ÚCIM (4 chinn).

4. Éadaí agus Trealamh Cosanta Pearsanta (ÉTCP):

- Tugadh chun críche sceideal ÉTCP a bhaineann go sonrach le COVID-19 chomh maith lena ndáileadh ar gach ionad;
- Soláthar leanúnach ÉTCP ginearálta trí chonradh CH Marine.



5. Timpistí / Teagmhais Ionaid Oibre:

Faoi mar atá ráite againn, bímid ag obair i dtimpeallacht atá cuíosach contúirteach agus a bhíonn ag athrú, agus cé gur gá gurb é an bunchuspóir a bheadh againn, sa mhéid go bhfuil sin indéanta, ná bliain gan timpiste / teagmhas a bhaint amach, mar gheall ar an timpeallacht seo beidh sé i bhfad níos deacra an cuspóir seo a bhaint amach.

Dá bharr sin, is dócha go dtarlóidh Timpistí, Teagmhais nó Imeachtaí Neastimpiste. Tá tuairisciú na rudaí seo ríthábhachtach, áfach, chun cabhrú le haon neamhréiteach a aithint inár gcuid prótacal agus nósanna imeachta agus ansin chun dul i bhfeidhm ar na hathbhreithnithe riachtanacha agus iad a fhorbairt. Tá sé riachtanach freisin chun cabhrú le cinntiú go soláthraímid agus go mbainimid úsáid as míreanna ÉTCP atá de réir na gcaighdeán cleachtais is fearr.

Bliain cuíosach rafar a bhí i 2020, le tuairisciú 3 thimpiste / theagmhais. Bhí dhá chinn de na Timpistí intuairiscithe don Údarás Sláinte & Sábháilteachta (ÚSS) de réir na reachtaíochta; bhain siad le Timpiste Tráchta ar Bhóithre agus le Timpiste Láimhsithe Shábháilte. Mar gheall ar an tríú timpiste eisíodh Tuairisc Chomhairleach Shábháilteachta.

Comhairligh

Breathnaítear ar ÚCIM mar an fhoinse údarásach eolais faoi chosaint agus faoi rialáil iascaigh agus tháirgthe bhia mhara.



Ag Cothú Comhlíontachta

Meabhrán Tuisceana idir ÚCIM agus RTBM

Síníodh Meamram Tuisceana (MT) idir Rannáin ÚCIM agus RTBM i gCloich na Coillte, maidir le soláthar sonraí agus seirbhísí, i Mí Aibreáin 2018.

Sonraíonn an MT na hamlínte seachadta, leibhéal agus cáilíocht sonraí atá riachtanach, agus déanann sé iarracht cinntiú nach ndéantar a leithéid d'íarratais le haghaidh sonraí a lorg nuair atá sin riachtanach, ag cur san áireamh na hacmhainní sin a theastaíonn chun freastal ar íarratais ad hoc.

Le linn 2020, san iomlán fuarthas agus rinneadh próiseáil ar 259 gceist i gcomparáid le 267 i 2019. Ceisteanna a bhain le cúrsaí sonraí a bhí i gceist le 43% acu, faoi mar a gcuirtear síos air i dTábla 4 thíos.

Tábla 4: Ceisteanna RTBM

Rannóg	Líon
Breatimeacht	5
Sonraí	142
Dún Mór	3
Tacaíocht lascaigh agus Bhia	12
Binn Éadair	13
Na Cealla Beaga	3
Cúrsaí Dlí	13
Oibríochtaí	43
Ros an Mhíl	2
Trádáil	8
Eile	14
Grúpa Bainistithe Iarmhar Trasghníomhaireachta ÚSBÉ	1
Iomlán	259

Tuarascálacha Staide RTBM

I Mí Mhárta 2020, thosaigh ÚCIM de bheith ag soláthar Thuarascáil Staide Laethúla faoi Ghníomhaíocht lascaireachta agus faoi Ghníomhaíocht Ghnólachta Bhia do RTBM mar chuid d'fhaisnéisithe Laethúla COVID-19. Leanadh ar aghaidh leis sin go deireadh Mhí Mheithimh 2020 nuair a laghdaíodh iad go dhá uair in aghaidh na seachtaine agus ina dhiaidh sin go huair amháin in aghaidh na seachtaine.

Fógraí Faisnéise lascaigh

D'fhoilsigh ÚCIM 11 Fhógra Faisnéise lascaigh (FFI) i 2020 ar ár suíomh gréasáin, mar seo a leanas:

1. FFI 1-2020 Dúnadh Limistéar Caomhantais na Mara Ceiltí
2. FFI 2-2020 Dúnadh Bhosca Troisc Mhuir Éireann
3. FFI 3-2020 Stuáil ar leith na nGabhálacha Grinnill
4. FFI 4-2020 Bonnlínte Cóstacha na hÉireann
5. FFI 5-2020 Séasúr Dúnta don Séacla
6. FFI 6-2020 Oibrítheoirí Faofa atá ag miondíol don tomhaltóir deiridh
7. FFI 7-2020 Soithí Tráchtála nó Táirgeoirí Dobharshaothraithe a dhíolann go díreach don tomhaltóir deiridh
8. FFI 8-2020 Limistéar Dúnta Bhanc Porcupine
9. FFI 9-2020 Comhlíontacht Dualgais Tabhairt i dTír
10. FFI 10-2020 Iascach Doingin Mhara
11. FFI 11-2020 Tuinnín Gorm

An Coiste Comhairleach Um Chosaint Iascaigh Mhara

D'éascaigh ÚCIM dhá chruinniú de Choiste Comhairleach Cosanta Iascaigh Mhara i Mí Mheithimh faoi Thuarascáil Athbhreithnithe Eagraíochtúil ÚCIM agus i Mí Mheán Fómhair faoin mBREATIMEACHT agus faoi chóras na bPointí.

Baill an Choiste

Ba iad baill an Choiste Chomhairligh i 2020 ná:

Gillian Mills (Cath.)	Inshore Ireland
Catherine McManus (Leaschath.)	Marine Harvest
Ann-Marie Mulloy-Gautier	Connemara Seafoods Teoranta
Eamon Dixon	Cumann Iascairí Cladaigh Iorrais
John Power	Ionad. Iascairí Cladaigh. Comharchumann Gliomaigh Loch Garman.
Ebbie Sheehan	Cumann Iascairí na hÉireann
Lorcán Ó Cinnéide	Cumann Iompórtálaithe & Easpórtálaithe Éisc na hÉireann
John Ward	Cumann Táirgeoirí Éisc na hÉireann
David Kirwan	Cumann Táirgeoirí Éisc Dheisceart agus Oirthear na hÉireann
Anthony Sheehy	Cumann Táirgeoirí Éisc Dheisceart agus Iarthar na hÉireann
Norah Parke	Cumann Iascairí na gCealla Beaga
Sean O'Donoghue	Cumann Iascairí na gCealla Beaga
John Harrington	Kush Seafoods Teoranta
Paul Connolly	Marine Institute



Tá feidhmeanna an Choiste Chomhairligh leagtha síos in Acht Iascaigh Mhara & Dlíne Muirí 2006, mar seo a leanas:

- cúiseanna imní agus tuairimí na n-earnálacha iascaigh agus bia mhara a chur in iúl don Údarás maidir le feidhmeanna an Údaráis;
- bheith ag iarraidh na hearnálacha iascaigh agus bia mhara a choimeád ar an eolas go ginearálta faoin dlí infheidhmithe iascaigh mhara agus sábháilteachta bia, chomh maith leis na caighdeáin, treoirlínte, cleachtais agus nósanna imeachta a fheidhmítear ag an Údarás maidir le forfheidmiú an dlí sin;
- comhairle a thabhairt don Údarás maidir leis an ualach a choimeád ar earnálacha an iascaigh agus an bhia mhara go ginearálta maidir le comhlíonadh an dlí sin sa mhéid is lú is féidir atá comhsheasmhach leis na cuspóirí riachtanacha agus forfheidmiú éifeachtach an dlí sin;
- comhairle a thabhairt don Údarás maidir lena chuid tuairimí faoi chothroime agus faoi chomhsheasmhacht oibríochtaí an Údaráis;
- bheith ag lorg seachadadh ardchaighdeáin seirbhíse ag an Údarás.

Ag Cothú Comhlíontachta

Freastal ar Chruinnithe Eorpacha

DG MARE - Coimisiún an AE

Seo a leanas DG MARE:

- an timpeallacht mhuirí a chosaint agus iomaíocht na hEorpa á cothabháil;
- an comhbheartas iascaigh nua a chur i bhfeidhm;
- poitéinseal fharragí na hEorpa a úsáid chun poist inbhuanaithe a chruthú a chaomhnaíonn acmhainní nádúrtha;
- rialacha a leagan síos do bhainistíú agus do rialachas aigéin an domhain in éineacht le comhpháirtithe domhanda.

Glacann ÚCIM páirt i gcruinnithe teicniúla a eagraítear ag DG MARE i réimse an Rialaithe agus an Fhorfheidhmithe.

Grúpa Saineolach Eorpach um Rialú Iascaigh

Chun cinntiú go mbaineann an Comhbheartas Iascaigh leas as an gcomhairle is fearr eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch bhunaigh an Coimisiún Grúpa Oibre Saineolach um Rialú Iascaigh.

Is é Ról an Ghrúpa Shaineolaigh ná:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla na monatóireachta agus an iniúchta i réimse an iascaigh;
2. Cabhrú leis an gCoimisiún in ullmhú thograí reachtaíochta agus thionscnamh polasaí;
3. Comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit, chun malartú tuairimí a éascú.

Bíonn na cruinnithe le saineolaithe rialaithe na mBallstát tiomanta do rialú agus d'fhorfheidhmiú rialacha an CBI. Cabhraíonn an grúpa saineolach freisin chun comhoibriú a fhorbairt le agus idir Ballstáit, chun moltaí a fhorbairt agus chun a gcur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú. Clúdaíonn na cruinnithe ceisteanna rialaithe freisin faoi chomhaontú na hEagraíochta Réigiúnaí Bainistithe Iascaigh agus tríú tíortha. Mar gheall ar shrianta COVID-19 níor eagraíodh aon chruinnithe den Ghrúpa Saineolach Rialaithe i 2020.

An Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (GERI). Is é misean na gníomhaireachta ná na caighdeáin choitianta is airde is féidir a chothú don rialú, don iniúchadh agus don fhaireachas faoin CBI. Is é an príomhról atá aige ná comhordú agus comhoibriú a eagrú idir gníomhaíochtaí náisiúnta rialaithe agus iniúchta sa tslí go gcloítear le agus go gcuirtear i bhfeidhm rialacha an CBI go héifeachtach.

Is í breisLuach obair na gníomhaireachta ná an méid a chuireann sé le réimse gníomhaíochta ag leibhéal na hEorpa don tionscal iascaireachta sa tslí go gcloíonn gach duine le dualgais Eorpacha agus go bpléitear go combhionann le gach duine san earnáil, cibé áit ina mbíonn siad ag feidhmiú. Ar an dara dul síos, cuireann sí le hiascach inbhuanaithe trí fheabhas a chur ar chomhlíontacht le bearta caomhnaithe agus bainistithe atá ann cheana chun tairbhe na gluíne seo agus na nglúnta atá le teacht.



Bord Riaracháin GERI

Déanann ÚCIM ionadaíocht ar son na hÉireann ar Bhord Riaracháin GERI. Tá mar chuid den Bhord Riaracháin ionadaí amháin ó gach Ballstát agus seisear ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach. Seo a leanas cuid de róil an Bhoird Riaracháin:

- Glacadh le clár oibre ilbhliantúil na Gníomhaireachta a leagann síos a chuid cuspóirí ginearálta, a shainchúram, a chuid tascanna, a chuid táscairí feidhmiúchta agus na tosaíochtaí do gach gníomh de chuid na Gníomhaireachta thar thréimhse 5 bliana;
- An Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh;
- Glacadh le tuarascáil ghinearálta na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin;
- Glacadh le Buiséad Deiridh na Gníomhaireachta.

Chas an Bord Riaracháin ar a chéile uair amháin i 2020.

Ag Cothú Comhlíontachta

Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha GERI

I 2020, d'fhreastail ÚCIM ar Ghrúpaí Stiúrtha Réigiúnacha, a raibh GERI á n-óstáil. Cuireann rialachán (1224 ó 2009) Rialaithe lascaigh an AE ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhar leis na Ballstáit, glacadh le cláir shonracha rialaithe agus iniúchta (CSRI) d'iascaigh nó d'ímchuacha farraige sonracha. Déantar na SCIP seo a chur i bhfeidhm trí mheán Pleananna Comh-implonaithe (PCI).

Tá Éire páirteach i 3 SCIP, is é sin le rá Uiscí an Iarthair, an Mhuir Thuaidh agus CIATT. Chun na SCIP seo a chomhordú táirgeann GERI PCI do gach SCIP. Leagann na PCI síos go ndéanfaí imlonnú mheán náisiúnta roinnte a chomhordú ag GERI i gcomhar leis na Ballstáit agus go minic bíonn comhordaitheoirí náisiúnta i láthair ag áitribh de chuid GERI. Tá mar chúram ag an nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach (GSR) a bhfuil mar chuid de ionadaithe ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó GERI cur i bhfeidhm ceart an phlean a chinntiú. De ghnáth buaileann an GSR le chéile 2/3 uair le linn na bliana ag oifigí GERI i Vigo; i 2020, áfach, tionóladh na cruinnithe ar fad ar líne.

An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh

Is é an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (CIATT) an GERI don Atlantach Thoir Thuaidh. Téann an limistéar atá clúdaithe ag Coinbhinsiún CIATT ó phointe theas na Graonlainne, soir go Muir Barents agus ó dheas chun na Portaingéile.

Tá na moltaí a nglacann CIATT leo ina gceangal dlí. Glacann ÚCIM páirt i gcruinnithe teicniúla PECMAC de chuid CIATT mar chuid de thoscaireacht an AE ag cruinnithe CIATT.

PECMAC- An Buanchoiste um Monatóireacht & Comhlíontacht

Cuimsíonn an Coiste seo ionadaithe ó Pháirtithe Conarthacha ar fad CIATT. Tá sé freagrach as comhairle a thabhairt do Choimisiún CIATT faoi cheisteanna a bhaineann le rialuithe iascaigh agus forfheidhmiú na Scéime CIATT. Is gnáth go mbuaileann PECMAC le chéile 2/3 uair in aghaidh na bliana ag oifig CIATT i Londain. I 2020, tionóladh na cruinnithe seo ar líne.

Cruinniú de Ghrúpa Oibre Mhoileasc Débhlaoscach Beo an AE

Déanann ÚCIM freastal, agus é mar ionadaí ag Éirinn, ar chruinniú grúpa oibre an AE faoin Moileasc Débhlaoscach, a bhfuil an Coimisiún mar chathaoirleach air.

Ag an bhfóram seo déantar athruithe beartaithe i dtaca le reachtaíocht i réimse riachtanais sláintíochta bia na Moileasc Débhlaoscach Beo a phlé leis na Ballstáit. Cuirtear béim freisin ar aon cheisteanna a aithnítear ag Ballstát/Ballstáit maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha ag na cruinnithe agus pléitear iad. Cuirtear moltaí ar aghaidh chuig an gCoimisiún freisin. Tá ról suntasach curtha i gcrích ag ÚCIM i dtaca le haighneachtaí a ullmhú i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus le bheith ag déanamh láithreoirachtaí ag na cruinnithe seo. Tá caidreamh maith oibre cruthaithe ag ÚCIM le hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile ag na cruinnithe seo.

I measc na bpríomhcheisteanna a pléadh le déanaí tá: an Rialachán nua Rialaithe Oifigiúil - Rialachán 625/2017 (OCR), an Noraivíreas sna hoisrí agus rialuithe sa réimse seo, rialuithe oifigiúla Muiríní, tuairimí ÚESB, athruithe molta don reachtaíocht i dtaca le moilisc dhébhlaoscacha bheo, anailís agus modhanna biatocsaine, Trádáil Mhoileasc Débhlaoscach Beo idir an AE agus SAM.

Cuireann ÚCIM le pléite freisin faoi thograí agus faoi reachtaíocht a chuirtear i láthair ag na cruinnithe seo a leanas, a ndéanann ionadaí ó RTBM freastal orthu:

Grúpa Saineolach an AE um Shláintíocht Bhia agus Rialú Bia de Bhunús Ainmhí

Pléitear riachtanais agus rialuithe oifigiúla Sláintíochta Bia faoi gach táirge de Bhunús Ainmhí lena n-áirítear Moilisc Dhébhlaoscacha Bheo agus Táirgí Iascaigh ag na cruinnithe seo. Cuirtear athruithe reachtaíochta atá molta ar fud an tslabhra bhia i láthair ag na cruinnithe seo agus cuirtear tuairimí chun tosaigh ag na Ballstáit. Cuirtear béim agus pléitear freisin aon cheisteanna a aithníonn Ballstát ag an bhfóram seo.

An Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Bia Ainmhithe: Sábháilteacht Bhitheolaíoch an tSlabhra Bhia

Tá mar chuid den Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Bia Ainmhithe (PABBA) ionadaithe ó gach tír AE a bhfuil ionadaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh mar uachtarán air. Cuireann an Coimisiún Dréachtrialacháin i láthair ag na cruinnithe seo le go ndéanfaí vótáil fúthu agus le go ndéanfaí tuairimí a mhalartú ina leith.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, agus i gcomhar le RTBM, tugann ÚCIM tuairimí saineolacha faoi na tograí agus na ceisteanna éagsúla a phléitear ag na cruinnithe seo.

Tuarascáil an Stiúrthóra Oibríochtaí Poirt:

Adrienne Patterson

Tionchar COVID-19 ar an Tascáil Oibríochtúil

Cosúil lena lán eagraíochtaí eile chuaigh COVID-19 i bhfeidhm ar obair ÚCIM. I Mí Mhárta 2020, thug ÚCIM bearta isteach chun cinntiú go raibh agus go bhfuil táirgeadh agus cur ar an margadh bhia mhara atá sábháilte á chabháil i gcónaí chomh maith le leanúnachas ár róil trádála, ag tairiscint cosanta ag am céanna d'ár gcuid cigirí le linn phaindéim COVID-19.

Ar feadh na paindéime, lean ÚCIM air de bheith ag cothabháil a chuid iascach mara agus a chuid seirbhísí sábháilteachta bia mhara, le roinnt mionathruithe, le sláinte agus sábháilteacht a chuid foirne agus comhghleacaithe tionscail a chinntiú, de réir threoirlínte an Rialtais agus chomhairle na FSS. Is í sábháilteacht ár bhfoirne agus ár gcuid comhghleacaithe tionscail an chloch is mó atá ar ár bpaidrín fós.

Ó thosaigh paindéim COVID-19, cuireadh iachall orainn roinnt athruithe a chur i bhfeidhm maidir leis an tslí ina mbímid ag cur ár ngnó i gcrích, lena n-áirítear athruithe inár gcuid nósanna imeachta oibríochtúla, chun sábháilteacht ár bhfoirne agus ár gcuid comhghleacaithe tionscail a chinntiú, agus muid ag leanúint ar aghaidh lenár gcuid seirbhísí rialála. Bhí mar chuid de sin foinsiú Trealaimh Chosanta Phearsanta Bhreise agus cur i bhfeidhm prótacail maidir le dul ar bord soithí agus muid ag tabhairt faoi iniúchtaí agus éisc á dtabhairt i dtír. Cuireadh gnáthiniúchtaí bordála agus iniúchtaí áitribh ar fionraí ar feadh tréimhse le linn 2020 ar na cúiseanna atá luaite thuas. Cé gurbh ann go fóill do chásanna a déiligh bordáil soithí iascaireachta agus dul isteach go hionaid bia le linn na tréimhse seo, mar shampla nuair a aimsíodh neamhchomhlíontachtaí nó nuair a bhí báid á gcoinneáil ag an tSeirbhís Chabhlaigh, tugadh isteach bearta breise sábháilteachta chun ár bhfoireann, baill an tionscail agus an pobal a chosaint.

B'éigean dúinn na hathruithe sealadacha seo a dhéanamh d'ár gcuid oibríochtaí ach leanamar orainn de bheith ag déanamh monatóireachta ar ghníomhaíochtaí chun ábhar neamhchomhlíontachtaí a aimsiú. Le linn 2020, rinneadh monatóireacht mhéadaithe ar ghníomhaíocht ar muir ag OCIM agus bhí méadú le sonrú ar líon na n-iniúchtaí cois cé nuair a thagann soithí i dtír, agus freisin i dtaca le hobair leantach ar chros-seiceálacha iarthabhairt i dtír. Ó thaobh sábháilteachta bia mhara de, tugadh faoi chianiniúchtaí ag úsáid ardán ar líne. Chomh maith leis sin lean ár gcuid OCIM orthu de bheith ar fáil le tabhairt faoi iniúchadh agus faoi dheimhniúchán earraí le haghaidh easpórtála. Leanann OCIM orthu de bheith ag tógáil samplaí sliogéisc ó limistéir ina bhfuil táirgeadh ar siúl.

VALID

Le linn 2020 thug ÚCIM chun críche leathadh amach mhór-chórais nua TF atá deartha chun tacú



le comhlíontacht mhéadaithe leis na rialacháin iascaigh mhara. Déanfaidh VALID, córas cros-seiceála lánuathoibríthe, sonraí a dheimhniú go huathoibríoch, i bhforam san áireamh. Fágfaidh an córas seo go mbeidh sé níos éasca na soithí sin a aithint a bhfuil riosca níos airde neamhchomhlíontachta ag baint leo, ag cur ar chumas ÚCIM chomh maith lena chuid comhpháirtithe rialaithe, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór, acmhainní a dhíriú ar na soithí agus ar an ngníomhaíocht iascaireachta sin a éilíonn iniúchtaí níos dírithe.

Baineann an córas nua le gach soitheach Éireannach atá feistithe le córas leictreonach taifeadta agus tuairisceoireachta (CLT).

Forbraíodh VALID le haghaidh ÚCIM agus Lárionad Monatóireachta Iascaigh Óglaigh na hÉireann (LMI) ag Foireann Bhainistithe Fhaisnéise RTBM laistigh den Chóras Comhtháite Faisnéise Iascaigh (CCFI) reatha. Anois is féidir le ÚCIM agus LMI cros-seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar fhaisnéis sonraí a sholáthraítear sna logleabhair leictreonacha ag Máistir an tSoithigh agus córas leictreonach monatóireachta (CLM) an tsoithigh chomh maith le faisnéis a sholáthraítear ag ceannaitheoirí ar nótaí díolacháin, rud a cheadaíonn aithint láithreach neamhchomhsheasmhachtaí, earráidí agus faisnéis atá ar iarraidh.

Déanann ÚCIM/LMI monatóireacht agus obair leantach i dtaca le gach teip a chuirtear in iúl ag an gcóras maidir le sonraí chun iad a dhúnadh amach. Is féidir go ndéanfaí, mar chuid de sin, teagmháil leis an Máistir/Úinéir agus an ghníomhaíocht a chur in iúl dóibh ar féidir go mbeidh orthu í a dhéanamh. Má tharlaíonn teipeanna níos tromchúisí is féidir go mbeidh de thoradh air sin go ndéanfaidh ÚCIM/LMI gníomhaíocht sháraithe.

Tá obair ar siúl ar dhara céim an tionscadail, a cheadóidh giniúint tuarascálacha faoi chros-seiceálacha agus soithí aonair ar fud na cros-seiceálacha. Ceadóidh sin níos mó maoirseachta maidir le treochtaí neamhchomhlíonta agus Riosca.

Ag Cothú Comhlíontachta

Ullmhacht don Bhreathimeacht

Ar 31 Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Chuimsigh na 11 mhí eile den bhliain 2020 Idirthréimhse a mbeadh deireadh léi ar 31 Nollaig 2020. Bhain ÚCIM leas as an tréimhse sin chun bheith ag tógáil ó ullmhacht a bhí forbartha cheana i dtreo spriocdhátaí Breathimeachta arbh ann dóibh roimhe seo, chun bheith ag pleanáil don mhéadú suntasach dualgas reachtúil a raibh ar an eagraíocht aghaidh a thabhairt uirthi le Tríú Tír atá cóngarach ó thaobh tíreolaíochta de agus ar comhpháirtí suntasach trádála agus iascaireachta é. I gcomparáid leis na réimis atá i bhfeidhm idir Ballstáit an AE laistigh den Chomhphobal, tá na rialuithe bia agus iascaigh a chuireann ÚCIM i bhfeidhm d'idirphlé le Tríú Tíortha, an-éagsúil; go ginearálta bíonn dualgais oibrítheora agus riachtanais oifigiúla rialaithe níos troime i gceist. I dtéarmaí ginearálta bhí fócas 2020 ÚCIM ag athrú ó bheith ag tuiscint nádúr agus méid na n-athruithe sin, go tógáil an chumais riachtanaigh oibríochtúil leis na hathruithe sin a chur i bhfeidhm ó dheireadh na bliana, agus chun riachtanais a chur in iúl d'earnáil bhia mhara na hÉireann chun a n-ullmhacht a cheadú.

I 2020 rinneadh cuid mhór oibre i dtaca le tuiscint an dul chun cinn leanúnaigh idirbheartaíochta i dtreo caidrimh thodhchaí trádála agus iascaireachta idir an RA agus an AE, agus leis sin dualgais rialaithe, is dócha, maidir le trádáil agus iascaireacht. Do ÚCIM d'éiligh sin idirghníomhaíocht an-fheabhsaithe le rannáin éagsúla RTBM chun ailíniú a uasmhéadú leis an gcur chuige níos leithne náisiúnta agus Eorpach i dtaca leis an gcaidreamh todhchaí leis an RA, ag freastal ar chruinnithe éagsúla comhordaithe agus pleanála le hAonad Breathimeachta RTBM agus Aonad Polasaí lascaigh RTBM, ag imirt tionchair agus ag fáil tionchair araon maidir leis na hiarrachtaí náisiúnta pleanála. Le linn 2020, d'idirghníomhaigh ÚCIM go leitheadach agus go díreach le rannáin oibríochtúla RTBM, agus ghlacamar páirt i bhFóram Idirghníomhaíochta Breathimeachta ÚSBÉ, ag tabhairt le chéile gach údarás inniúil bia de chuid na hÉireann, le fócas ar leith ar rialuithe riachtanacha choinsíneachtaí bia a iompórtáiltear ó agus a easpórtáiltear chuig an RA. Ina theannta sin, i 2020, bhunaigh ÚCIM, an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann grúpa oibre sonrach faoi imeacht an RA, a bhfuil ÚCIM mar chathaoirleach air, chun ullmhacht a chinntiú i réimse an tabhairt i dtír díreach agus na hiascaireachta ar muir. Chuir ÚCIM freisin le cruinnithe le GERI agus le stáit chóstacha an AE chun ullmhacht riachtanach a chinntiú laistigh de phleanáil Chomhlimonaithe CIATT a chomhordaítear ag an ngníomhaireacht sin. Laistigh den eagraíocht, i 2020 rinneadh pleanáil imlonnaithe acmhainní, forbairt agus oiliúint níosanna imeachta, faisnéisithe leanúnacha

do lucht bainistíochta ÚCIM agus feidhmiú leanúnach an Choiste inmheánaigh um Phleanáil Breathimeachta.

Mar chuid d'obair chun cinn chomhlíontachta ÚCIM rinneadh obair ar leith maidir le hábharthacht agus cruinneas agus cuimsitheacht teachtaireachtaí ar www.sfpa.ie agus tugadh freagra ar cheisteanna lucht an tionscail ag sfpabrexit@sfpa.ie. I Ráithe 3 & 4 den bhliain 2020 cuireadh tuilleadh feabhais air sin le 3 chomhsheimineár tionscail le BIM/ÚCIM faoi ullmhacht don Bhreathimeacht, faisnéisithe ÚCIM-Coiste Comhairleach, agus cur chun cinn faisnéise sonraí chuig earnálacha de chuid Earnáil Bhia Mhara na hÉireann atá an-bhuailte ag an bhfadhb seo, m.sh. Táirgeoirí Muiríní.

Bhí an iarmhairt ar thrádáil choinsíneachta, idir iompórtálacha agus easpórtálacha, do tháirgí iascaigh chuig an RA agus ón RA, bhí sin cuíosach cinnte ag gach céim den Bhreathimeacht. I gcás na n-iompórtálacha ón mBreatain Mhór, bheadh lánphrótaicail tríú tír i bhfeidhm ó 1 Eanáir, réamhfhógra san áireamh, iontráil trí Ionad Rialaithe Theorann, teastais sláinte, agus i gcás iasc muirí a ceapadh san fhiántas, Teastais Ghabhála frith-INNN. Mar gheall ar chinntí a rinne RA i lár 2020 leagadh amach tabhairt isteach céimnithe maidir lena gcuid riachtanas iompórtála sábháilteachta bia siúd a bheith infheidhmithe d'easpórtálacha AE le linn 2021 agus ní láithreach ar 1 Eanáir. Mar sin de bhí obair ÚCIM i 2020 ag díriú ar na dualgais sin a bhainfeadh le feidhm ó 1 Eanáir, rialú iompórtála frith-INNN, deimhniúchán teastais ghabhála agus bailíochtú teastais ghabhála easpórtála san áireamh; ach rinneadh breithniú freisin faoin deimhniúchán sláinte easpórtála a bheadh infheidhmithe ó 1 Aibreán.

I gcás na n-iompórtálacha ba é an t-athrú suntasach a d'éascair do ÚCIM ná an gá atá ann le rialuithe frith-INNN a chur i gcrích ar choinsíneachtaí de tháirgí iascaigh a théann isteach san AE ó RA ag Ionad Rialaithe Theorann de chuid na hÉireann. Leag riarachán an AE amach riachtanas do chur faoi bhráid doiciméad 3 lá oibre roimh ré, ach thóg ÚCIM cinneadh riaracháin glacadh le cur faoi bhráid 24 uair an chloig roimh ré do chásanna áirithe, iompórtálacha ó RA san áireamh, ag aithint go raibh sin níos praiticiúla do na hoibrítheoirí agus ag cur leis an ualach do ÚCIM ó thaobh na mearphróiseála de. Mar chéim bhreise chun an iarmhairt a íoslaghdú ar an tionscal, rinne ÚCIM teagmháil le córais TF RTBM chun cur ar chumas lucht iompórtála tháirgí iascaigh na hÉireann chun a dteastas sláinte a chur faoi bhráid RTBM, agus a gcuid Teastas Gabhála faoi bhráid ÚCIM, trí mheán aighneachta aonair. Forbraíodh agus síníodh Meamram Tuisceana idir ÚCIM agus Rannán Oibríochtaí Rialaithe Iompórtála RTBM i 2020 chun comhtháthú a chinntiú idir rialuithe sábháilteachta bia (SFS) RTBM ar gach



táirge de bhunús ainmhí, táirgí iascaigh san áireamh, agus rialuithe doiciméid INNN ÚCIM ar fho-thacar díobh sin. Go hoibríochtúil, bhunaigh ÚCIM córas mar a dtugann baill údaraithe fhoirne atá ar dualgas in oifigí poirt ÚCIM faoi na rialuithe riachtanacha doiciméid. Do Dheimhniúchán Gabhála na nEaspórtálacha, rinne ÚCIM teagmháil le córais TF RTBM chun éifeachtacht iarratais na n-oibritheoirí a éascú.

Ceist ar leith a bhí sa tabhairt i dtír díreach, faoi réir ag ceisteanna leitheadacha pleanála. Tar éis na Breatimeachta bheadh teacht soithí iascaireachta RA go poirt na hÉireann ina shaghas iompórtála bia ó Thríú Tíortha, agus os a choinne sin, bheadh tabhairt i dtír shoithí Éireannacha go poirt de chuid RA ina shaghas easpórtála bia. Cruthaíonn iontráil táirgí iascaigh chuig an AE ar an tslí seo riachtanais shonracha oibritheora chomh maith le dualgais rialaithe shonracha. Tá freagracht 'stáit phoirt' ag ÚCIM do 3 réimse leathana dhualgas iompórtála Bia/SPS an AE, reachtaíocht frith-INNN do Thríú Tíortha agus tabhairt i dtír shoithí eachtrannacha CIATT. Bheadh iachall ar oibritheoirí teacht chuig poirt a ainmníodh go sonrach, aighneachtaí substaintiúla a dhéanamh roimh ré agus fanacht ar údarú roimh thabhairt i dtír. I 2020 rinneadh iarrachtaí sonracha na dualgais seo, a bhaineann lena chéile ach ar dualgais ar leith iad ag an am céanna, agus é i gceist an comhtháthú is mó is féidir a bhaint amach le haghaidh na n-oibritheoirí agus na n-údarás.

Rinneadh measúnú ar agus méadaíodh acmhainníú ar na LMI go náisiúnta agus ar ÚCIM ag poirt ainmnithe. Eagraíodh seimineáir shonracha ar iarratas na hÉireann tríd an GERI chun comhchuibhiú a chinntiú ar fud stáit chóstacha an AE. D'ainmnigh Éire dhá phort le haghaidh a leithéid de thabhairt i dtír, Baile Chaisleáin Bhéarra agus na Cealla Beaga. Comhaontaíodh nós imeachta Tabhairt i dtír Díreach Stáit Phoirt idir ÚCIM agus

Láronad Monatóireachta lascaigh na hÉireann, chun pointe aonair aighneachta a cheadú ag na hiascairí.

Ó thaobh stát na brataí de, d'oibrigh ÚCIM le TF RTBM chun cinntiú go ndéanadh córais Logleabhair Leictreonacha na hÉireann iarratas bailíochtaíthe theastais Ghabhála a ghiniúint go huathoibríoch chuig ÚCIM, agus iascaire Éireannach ag cur réamhfhógra tabhairt i dtír chuig port de chuid RA.

Ó thaobh bheith ar muir de, mar gheall ar athruithe a bhaineann le cúrsaí Breatimeachta d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh rochtain agus deiseanna le fáil in earnálacha an iascaigh fhiáin, d'iascairí an AE, lena n-áirítear iascairí Éireannacha in uiscí an RA san áireamh, agus d'iascairí RA san AE freisin, (ag cur san áireamh uiscí na hÉireann). Ar feadh mhórchuid na bliana 2020 b'ann do neamhchinnteacht shuntasach, le raon an-leathan torthaí ó easpa iomlán rochtana cómhálartaí go dtí an status quo. Rinne ÚCIM monatóireacht sheasta ar an neamhchinnteacht seo agus pléadh sin laistigh de ghrúpa pleanála CIL GERI agus laistigh de Ghrúpa Oibre ÚCIM-RC um Imeacht RA. Rinneadh breithniú faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, in éineacht le straitéisí cuí bainistithe riosca. Aithníodh ceist an easáitithe mar an riosca ba mhó do rialú iascaigh na hÉireann, is é sin go bhféadfadh sé tarlú go n-aistroidh iascairí de chuid an AE, a bhíodh ag brath roimhe seo ar rochtain agus ar dheiseanna iascaireachta in uiscí an RA, go n-aistroidís a gcuid iarrachtaí chuig LEI na hÉireann. Rinneadh cion na hÉireann do chosaint riachtanach na hacmhainne iascaigh a phleanáil laistigh de CIL GERI, le himlonnú straitéiseach shoithí patróil dromchla GERI. Chruthaigh comhaontú Trádála agus Comhoibríthe Oíche Nollag idir an RA agus an AE poitéinseal do rochtain chómhálartach faoi réir ag údaruithe sonracha.

Tabhairt Isteach Córais Bhainistíochta Cháilíochta (CBC)

Tá ÚCIM tar éis Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) a thabhairt isteach chun cur chuige cáilíochtdhírthe a spreagadh maidir le leibhéal chomhsheasmhacha sheachadta sheirbhíse ar fud na heagraíochta. Príomhthoradh amháin a bheidh air seo ná freagraí níos éifeachtacha a cheadú d'iarratais fhaisnéise ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus chun reachtaíocht stórála agus coimeáda sonraí a léiriú go hiomlán a bhaineann le feidhm chomh maith céanna ar fud na hearnála poiblí ar fad. Treiseoidh an tionscnamh seo ardán modheolaíochta bainistithe chaighdeánaithe thaifid agus doiciméid atá ar fáil go forleathan cheana, ardán a úsáidtear ar fud na hearnála poiblí.

Is é cuspóir fadtéarmach an tionscnaimh seo ná sreabhadh faisnéise cuíchóirithe a cheadú a spreagfaidh éifeachtacht eagraíochtúil oibríochtúil. Sampla den chur chuige seo ná modheolaíocht chaighdeánach a thabhairt isteach chun nósanna imeachta doiciméadacha a chruthú agus bainistiú taifid a láimhseáil. Ní bheidh ach leaganacha beo na ndoiciméad ar fáil le haghaidh dáileacháin, agus cuirfead leaganacha atá as feidhm i gcartlann. Cuirfead ardán eDocs in ionad an tiomántáin inmheánaigh Share, ardán a sholáthróidh na coinníollacha riachtanacha do rochtain agus do roinnt doiciméad.

Beidh i gceist leis an tionscadal athbhreithniú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith gach cineáil leictreonaigh de chumarsáid agus cinntiú go gcloíonn faisnéis a choimeádtar le gach cineál reachtaíochta náisiúnta agus Eorpaí, chomh maith le bheith níos inchuardaithe agus níos éasca le bainistiú.

Seo a leanas cuspóirí ardleibhéal an tionscnaimh seo:

- Doiciméid d'ardchaighdeán a chruthú agus é mar chuspóir acu an CBC a chur i bhfeidhm, ag tabhairt eolais do bhaill ÚCIM faoi chleachtais Cháilíochta agus ag leagan síos caighdeán a mbeifear ag cloí leis;
- Córas bainistithe doiciméid agus rialaithe thaifid a bheith ann atá aonarach agus sábháilte do gach doiciméad oibre;
- Gach togra a dtugann ÚCIM faoi a mhapáil mar phróiseas agus nósanna imeachta a nuashonrú/ a fhorbairt do gach próiseas;
- Cleachtais oibre a dhírú chun freastal a dhéanamh ar na ceangaltais seirbhíse a chinntear ag reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach agus ag straitéis na heagraíochta;
- Cultúr Cáilíochta a fhorbairt laistigh den eagraíocht;
- Tá cur i bhfeidhm CBC le fáil i gclár an rialtais agus sa phlean straitéise.

Is féidir córas bainistithe cháilíochta a úsáid mar uirlis chun feabhas ollmhór a chur ar bhealaí oibre agus chun comhsheasmhacht a sholáthar in ualáí oibre.

Comórtas Balla Ealaíne Dhún Mór, Múrphictiúr an Bhua le feiceáil: rinneadh dearadh dhalta ó Ardscoil na Mara a phéinteáil ar oifig ÚCIM

Tá múrphictiúr feiceálach bunaithe ar théama an iascaigh mar chuid d'Oifig Phoirt ÚCIM i nDún Mór anois, a bhúiochas sin d'inspioráid chruthaíoch dhalta de chuid Ardscoil na Mara Thrá Mór, Sarah Rogers, atá sa 5ú bliain. Ba é an dearadh a chuir Sarah isteach chuig comórtas speisialta ealaíne a raibh an bua aige, comórtas a eagraíodh chun dlúthcheangail an réigiúin leis an tionscal iascaireachta a aithint agus a cheiliúradh; reáchtáil ÚCIM an comórtas le cabhair ó Bhallaí Phort Láirge (Waterford Walls). Bhí daltaí idir 13 agus 19 mbliana d'aois, a bhí cláraithe i meánscoileanna nó i lárionaid Ógtheagmhála fud fad Phort Láirge incháilithe le cur isteach ar an gcomórtas.

B'ealaíontóir ó Bhallaí Phort Láirge, Magda Karol, a chuir an dearadh ar an mballa, le cabhair ó Sarah, a d'fhoghlaim cuid de na bunghnéithe a bhaineann le bheith ag obair le péint spraeála agus í ag obair in éineacht leis an ealaíontóir.



Le feiceáil thuas (C-D): Balla Ealaíne ÚCIM - ag Oifig Phoirt Dhún Mór ÚCIM leis an múrphictiúr críochnaithe tá: Nigel Ducker, Oifigeach Poirt Sinsearach i nDún Mór, ÚCIM, buaiteoir an chomórtais, Sarah Rogers, dalta 5ú bliain ag Ardscoil na Mara, Trá Mhór, agus Lucas Dwan ó Thionscadal na mBalláí.



Bailíochtaigh

Sonraí, anailís agus Riosca d'ardchaighdeán a chinntiú.



Staitisticí lascaigh

Rinneadh 42,568 dtabhairt i dtír, lena n-áirítear tabhairt i dtír ag soithí Éireannacha, sa bhaile agus thar lear, agus tabhairt i dtír shoithí neamhÉireannacha go hÉirinn. Tá mar chuid de sin 23,551 thabhairt i dtír ag soithí faoi 10m ar fad, agus na sonraí curtha ar fáil ag ceannaitheoirí trí mheán chóras na nótaí díolacháin. Tá logbhileoga a cuireadh faoinár mbráid ag soithí faoi 10m curtha san áireamh sa cholún ábhartha.

Clár 6: Tabhairt i dtír de réir Lín

Náisiúntacht an tSoithigh lascaireachta	Tír inar tharla an tabhairt i dtír	Comhaireamh tabhairt i dtír (Bunaithe ar shonraí na mbileog logála)	Comhaireamh tabhairt i dtír <10m (bunaithe ar shonraí Nótaí Díolacháin)	Tabhairt i dtír iomlán
An Bheilg	Éire	6	-	6
An Danmhairg	Éire	28	-	28
An Fhrainc	Éire	670	-	670
An Ghearmáin	Éire	14	-	14
Oileáin Fharó	Éire	10	-	10
An Íoslainn	Éire	1	-	1
Éire	An Danmhairg	4	-	4
Éire	An Spáinn	41	-	41
Éire	An Fhrainc	65	-	65
Éire	Oileáin Fharó	6	-	6
Éire	RA	353	-	353
Éire	Éire	16,395	23,523	39,918
Éire	An Ísiltír	125	-	125
Éire	An Iorua	21	-	21
An Iorua	Éire	20	-	20
An Spáinn	Éire	608	-	608
An Ríocht Aontaithe	Éire	650	28	678
Iomlán		19,017	23,551	42,568

Tábla 7: Tabhairt i dTír de réir Meáchain

Náisiúntacht an tSoithigh lascaireachta	Tír inar tharla an tabhairt i dtír	Tonaí	Luach €
An Bheilg	Éire	90	372,885
An Danmhairg	Éire	25,130	11,683,361
Oileáin Fharó	Éire	20,564	5,320,080
An Fhrainc	Éire	12,853	35,794,156
An Ghearmáin	Éire	442	1,481,638
An Íoslainn	Éire	1,850	477,372
Éire	An Danmhairg	4,241	1,094,113
Éire	An Spáinn	940	2,171,279
Éire	An Fhrainc	1,701	4,117,092
Éire	Oileáin Fharó	6,673	1,325,491
Éire	RA	5,931	10,232,013
Éire	Éire	188,994	220,459,992
Éire	An Ísiltír	1,929	6,542,634
Éire	An Iorua	8,419	5,955,607
An Iorua	Éire	27,113	6,995,268
An Spáinn	Éire	11,423	31,949,686
An Ríocht Aontaithe	Éire	39,313	32,245,315
Iomlán		357,606	378,217,982

Tábla 8: Deich bport Éireannach is mó 2020 de réir luacha

Rang	Tonaí	Port Tabhairt i dTír	Dáta Tabhairt i dTír: Bliain	Tír tabhairt i dtír	Luach €
1	33,363.34	Baile Chaisleáin Bhéarra	2020	IRL	110,073,052
2	164,421.6	Na Cealla Beaga	2020	IRL	102,119,894
3	10,200.75	An Daingean	2020	IRL	17,116,381
4	3,257.54	Cé na Cille Móire	2020	IRL	15,675,576
5	5,426.29	Binn Éadair	2020	IRL	11,245,013
6	2,981.87	Ros An Mhíl	2020	IRL	11,109,165
7	5,114.94	Dún Mór	2020	IRL	10,844,502
8	3,201.81	An Caisleán Nua	2020	IRL	8,198,433
9	1,768.47	Ceann Chlochair	2020	IRL	8,169,632
10	2,003.81	Bréantrá	2020	IRL	6,094,501

Tabhairt i dtír fógartha, na 20 speiceas is mó a thugtar isteach go hÉirinn, rangaithe de réir meáchain.

Tábla 9: Na 20 speiceas is mó a thugtar isteach go hÉirinn, rangaithe de réir meáchain

Rang	Cód Speicis	Cur Síos Speicis	Tonaí	Luach €
1	MAC	Ronnach Atlantach	70,223	53,040,334
2	WHB	Faoitín Gorm (Poutassou)	66,523	29,368,118
3	JAX	Scadán carraige & bolmán neí	18,245	11,562,246
4	HKE	Colmóir Eorpach	17,730	55,676,795
5	SPR	Salán Eorpach	13,790	2,968,783
6	ANF	Láimhíneach neí	11,427	51,578,368
7	BOR	Torciasc neí	9,080	1,457,203
8	NEP	Gliomach na hIorua	5,809	38,057,579
9	LEZ	Scoilteán neí	5,747	15,801,103
10	HAD	Cadóóg	4,667	8,005,843
11	CRE	Portán dearg	3,393	6,601,006
12	HER	Scadán Atlantach	3,007	1,000,405
13	WHG	Faoitín	2,874	4,286,182
14	WHE	Cuachma	2,765	4,429,561
15	ANE	Ainseabhaí Eorpach	2,691	597,804
16	SCE	Muirín Mór	1,694	18,727,230
17	SQI	Scuid ghearriteach thuaisceartach	1,377	2,988,922
18	WIT	Sól bán	891	1,432,033
19	LIN	Langa	794	1,399,527
20	ALB	Tuinnín bán	754	1,769,797
Iomlán			243,481	310,748,839



Nótaí Díolacháin

Leagann na sonraí thíos amach gach Nóta Díolacháin a taifeadadh ó 2019 agus 2020 do shoithí Éireannacha. Tá nótaí díolacháin riachtanach ó thaobh an dlí de do 1ú díolachán táirgí iascaigh.

Tá algartam nua curtha i bhfeidhm againn chun aimhrialtachtaí praghais a aimsiú agus d'úsáideamar é seo chun luachanna a chur as an áireamh atá lasmuigh de theorainneacha comhsheasmhacha. Ba chóir go gcinnteodh sin praghas agus luach agus sonraí a bhfuil cáilíocht níos fearr ag baint leo amach anseo.

Tá líon iomlán na nótaí díolacháin, na soithí le nótaí díolacháin agus líon na speiceas ar fad tar éis dul i laghad i gcomparáid le 2019 agus tá méadú beag le sonrú i líon na gceannaitheoirí.

Tábla 10: Líon na Nótaí Díolacháin

Bliain	Líon Iomlán na Nótaí Díolacháin
2019	52,144
2020	41,555

Tábla 11: Líon iomlán na gCeannaitheoirí Cláraithe Éisc

Bliain	Líon Iomlán na gCeannaitheoirí
2019	85
2020	87

Tábla 12: Líon na Speiceas a Taifeadadh ar Nótaí Díolacháin

Bliain	Líon Iomlán na Speiceas
2019	145
2020	132

Tábla 13: Líon na Soithí mar ar cuireadh nótaí díolacháin faoinár mbráid

Bliain	Líon Iomlán na Soithí
2019	1,158
2020	1,073

Iníuchtaí Soithigh Iascaireachta ÚCIM

Thug Oifigigh OCIM de chuid ÚCIM faoi 1,808 iniúchadh soithigh iascaireachta san iomlán i 2020. Bhain 79% de na hiniúchtaí seo le soithí atá cláraithe in Éirinn; bhain 6% acu le soithí atá cláraithe sa Fhrainc, bhain 6% eile le soithí atá cláraithe sa Spáinn agus bhain 4% acu le soithí atá cláraithe sa RA. Bhain na 5% eile le soithí as 6 thír éagsúla, faoi mar a mhínítear i dTábla 14.

Tábla 14: Iníuchtaí Soithigh ÚCIM

Náisiúntacht	Iníuchtaí ÚCIM
An Danmhairg	27
Oileáin Fharó	10
An Fhrainc	120
An Ghearmáin	6
An Íoslainn	1
Éire	1,435
An Iorua	19
An Pholainn	1
An Spáinn	107
An Ríocht Aontaithe	82
Iomlán	1,808

Rialú lascaigh

Iniúchtaí de réir Fad an tSoithigh

Tábla 15: Iníúchtaí ÚCIM de réir fad an tsoithigh

Náisiúntacht an tSoithigh lascaireachta	Thar 18 méadar ar fad	Tabhairt i dtír	% Iníúchta	Faoi 18 méadar agus > 10 m ar fad	Tabhairt i dtír	% Iníúchta	Faoi 10 méadar ar fad	Tabhairt i dtír	% Iníúchta	Líon iomlán na n-iníúchtaí
An Danmhairg	27	N/a	-	-	-	-	-	-	-	27
Oileáin Fharó	10	10	100.00%	-	-	-	-	-	-	10
An Fhrainc	119	678	17.55%	1	-	-	-	-	-	120
An Ghearmáin	6	14	42.86%	-	-	-	-	-	-	6
An Íoslainn	1	1	100.00%	-	-	-	-	-	-	1
Éire	776	4,397	17.65%	261	12,239	2.13%	398	20,237	1.97%	1,435
An Iorua	19	20	95.00%	-	-	-	-	-	-	19
An Pholainn	1	1	100.00%	-	-	-	-	-	-	1
An Spáinn	107	634	16.88%	-	-	-	-	-	-	107
RA	56	342	16.37%	18	161	11.18%	8	165	4.85%	82
Iomlán	1,122			280			406			1,808

Tagann breis is 85% den tabhairt i dtír go Poirt Éireannacha ó shoithí atá cláraithe in Éirinn, mar sin de baineann na hiniúchtaí ar thabhairt i dtír go príomha le soithí atá cláraithe in Éirinn.

Cuireann Tábla 15 síos ar na hiniúchtaí seo de réir fad an tsoithigh; ba í earnáil na soithí >18 méadar ba mhó a ndearnadh iniúchadh orthu. Léiríonn sin go dtugann an earnáil seo, cé gurb í is lú ó thaobh líon soithí de, go dtugann sí i dtír mórchuid na gabhála go Poirt Éireannacha, go háirithe speiceas peiligeach.

Ciallaíonn 'Iniúchadh' aon seiceáil a chuirtear i gcrích ag oifigigh maidir le comhlíontacht rialacha an Chomhbheartais lascaigh, agus a scríobhtar síos i dtuarascáil iniúchta de réir Ailt 4(4) den Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1224/2009.

Is féidir go mbeadh i gceist le seiceálacha deimhniúcháin cuid den fhaisnéis soithigh seo a leanas, nó í ar fad, (clárú, ceadúnas, údaruithe, logleabhar, CMF, rátáil riosca an tsoithigh agus Riosca an turais). Is féidir tabhairt faoi na seiceálacha seo go cian, sula dtéann an soitheach isteach sa phort, nó is féidir go mbeadh baint acu le gabhála ar bord (comhaireamh na mboscaí, meáchan ar thabhairt i dtír, deimhniúchán na speiceas, méid, cáilíocht), nó le trealamh (méid an mhogaill, feistis, painéal mogaill chearnógaigh, tiús an tsreangáin) agus cros-seiceálacha tar éis an tabhairt i dtír (iompar, nótaí díolacháin, lipéadú, inrianaitheacht).



Le feiceáil thuas: OCIM atá ag glacadh páirte i SCIG.

Rialuithe Riaracháin Neamhthabhairt i dTír

Chomh maith leis na hiniúchtaí fisiciúla soithigh iascaireachta ar cuireadh síos orthu thuas, chuir OCIM i gcrích 1,596 Rialú Riaracháin Neamhthabhairt i dTír breise, mar seo a leanas:

Tábla 16: Rialuithe Riaracháin Neamhthabhairt i dTír ÚCIM

Bliain an iniúchta	Náisiúntacht an tSoithigh	Líon na nIniúchtaí
2020	An Danmhairg	7
2020	An Fhrainc	78
2020	Éire	1,425
2020	An Iorua	1
2020	Panama	1
2020	An Spáinn	48
2020	An Ríocht Aontaithe	32
2020	An Bheilg	3
2020	An Chipir	1
Iomlán		1,596

Seicphointí Ilghníomhaireachta

Tugtar faoi sheicphointí ilghníomhaireachta ag ÚCIM i gcomhar leis an nGarda Síochána agus, uaireanta, le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus na Coimisinéirí Ioncaim. I 2020 ghlac ÚCIM páirt i seacht Seicphointe Ilghníomhaireachta. Trí pháirt a ghlacadh sna tionscnaimh seo cuirtear ar chumas na OCIM deis a bheith acu comhlíontacht a mheasúnú maidir le riachtanais rialaithe iascaigh agus sábháilteachta bia araon ag céim seo an tslabhra bhia.

Iniúchtaí Soithí Iascaireachta na Seirbhíse Cabhlach

Tábla 17: Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh

Náisiúntacht	Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh
Éire	145
An Spáinn	52
An Fhrainc	68
RA	32
An Ísiltír	4
An Bheilg	4
An Ghearmáin	2
An Rúis	1
An Pholainn	1
Iomlán	309

Déanann an tSeirbhís Chabhlaigh patról ar 220 milliún acra muirí mara, limistéar atá 12 uair níos mó ná mórchríoch na hÉireann, sin 15% d'uisce iascaireachta an AE.

Chuir An tSeirbhís Chabhlaigh i gcrích 309 n-iniúchadh ar shoithí iascaireachta ar muir i 2020. As na Soithí Iascaireachta a ndearnadh iniúchadh orthu, soithí Éireannacha a bhí i gceist le 47% acu, ba shoithí Francacha iad 22% acu, agus soithí Spáinneacha a bhí i 16% acu; bhain 10% de na soithí leis an RA. Tháinig na soithí eile, 5%, ó 5 náisiún eile, faoi mar a gcuirtear síos air i dTábla 17.


Iniúchtaí de réir Limistéir CITM

Tábla 18: Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh de réir Limistéir CITM

Limistéar CITM	Iniúchtaí
7J	119
7A	78
7G	48
7B	25
7K	7
7C	27
6A	2
7H	1
6B	2
Iomlán	309

Tharla 38% de na hiniúchtaí ar thug an tSeirbhís Chabhlaigh fúthu i Limistéar 7J, is é sin an limistéar farraige amach ó Chósta Thiar Theas na hÉireann. Tharla 25% eile ar Chósta Thoir agus Thoir Theas na hÉireann, Limistéar CITM 7A. Féach na sonraí breise i dTábla 19 agus i bhFigiúr 3.

Figiúr 3: Gníomhaíochtaí Iascaireachta in Uiscí na hÉireann bunaithe ar shuíomhanna CLM



Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh de réir Fad an tSoithigh

Tábla 19: Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh de réir Fad an tSoithigh

Thar 18 méadar Gach Tír	143
Thar 18 méadar Éire	(28)
Faoi 18 méadar Gach Tír	166
Faoi 18 méadar Éire	(117)

Rinneadh rud beag níos lú ná leath (48%) de na hiniúchtaí ar muir ar tugadh fúthu ag an tSeirbhís Chabhlaigh ar shoithí a bhí breis is 18 méadar ar fad. Rinneadh mórchuid na n-iniúchtaí seo (80%) ar shoithí neamhÉireannacha; léiriú é sin ar fhócas ar leith ó thaobh na Seirbhíse Cabhlaigh de ar shoithí a bhíonn ag iascaireacht in Uiscí na hÉireann ach nach dtagann i dtír i bPoint Éireannacha.

An tAerchór

I 2020 thug Aerárthach Patróil Mhuirí CASA an Aerchóir faoi 152 Phatról, agus lena linn sin rinneadh breathnóireacht agus monatóireacht ar 788 soitheach iascaireachta.

Iarratais Cheadúnais Urthrá

Roimh thosú aon oibreacha nó gníomhaíochta ar urthrá atá faoi úinéireacht an Stáit¹, ní mór ceadúnas nó léas a fháil ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara². Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí a éilíonn ceadúnais oibreacha a dtugtar fúthu ar an urthrá, agus a chuimsíonn:

1. aon fheidhm maidir le lárionad cuain iascaigh ainmnithe;
2. aon fheidhm maidir le:
 - (i) gníomhaíocht atá go hiomlán nó go príomha d'úsáid, d'fhorbairt nó do thacaíocht do bharshaothraithe nó
 - (ii) gníomhaíocht atá go hiomlán nó go príomha d'úsáid, d'fhorbairt nó do thacaíocht iascaireachta mara, lena n-áirítear próiseáil agus díolachán éisc mhara agus déantúsaíocht táirgí a thagann ó iasc mara.

Nuair a dhéantar iarratas don Aire scaiptear é do roinnt údarás poiblí, ÚCIM san áireamh, le haghaidh breathnóireachtaí agus tuairimí. Agus ÚCIM ag measúnú a leithéid d'iarratais cuireann siad san áireamh an tionchar arbh fhéidir leo a bheith acu ar réimse an iascaigh tráchtála chomh maith le ceisteanna sábháilteachta bia. I 2020 fuarthas 79 n-iarratas den chineál seo i gcomparáid le 214 iarratas i 2019.

¹ Is é atá san urthrá ná an talamh agus grinneall na farraige idir barr lán ghnáth-thaoidí nó mheántaoidí (cuirtear sin in iúl mar HWM ar Mhapaí de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an teorainn dhá mhíle dhéag (is ionann dhá mhíle dhéag agus thart ar 22.24 km).

² I gcás oibreacha nach mbaineann le Dobharshaothrá ná lascach ní mór iarratais a chur chuig an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.



An Coiste Grinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Muirí

Glacann ÚCIM páirt sa Choiste Grinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Muirí (CGCM), ar coiste ad hoc ildhisciplíneach é, agus a thionóltar de réir mar is gá do chuspóirí bheith ag tabhairt faoi mheasúnú teicniúil iarratais faoin Acht Imeach 1933, faoi mar a leasaíodh é. Níl sé bunaithe ar bhonn reachtúil agus glacann na baill páirt go deonach i ngach cás, mar ionadaithe a gcuid eagraíochtaí aonair. Soláthraíonn CGCM comhairle theicniúil/eolaíoch maidir le hiarratais ar Léasanna agus ar Cheadúnais Urthrá. Molann CGCM coinníollacha cuí freisin do na gníomhaíochtaí i gcás faofa. I 2020, d'éisigh an coiste tuarascálacha faoi 24 iarratas i gcomparáid le 19 i 2019, faoi mar a gcuirtear síos air i dTábla 21 thíos.

Tábla 20: Iarratais ar Cheadúnas Urthrá a Athbhreithníodh

Limistéar Oifige Poirt	Breathnóireachtaí 2020
Cloch na Coillte	6
Baile Chaisleáin Bhéarra	6
An Daingean	13
Dún Mór	9
Binn Éadair	13
Ros an Mhíl	13
Na Cealla Beaga	19
Iomlán	79

Tábla 21: Iarratais CGCM 2020

Nádúr na Forbartha	Líon
Cothabháil/dreideáil phoirt	3
Cosaint ar Thuilte & píblínte	3
Forbairt fhóillíochta muirí/tráchtála	1
Imscrúduithe láithreáin mhuirí agus imlonnú trealaimh	15
Cosaint chóstach & cothú trá	2
Iomlán	24

Sábháilteacht Bhia

Is é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) an tÚdarás Náisiúnta Inniúil d'fhorfheidhmiú gach saghas reachtaíochta bia in Éirinn agus cuireann sé an fheidhm seo i gcrích trí shraith de Chonarthaí Seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Is é ÚCIM an Gníomhaireacht Oifigiúil atá freagrach as forfheidhmiú an dlí bhia in Earnáil an Bhia Mhara suas go dtí an pointe miondíola. Tá mar chuid den sainchúram seo measúnú rialuithe sábháilteachta bia ar fud na n-earnálacha muirí agus doharshaothraithe.

Líon na nGnólachtaí Bia

Bhí ÚCIM freagrach as forfheidhmiú reachtaíochta sábháilteachta bia ar fud 2,695 oibríocht ghnólachta bia i gcomparáid le 2,725 ghnólacht i 2019.

Soithí iascaireachta a bhí i gceist le rud beag níos mó ná 3/4 de na hoibríochtaí seo (77%); limistéir táirgthe sliogéisc agus monarchana próiseála a bhí i gceist le 7% agus le 4% breise faoi seach agus chuimsigh an 12% eile de chásanna raon éagsúil gnólachtaí faoi mar a gcuirtear síos air i dTábla 22.

Tábla 22: Gnólacht Bia de réir Cineáil

Cineál Gnó	Líon na nIonad
Halla ceant	1
Fuarstóras (bunús ainmhí, gan nochtadh)	4
Fuarstóras (lascach)	1
Ionad Seolta	14
Soitheach Monarchan	1
Soitheach Iascaireachta	2,080
Bróicéir Bia	1
Stalla Bia: lasc	4
Reoshoitheach	56
Monarcha Táirgí Úra Iascaigh	64
Gléasra Oighir	11
Iompórtálaithe	56
Monarcha Phróiseála	105
Limistéar Táirgthe	189
Monarcha Íonúcháin	22
Feirmeoir Sliogéisc	30
Iompróir	9
Mórdhíoltóir/Dáileoir	46
Eile	1
Iomlán	2,695

COVID-19 ó thaobh Sábháilteachta Bia Mhara de

Gné cheannasach d'obair ÚCIM a bhí i bpaindéim COVID-19 i 2020, i dtéarmaí thionchar shrianta na sochaí ar ár gcuid oibre. Ina theannta sin, mar an t-údarás inniúil do rialú oifigiúil sábháilteachta táirgí iascaigh, rinne ÚCIM monatóireacht ar an tuiscint eolaíoch a bhí ag teacht chun cinn maidir le haon bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann gurbh fhéidir an víreas cúisíoch, SARS-COV-2, a scaipeadh i mbia. Murab ionann is baictéir, teastaíonn óstchealla beo ó víris sa tslí gur féidir leo dul i líonmhaireacht, agus ar a mhéid is féidir leo bheith marthanach, ní dul i líonmhaireacht, taobh amuigh den óstach. Cé gurbh é, agus gurb é fós, príomhnádúr eipidéimeolaíoch an ghalair ná mar shiondróm riospráide daonna, a thras-seoltar trí bhraoiníní riospráide, d'éirigh sé soiléir gurb ann freisin do shiondróm gastraistéigeach, agus an víreas le fáil i bhfaecais daoine ionfhabhtaithe. Le linn 2020, rinne ÚCIM monatóireacht ar an bhfaisnéis a bhí á cur amach, ag an bpopal eolaíoch agus ag údarais éagsúla sláinte poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Rinneadh breithniú maidir le 3 bhealach éagsúla ina bhféadfadh riosca a bhaineann le bia a bheith i gceist: ionfhabhtú, bithbhailiú nó truailliú:

- **Ionfhabhtú:** Ionfhabhtaítear ainmhithe uisceacha, agus bíonn an víreas i láthair ina dhiaidh sin i dtáirgí bia a fhaightear ó ainmhithe;
- **Bithbhailiú:** Comhdhlúthaíonn ainmhithe uisceacha an víreas sa timpeallacht go bitheolaíoch, rud a d'fhéadfadh an baol a chruthú go gcuirfí an víreas ar aghaidh i mbia trí thomhaltas táirgí bia a fhaightear ó na hainmhithe sin;
- **Truailliú:** Truaillítear ainmhithe uisceacha nó a gcuid táirgí, cé acu sa phróiseáil réamhbhuainteoireachta nó iarbhuainteoireachta, agus gníomhaíonn siad mar mheán fulangach (fóimít) de thras-seoladh an víris idir daoine.

Le bheith ionfhabhtaithe lena leithéid de víris teastaíonn dlúthidirghníomhaíocht ag leibhéal móilíneach idir an víreas agus gabhdóir ar an óstchill, i gcás na gCoróinvíreas, an Gabhdóir ACE. Léirigh tuairiscí faoi ionfhabhtú COVID-19 i gcait agus i minceanna an baol a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí ainmhithe a ionfhabhtú, ach níor thug an fhaisnéis atá ar fáil do struchtúr an ghabhdóra in éisc aon léiriú gurb ann do riosca ionfhabhtaithe iontu siúd.

Tá cur síos maith ar fáil ar bithbhailiú víreas atá i láthair i bhfaecais daonna i gcás na moileasc débhlascach, leis an mbaol iarmhartach go bhféadfaí galar a thras-seoladh i mbia, m.sh. an noraivíreas nó Heipitíteas-A i gcás sceitheadh faeach COVID-19 a chruthaigh baol analógach go mbeadh sé i láthair sa timpeallacht mhuirí, agus go ndéanfaí é a bhailiú i moilisc. Ghlac ÚCIM páirt shuntasach, mar sin de, idir tús agus lár 2020, i measúnú riosca cáilíochtúil maidir le forbairt an ghalair COVID-19 ó bheith ag ithe moileasc débhlascach.



Tabhair cuairt ar fsai.ie/Risk_Assessment_Development_COVID-19_illness_from_the_Consumption_of_Bivalve_Molluscs/ chun an foilseachán a íoslódáil maidir leis an Measúnú Riosca Cáilíochtúil faoi Fhorbairt an ghalair COVID-19 ó bheith ag lthe Moileasc Débhlaoscach.

Ba é conclúid an tsothair sin a foilsíodh i Mí Iúil 2020 nach ann ach do riosca fánach go dtolgfáí COVID-19 ar an tslí seo, bíodh is go bhfuil ardleibhéal neamhchinnteachta i gceist go ginearálta, go háirithe maidir leis an mbaol go n-eascródh ionfhabhtú as nochtadh béil/bia. Rinneadh breithniú faoi fhóntas na rialuithe arb ann dóibh i láthair chun riosca víreas faecach a bhainistiú trí thomhaltas moileasc. Ar fud 2020, bhíodh sonraí breise ag teacht chun cinn faoi mhóilisc agus COVID-19; ba é clonadh ginearálta na sonraí ná fóntas na moileasc a chur in iúl mar ainmhithe táscacha, agus mar sin de fóntas na monatóireachta moilisc mar uirlis fhaireachais don ghalair seo i ndaonraí daonna bheith ag cur le fuíolluisce a bhaineann an timpeallacht mhuirí amach.

Maidir le truailliú tháirgí bia, le láithreach fhuilangach ar an mbia, tháinig roinnt fianaise chun cinn i 2020 i dtaca le marthanacht le linn dáileacháin slabhra fhuair agus láithreach inbhraite an víris seo ar dhromchlaí bia nó ar phacáistiú bia, táirgí iascaigh san áireamh. Rinne ÚCIM monatóireacht ar threoir EDS d'oibritheoirí gnólachta bhia agus ar foilsiú phrótaicail Filleadh-ar-an-Obair ag Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann chun an t-ionfhabhtú a íoslaghdú a scaiptear i dtimpeallachtaí oibre, lena n-áirítear ionaid phróiseála bhia mhara. Ba í tuairim cheannasach lucht measúnaithe riosca go hidirnáisiúnta, EDS agus ÚESB san áireamh, ná nach ann d'aon rud a thugann le fios go bhfuil ról á imirt ag bia i dtras-seoladh COVID, m.sh. EDS.

Tabhair cuairt ar apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/331705/WHO-2019-nCoV-Food_Safety-2020.1-eng.pdf chun an foilseachán faoi COVID-19 agus sábháilteacht bhia: treoir do ghnólachtaí bia.

Comhairle EDS le linn 2020:

Is beag an baol gur féidir le daoine COVID-19 a tholghadh ó bhia nó ó phacáistiú bia. Is galar riospráide é COVID-19 agus is é an príomhbhealach tras-seolta ná trí theagmháil duine-le-duine agus trí theagmháil dhíreach le braoiníní riospráide a ghintear nuair a dhéanann duine ionfhabhtaithe casachtach nó sraoth. Ní hann d'aon fhianaise go dtí seo maidir le víris a spreagann galair riospráide a bheith tras-seolta trí bhia nó trí phacáistiú bia. Ní féidir le coróinvíris dul i líonmhaireacht i mbia; teastaíonn óstach uathu ar duine nó ainmhithe le dul i líonmhaireacht.

Le linn 2020, áfach, tháinig braislí áirithe chun cinn galair COVID-19 i measc oibrithe i roinnt ionad táirgthe bhia, agus is ann do bhreis fianaise maidir le marthanacht fheabhsaithe i dtimpeallachtaí atá cuisnithe go gníomhach. Go déanach i 2020, rinne ÚCIM Meamram Tuisceana le hÚdarás Sláinte & Sábháilteachta na hÉireann a bhunaigh ról do ÚCIM, maidir le monatóireacht chomhlíontachta ionaid oibre le treoir línte a dearadh chun riosca an tras-seolta COVID-19 a bhainistiú i measc na n-oibrithe agus iniúchtaí á gcur i gcrích in ionaid bhia mhara.

Iníuchtaí Sábháilteachta Bia

San iomlán rinne OCIM 1,908 n-iníuchadh sábháilteachta bia i 2020, sin laghdú ó 2,121 i 2019. Chomh maith le faomhadh oibritheoirí gnólachta bhia, tá mar chuid d’obair ÚCIM i réimse na sábháilteachta bia deimhniú inrianaitheacht an bhia mhara, maíomh lipéadaithe, sláintíocht, córais bhainistithe shábháilteachta bhia mhara agus cáilíocht éisc. Cuireann ÚCIM príomhról i gcrích maidir le freagra a thabhairt ar theagmhais bhia chomh maith le gearáin i dtaca le nádúr, substaint, cáilíocht nó sábháilteacht táirge bia mhara. Ba é a bhí i gceist le dhá thrían (66%) de na coinsíneachtaí ar fad ná seiceálacha oifigiúla rialaithe, mar shampla na cinn a theastaíonn chun deimhniúchán a sholáthar le go ndéanfaí coinsíneacht bhia a easpórtáil chuig tríú tír. Déantar cur síos ar gach iníuchadh de réir cineáil i dTábla 23 thíos.

Tábla 23: Iníuchtaí Sábháilteachta Bia

	Gnólacht Cláraithe	Gnólacht Faofa	Eile	Iomlán
Faomhadh	2	21	10	33
Sláintíocht iomlán	6	82	4	92
Gnáthiniúchadh	22	279	31	332
Obair leantach	3	55	1	59
Cruinniú / comhairliúchán-	1	18	1	20
Gearán / teagmhas	0	18	1	19
Seiceálacha oifigiúla rialaithe	16	1,003	250	1,269
Cáilíocht éisc	15	15	2	32
Sláintíocht fheithicle	4	42	0	46
Seiceálacha sláintíochta fheithicle	2	4	0	6
Iomlán	71	1,537	300	1,908

Iníuchtaí de réir Catagóire

Soláthraítear sa tábla thíos anailís na n-iníuchtaí de réir catagóire riosca, ardriosca, meánriosca agus riosca íseal, agus gach catagóir á foroinnt mar Réidh le hIthe (RLI) agus neamhRLI.

Na catagóirí ardriosca atá i gceist le 43% de na hiniúchtaí, baineann 31% acu le meánriosca agus baineann 15% acu le riosca íseal; ní bhaineann na 9% eile le haon cheann de na catagóirí seo.

Tábla 24. Iníuchtaí de réir Catagóire Riosca

Iníuchtaí de réir Cineál Riosca Bliain go dtí seo	RLI	Neamh-RLI	Ní fios	Iomlán
Ardriosca	539	287	0	826
Meánriosca	364	232	0	596
Riosca íseal	51	250	0	301
Ní fios	0	0	185	185
Iomlán	954	769	185	1,908

Gníomhaíocht Samplála

Is gníomhaíocht thábhachtach rialaithe oifigiúla í an tsamplála a dtugann OCIM fúithi.

Tógtar samplaí de tháirgí iascaigh, moilisc dhébhlaoscacha bheo (MDB), uisce agus oighear chun comhlíontacht na gcritéar agus na srianta sin atá leagtha síos sa reachtaíocht a dheimhniú. Ina theannta sin, tógtar samplaí de mhaipíní timpeallachta chun monatóireacht a dhéanamh maidir le láithreach Listeria monocytogenes in Ionaid Bhia ábhartha Réidh-le-hIthe (RLI). I 2020 san iomlán cuireadh 1,066 shampla rialaithe oifigiúla faoinár mbráid ó ar fud na seacht Limistéar Poirt le haghaidh anailíse saotharlainne, faoi mar a gcuirtear síos air i dTábla 25.

Tábla 25: Samplaí Oifigiúla Rialaithe de réir Limistéir Phoirt

Limistéar Oifige Poirt	Samplaí Rialaithe
Baile Chaisleáin Bhéarra	119
Cloich na Coillte	146
An Daingean	124
Dún Mór	171
Binn Éadair	168
Na Cealla Beaga	103
Ros An Mhíl	235
Iomlán	1,066

Iarmhair sa Dobharshaothrú

In Éirinn tá ÚCIM freagrach as cinntiú comhlíontachta leis an reachtaíocht ábhartha AE don dobharshaothrú éisc eite agus don obair leantach maidir le samplaí atá neamhchomhlíontach faoin bPlean Náisiúnta Rialaithe Iarmhar (PNRI). Má thagann toradh neamhchomhlíontach chun cinn as sampláil faoin PNRI, cuireann ÚCIM imscrúdú leantach i gcrích, le cabhair Fhoras na Mara, chun sampláil agus anailís a dhéanamh. Is féidir go dteastóidh cabhair ó chigirí tréidliachta de chuid RTBM chun an t-imscrúdú leantach a thabhairt chun críche.

I 2020, cuireadh i gcrích breis is 626 thástáil agus líon iomlán de 1,888 gcinntitheach ar 220 sampla éisc eite fheirme le haghaidh raon iarmhar ag Foras na Mara. Níor tuairiscíodh aon torthaí neamhchomhlíontach sa ghnáth'sprioc-chlár náisiúnta monatóireachta don iasc eite feirme i 2020.

Ionaid Rialaithe Theorann

I 2020, chuir ÚCIM, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an plean bliantúil i bhfeidhm do shampláil táirgí iascaigh agus táirgí eile bia mhara ag Ionaid Rialaithe Theorann. Tógadh 101 shampla, idir Port Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Cuireadh anailís mhicribhitheolaíoch, cheimiceach agus DNA i gcrích ar na samplaí seo. Bhí gach ceann de na 101 shampla comhlíontach.

Seiceálacha COVID-19 - Meamram Tuisceana (MT) leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta (ÚSS)

I Mí Dheireadh Fómhair 2020, shínigh ÚCIM Meamram Tuisceana (MT) le ÚSS. Bhunaigh an MT creatlach chomhoibríoch idir ÚSS agus ÚCIM. Ba é cuspóir an MT ná cur síos a dhéanamh ar rannpháirtíocht ÚCIM i measúnú agus i ndeimhniú comhlíontachta leis an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a eisíodh ag an Roinn Sláinte agus Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta in ionaid phróiseála bhia mhara thalamhbhunaithe atá faofa ag ÚCIM. Leagann an MT amach seiceálacha breise ag ÚCIM chun comhlíontacht a sheiceáil leis an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair, agus freastal á dhéanamh ar ionaid phróiseála bhia mhara thalamhbhunaithe atá faofa ag ÚCIM. Bhí an MT i bhfeidhm ó Mhí Dheireadh Fómhair go deireadh na bliana 2020.

Comhaontú idir SAT RTBM agus ÚCIM

I 2020, shínigh Rannán Faireachais, Fotháirgí Ainmhí agus FFAT de chuid RTMB agus ÚCIM comhaontú.

Tá sé i gceist go gcuirfeadh an Comhaontú seo an comhoibriú frithpháirteach idir Rannán FFAT RTBM agus ÚCIM ar bhonn foirmeálta, agus é i gceist go gcinnteofaí cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta a bhaineann le fotháirgí ainmhí, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, faoi mar atá sé leasaithe, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 142/2011, faoi mar atá sé leasaithe, in éineacht le I.R. 187 ó 2014, a bhaineann le reachtaíocht náisiúnta, go sonrach maidir le monarchana rindreála éisc Cat. 3, áiseanna múirínithe éisc agus monarchana éisc a sholáthraíonn bia peataí chomh maith le hionaid eile atá páirteach i bpróisis den chineál céanna, de réir mar a theastaíonn. Déanfaidh ÚCIM freastal ar chruinnithe trasghníomhaireachta agus ar chruinnithe fóraim comhairleacha maidir le réimse na bhFotháirgí Ainmhí.

Fotháirgí Ainmhithe Uisceacha

In Éirinn is é freagracht RTBM rialuithe oifigiúla fotháirge ainmhí a fhaomhadh nó a chlárú agus a chur i bhfeidhm ag monarchana fotháirgí ainmhí. Aontaítear go ndéanfaidh RTBM, i gcomhar le foireann de chuid ÚCIM, oibrítheoirí fotháirgí ainmhí a fhaomhadh/a chlárú (ainmhithe uisceacha amháin) agus go dtabharfaidh ÚCIM faoi Rialuithe Oifigiúla agus sampláil leanúnach ag amanna socraithe. Téann ÚCIM i gcomhairle le RTBM faoi ghnéithe ábhartha de na hiniúchtaí seo de réir mar a theastaíonn, neamhchomhlíontachtaí san áireamh. Is é RTBM atá freagrach as gníomhaíocht fhorfheidhmithe faoin reachtaíocht a bhaineann le fotháirgí ainmhí. Má theastaíonn, áfach, gníomhaíocht fhorfheidhmithe sna monarchana seo, is féidir go gcabhróidh foireann de chuid ÚCIM le foireann RTBM i dtéarmaí saineolas teicniúil agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar in éineacht le gníomhaíocht leantach cheartaitheach agus choisctheach.

Monatóireacht Sábháilteachta Sliogéisc

An Clár Samplála Aicmithe

San iomlán tógadh 1,538 sampla micribhitheolaíoch (92% den sprioc) ag OCIM le linn 2020 mar chuid de Mhonatóireacht Mhicribhitheolaíoch na Limistéar Táirgthe Mhoileasc Débhlaoscach.

Tógadh 57 sampla micribhitheolaíoch breise i roinnt limistéar a bhí ag lorg réamhaicmithe, nó a cuireadh faoinár mbráid faoi shraith de shuirbhéanna baictéareolaíocha mar chuid de Shuirbhéanna Sláintíocha Ghaoth Dobhair, Droim Chliabh, Cuan Shligigh agus Dún Garbhán.

I 2020, d'aimsigh ÚCIM san iomlán 61 thoradh "as raon" (3.9% de na samplaí monatóireachta aicmithe ar fad a tógadh) ón gclár náisiúnta monatóireachta aicmithe, sin méadú beag le hais na 58 dtoradh "as raon" a aimsíodh le linn 2019 agus méadú ar an meánlón sna 10 mbliana roimhe sin de 51 chás in aghaidh na bliana, nó thart ar 3.2% de na samplaí ar fad a tógadh.

I Mí Eanáir, Mí Mheithimh, Mí Iúil agus Mí Lúnasa fuarthas líon níos airde ná an meánlón de thorthaí "as raon".

Tá an chuma ar an scéal nár taifeadh níos lú torthaí "as raon" mar gheall ar shrianta COVID-19 ar thaisteal ná mar gheall ar an laghdú i líon na gcuariteoirí eachtrannacha ach oiread.

Is féidir go bhfaighfí torthaí "as raon" mar gheall ar imeachtaí neamhghnácha aimsire nó mar gheall ar theagmhais áitiúla a dtarlaíonn méadú truaillithe dá mbarr ag am ar leith. Déanann ÚCIM anailís leantach ar gach toradh "as raon".

Figiúr 4: Ag tabhairt aire do Línte Diúilicíní



An tAthbheithniú Bliantúil Aicmithe

Mar gheall ar shrianta COVID-19 cuireadh an t-athbheithniú bliantúil ar limistéir tháirgthe Mhoileasc Débhlaoscach Aicmithe Beo i gcrích ar líne trí fhíschomhdháil ó Cheannoifig ÚCIM i gCloich na Coillte ar 24 Meitheamh 2020. Tugadh faoin athbheithniú ag foghrúpa de chuid an Choiste um Shábháilteacht Sliogéisc Mhoileascaigh (CSSM), a chuimsítear ag ÚCIM (atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa), ÚSBÉ, FM, BIM agus CSÉ. Bhain an tacar sonraí monatóireachta aicmithe a ndearnadh anailís air chun buntacú leis an athbheithniú leis an tréimhse Ean. 2017 - Ean. 2020; rinneadh anailís ar 4,872 thoradh ó 147 ionad samplála.

CC leasaithe d'Aicmiú agus do Mhonatóireacht Mhicribhitheolaíoch limistéar Táirgthe Mhoileasc Débhlaoscach

I Mí na Nollag 2020, tar éis comhairliúcháin le CSSM, d'eisigh ÚCIM leagan leasaithe 7 de CC na hÉireann d'Aicmiú agus do Mhonatóireacht Mhicribhitheolaíoch limistéar Táirgthe Mhoileasc Débhlaoscach.

Is féidir breathnú air seo ag an nasc seo a leanas: <https://www.sfpa.ie/What-We-Do/Molluscan-Shellfish/Guidance-Documents>.

Seo a leanas cuid de na leasuithe a rinneadh ar an leagan a bhí ann roimhe seo:

1. Reachtaíocht nuashonraithe (Cum. Rial. Cur Chun Feidhme. (AE) 2019/627).
2. Nósanna imeachta nuashonraithe Suirbhé Sláintíochta.
3. Ag tabhairt freagra ar thorthaí E.coli as raon ón gclár monatóireachta.
4. Critéir do bhaint torthaí ón bpróiseas aicmithe.
5. CC suirbhé líne cladaigh
6. Teimpléad Suirbhé Sláintíoch.

An Clár Náisiúnta um Mhonatóireacht Sliogéisc (Biotoscain)

Thug Éire isteach rialuithe oifigiúla feabhsuithe ar an gClár Náisiúnta um Monatóireacht Sliogéisc (biotoscainí) i 2014 chun feabhas a chur ar sheasmhacht an chláir mhonatóireachta agus tacú ar an tslí sin leis an tionscal chun a ndualgas dlí a bhaint amach maidir le cinntiú nach gcuirtear ach bia sábháilte ar an margadh. Seo a leanas na rialuithe:

1. Samplaí míosúla deimhniúcháin bhiotoscaine a thógtar ag OCIM in éineacht le Nóta Oifigiúil Comhairle Shamplach ÚCIM do gach limistéar táirgthe dhiúilicíní agus do limistéir tháirgthe mar a ndéantar sampláil ar na hoisrí go seachtainiúil, nó
2. Samplaí ráithiúla deimhniúcháin bhiotoscaine a thógtar ag OCIM in éineacht le Nóta Oifigiúil Comhairle Shamplach ÚCIM do gach limistéar táirgthe ar bhonn míosúil samplála biotoscaine, .i. gach limistéar táirgthe oisrí, breallach, ruacan agus muiríní NACH ndéantar ar bhonn seachtainiúil samplála.
3. Ní chuirfeadh limistéir tháirgthe a raibh stádas dúnta biotoscaine acu tar éis dúnta mar gheall ar imeacht thocsaineach ar stádas oscailte biotoscaine mura dtógtar an dara sampla oscailte biotoscaine faoi mhaoirseacht ÚCIM agus in éineacht le Nóta Oifigiúil Comhairle Shamplach ÚCIM.

San iomlán cuireadh 295 shampla deimhniúcháin bhiotoscaine faoinár mbráid ag OCIM le linn 2020 mar chuid de rialuithe oifigiúla feabhsaithe na hÉireann faoin gclár monatóireachta seo.

Cuireadh 400 sampla breise fíteaplanctóin faoinár mbráid ag OCIM le linn 2020 mar chuid den Chlár Náisiúnta um Monatóireacht Fhíteaplanctóin ar bhonn seachtainiúil, a sholáthraíonn réamhrabhadh maidir le hábhar blás algach dochrach i limistéir fháis sliogéisc.

Figiúr 5: Tristéil Oisrí



Bearta COVID-19 don CNMS

Le linn 2020, agus eagraithe ar shlí chun freagra a thabhairt chomh maith agus is féidir ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le COVID-19, tionóladh sraith Fhíschomhdhálacha seachtainiúla CNMS i Mí Aibreáin agus i Mí na Bealtaine chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chláir Náisiúnta um Mhonatóireacht Sliogéisc, mar shampla na héifeachtaí ar fheidhmiú shaotharlanna biotoscaine agus fíteaplanctóin Fhoras na Mara agus athbhreithnithe ar fhearas cinnteoireachta na gceall bainistithe chun feabhas a chur ar chinnteoireacht mhear.

Níos faide anonn sa bhliain, le linn Mhí na Samhna, tionóladh sraith bhreise theileachomhdhálacha chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht mhoille suntasaí poist agus samplaí sliogéisc ag teacht chuig na saotharlanna sa tréimhse roimh an Nollaig. Tar éis plé a dhéanamh leis an bPost bunaíodh sraith de phrótacail do sholáthar sheachadadh díreach shamplaí sliogéisc don Bhosca PO ag ionad poist na Gaillimhe.

An Clár Monatóireachta um Threoir na nUiscí Sliogéisc

Le linn Mhí na Samhna gach bliain, bíonn comhaontú leanúnach ag ÚCIM chun cabhrú le Foras na Mara le tógáil samplaí éisc a éascú chun anailís rianmhiotal agus orgánahalaiginí a cheadú.

I Mí na Samhna 2020, tógadh samplaí i 58 láithreán ag OCIM chun Anailís Cheimiceach a dhéanamh níos déanaí orthu maidir le rianmhiotail agus orgánahalaiginí ag Foras na Mara.

Ceistneoir DG (SANTE) faoi na Moilisc Dhébhlaoscacha Bheo

I Mí Mheán Fómhair 2020, fuair Éire ceistneoir mionsonraithe ó Rannóg B-shláinte agus Iniúchtaí agus Anailís Bhia na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, mar chuid dá gclár chun a dtuiscint a nuashonrú maidir le rialuithe oifigiúla na mballstát ar MDB.

Sholáthair ÚCIM cur síos mionsonraithe ar chláir Mhonatóireachta Sliogéisc na hÉireann, chomhordaigh sé freagraí ó na saotharlanna éagsúla laistigh d'Fhoras na Mara agus thug sé freagra trí ÚSBÉ.


Suirbhéanna Sláintíocha

Leanadh ar aghaidh le suirbhéanna sláintíocha i 2020 i gcomhar le Aquafact International Teo. Maidir leis na limistéir tháirgthe shliogéisc ar ann dóibh cheana, tugadh na staidéir deisce agus líne chladaigh chun críche do Bhéal Átha Longfoirt agus do Chuan an Fhóid Duibh; tugadh go hiomlán chun críche freisin suirbhéanna d'aithint phointí samplála do Chuan Shligigh, Droim Chliabh agus Bá Ghaoth Dobhair. Cuireadh tús freisin le hobair ar limistéar nach bhfuil aicmithe fós, Bá Shruth Fada Con.

Cuireadh roinnt suirbhéanna baictéareolaíocha sliogéisc i gcrích i 2020 freisin mar chuid den phróiseas suirbhé sláintíoch. Bhí speicis sliogéisc, lena n-áirítear oisrí an Aigéin Chiúin, ruacain agus diúilicíní i nDún Garbháin, Gaoth Dobhair, Sligeach agus Droim Chliabh faoi réir ag suirbhéanna spásúla chun cabhrú tuilleadh le roghnú na PMI (pointí monatóireachta ionadaíocha).

Mar chuid d'athbhreithniú an Chóid Chleachtais d'Aicmiú agus do Mhonatóireacht Mhicribhitheolaíoch na Limistéar Táirgthe Moileasc Débhlaoscach Beo, chuir ÚCIM le chéile Cód Cleachtais nua suirbhé shláintíoch líne chladaigh in éineacht le nósanna imeachta agus teimpléid shláintíocha breise nuashonraithe.

Noraivíreas



Is víreas é an noraivíreas ar cúis ghaisteintrítis i ndaoine é; trína láithreach i bhfuíolluisce, is féidir go mbeadh sé bithbhailithe i moilisc, rud a mbíonn de thoradh air galar a fhaightear i mbia trí bheith ag ithe mhoileasc iomlán neamhchócaráilte, oisrí beo san áireamh. I 2019, d'fhoilsigh ÚESB a anailís siúd ar thorthaí shuirbhé bonnlíne ar fud an AE ar an Noraivíreas in Oisrí, a léirigh leitheadúlacht leanúnach, a mbaineann tiúchan sách íseal leis go ginearálta sa ghrúpa bia seo. Tá córais leitheadacha i bhfeidhm cheana chun an riosca a bhainistiú maidir le truailiú an táirgthe mhoileascaigh, lena n-áirítear na coincheapa ar leith d'aicmiú micribhitheolaíoch limistéar táirgthe de réir stádas micribhitheolaíoch maith (Aicme A), cuíosach maith (Aicme B) agus lag (Aicme C), stádas micribhitheolaíoch na n-uiscí táirgthe, agus freisin comhlíontacht shonrach chritéir micribhitheolaíoch a éilítear do Mhoilisc Dhébhlaoscacha Bheo a chuirtear ar an margadh mar tháirgí bia.

Tá siad bunaithe, áfach, ar tháscairí baictéaracha seachas víreacha agus go luath i 2020 rinne DG-Sante an Choimisiúin Eorpaigh moltaí coisteolaíocha le haghaidh athruithe do rialacháin AE a chruthódh uasteorainn Noraivíris in oisrí a bheadh infheidhmithe i roinnt cásanna a bhaineann le trádáil oisrí.

Chuir ÚCIM cruth ginearálta an mholta seo in iúl do roinnt fóram Éireannach táirgeora mhoileasc, an Coiste Náisiúnta um Shábháilteacht Sliogéisc Mhoileascaigh san áireamh. Thug ÚCIM comhairle do RTBM a chuaigh i bhfeidhm go díreach ar léargas Éireannach de bheith ag tacú go ginearálta le cruth leathan thogra DG-Sante. Tairiscíodh, áfach, roinnt moltaí teicniúla chun frámáil rialála níos beaichte a bhaint amach, agus é i gceist soiléireacht oibríteora a chinntiú, go háirithe cur i bhfeidhm comhchuibhithe ar fud BS an AE, stáit táirgthe oisrí san áireamh. Léirigh Ballstáit eile go gcuireann siad fáilte roimh na moltaí go ginearálta agus go bhfuil gá ann le mionleasuithe teicniúla; ghabh DG Sante air féin sin a dhéanamh laistigh de ghrúpaí oibre teicniúla; ní dhearnadh, áfach, moltaí ná dul chun cinn breise i 2020. De réir Thuarascáil Zónóisí ÚESB/LEGC Sláinte Amháin 2019, a foilsíodh go luath i 2021, fuarthas gurb é an Noraivíreas atá i dtáirgí éisc an gníomhaire/péire bia a nascadh leis an líon ab airde ráigeanna galair i mbia, a bhfuil fianaise láidir ar fáil dóibh, san AE i 2019.

Teagmhais Sábháilteachta Bia

Teagmhas bia is ea aon imeacht mar a bhfuil, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, cúiseanna imní maidir le sábháilteacht nó cáilíocht bhia a éilíonn anailís leantach ag na hÚdaráis Inniúla ar mhaithe le sláinte an phobail.

Is féidir go gcuirfí teagmhas bia in iúl do ÚCIM ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Gníomhaireacht Oifigiúil eile nó Oibrítheoir Gnólachta Bhia. Beidh de thoradh ar shampla rialaithe oifigiúil neamhchomhlíontach a thógtar ag ÚCIM ó ionad bia mhara oscailt imscrúdaithe theagmhais bhia freisin.

Le linn 2020, san iomlán imscrúdaíodh 38 teagmhas bia ag ÚCIM.



De réir nós imeachta dhoiciméadaithe faoi theagmhais bhia, agus mar chuid de bhainistiú teagmhas bia, baintear úsáid as measúnú riosca chun teagmhais bhia a chatagóiriú mar seo a leanas:

Aicme 1

Is bagairt phoitéinsiúil, láithreach nó thromchúiseach é an teagmhas i leith na sláinte poiblí, m.sh. tá an táirge atá i gceist, go poitéinsiúil, fós ar an margadh, is ann do thuairiscí faoi dhuine/dhaoine breoite.

Aicme 2

Níl an teagmhas ina bhagairt láithreach nó thromchúiseach maidir le sláinte an phobail (m.sh. tá a sheilfré caite).

Aicme 3

Rinne foireann imscrúdaithe theagmhais ÚCIM imscrúdú ar an teagmhas agus ní theastaíonn aon ghníomhaíocht bhreise ag ÚCIM (m.sh. níl an t-ionad inar táirgeadh an táirge atá i gceist faoi mhaoirseacht ÚCIM.) Cuirfidh ÚCIM an cinneadh gan dul ar aghaidh níos mó leis an imscrúdú in iúl do ÚSBÉ.

Rinneadh 29 gcinn de na teagmhais bhia a chatagóiriú mar theagmhais Aicme 1, rinneadh 8 gcinn a chatagóiriú mar theagmhais Aicme 2 agus rinneadh 1 cheann a chatagóiriú mar Aicme 3.

Gearáin Bhia

Le linn 2020 fuair ÚCIM 9 ngearán, ar bhain 6 cinn acu le bia, bhain 2 cheann acu le gnólacht bia agus bhain 1 cheann acu le fotháirgí ainmhí. Bhain na gearáin le hábhair choimhthíocha, rialú teochta, cleachtais sábháilteachta bia agus neamhchomhlíontachtaí lipéadaithe. Déantar anailís leantach ar gach gearán a fhaigheann ÚCIM. Deimhnítear gníomhaíocht cheartaitheach a chuirtear i bhfeidhm ag an Oibrítheoir Gnólachta Bhia chun atarlú a chosc ag ÚCIM le linn rialuithe oifigiúla.

Gníomhaíocht Chomhlíontachta

Forfheidhmiú Sábháilteachta Bia

I 2020, san iomlán tugadh faoi 13 ghníomh forfheidhmithe ag ÚCIM, a chuimsíonn iad seo a leanas:

- 10 bhFógra Comhlíontacha faoi I.R. 22/2020 Rial. an Aontais Eorpaigh (Sláintíocht Bhia agus Bhia d’Ainmhithe) 2020;
- 2 Fhógra Íocaíochta Socraithe faoi I.R. 22/2020;
- 1 Fhógra Feabhsúcháin faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998.

I measc na gcásanna neamhchomhlíontachtaí bhí: doiciméid easnamhacha, Córas Bainistithe Sábháilteachta Bia neamhshásúil, lipéadú neamhshásúil, ionad a chuireann i gcrích gníomhaíocht neamhfhaofa agus caighdeáin sláintíochta bia neamhshásula.

Déantar fógraí comhlíontachta a sheirbheáil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláintíocht Bhia & Bhia d’Ainmhithe) 2009 agus is féidir go gcuirfidh siad iachall ar an duine a ndéantar an fógra a sheirbheáil dó nó di a leithéid de ghníomhaíocht a dhéanamh agus a shonraítear san fhógra.

Déantar Fógraí Feabhsúcháin a sheirbheáil faoi Acht ÚSBÉ nuair a mheasann oifigeach údaraithe go bhfuil nádúr ag baint le háitreabh nó le cleachtas, a bheidh, nó is dócha go mbeidh, sé ina riosca do shláinte an phobail má leantar de.

Déantar Fógra Pionóis Shocraithe (pionós €250) a sheirbheáil más rud é go ndearnadh cion faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláintíocht Bhia agus Bhia d’Ainmhithe) 2009. Tá 28 lá ag an Oibríteoir Gnólachta Bia chun an fhíneáil a íoc agus ní thionscnófar ionchúiseamh le linn na tréimhse ama sin.

Comhoibriú Sábháilteachta Bia

Tá sé riachtanach bheith ag comhoibriú le comhghleacaithe ar bhonn trasghníomhaireachta agus ilghníomhaireachta chun an dea-chleachtas a chinntiú i réimse rialacháin na sábháilteachta bia. I dTábla 26 luaitear gach cruinniú dá leithéid a tionóladh i 2020.

Tábla 26: Cruinnithe faoin tSábháilteacht Bia le linn 2020

Imeacht	Líon Cruinnithe	Líon Laethanta Foirne
Déthaobhach: ÚCIM/ÚSBÉ	4	12
Tríthaobhach ÚCIM/ÚSBÉ/For. Mara	2	8
An Coiste um Shábháilteacht Sliogéisc Mhoileascaigh	4	10
Tríthaobhach ÚSBÉ/GTÉSB/ÚCIM	2	4

Imeacht	Líon Cruinnithe	Líon Laethanta Foirne
Cruinnithe Cheall Bainistithe COVID-19	5	10
Cruinnithe Athbhreithnithe Shuirbhé Shláintíoch	2	6
Cruinnithe bliantúla athbhreithnithe aicmithe	3	4
Cruinniú Athbhreithnithe idir Gníomhaireacht na Lochanna / ÚCIM/ÚSBÉ	1	2
Creatlach Uiscí Sliogéisc GCC/ ÚCIM	4	8
Cruinniú Roinnte Sonraí Sláinte Éisc FM/ ÚCIM	1	1
Monatóireacht Fíteaplanctóin FM/ ÚCIM	1	1
Grúpa Náisiúnta Cur i bhFeidhm Teicniúil CTU	4	4
Suirbhéanna Sláintíochta Fhoras na Mara	2	5
GCC - Limistéir Aicmithe Tháirgthe & CTU	2	6
Suirbhé Sláintíoch Trasteorann GCB (TÉ)	1	2
Grúpa Bainistithe Cladaigh (RTBM, BIM, FnaM)	6	11
FNIC (Fóram Náisiúnta lascaigh Cladaigh)	1	2
Cruinniú an Aonaid um Shábháilteacht Bhia	4	1
Rialachán 853/2004 & Rialachán 627/2019	7	
Ciandíolachán Trasghníomhaireachta	2	-
Cuireadh - Misean Caimiléireachta Bia	2	-
Cuireadh Dul Chuig Cruinniú - DG(SANTE) - 2020 - 7099 Misean Faisnéise in Éirinn	1	
ÚCIM & foireann sonraí ÚSBÉ	1	-
Cruinnithe faoi shocruithe maoirseachta	1	0.5
RTBM /ÚCIM FTA	3	4

Oiliúint agus Forbairt Sábháilteachta Bia

Tá soláthar leanúnach oiliúna agus faisnéise do OCIM bunriachtanach chun cinntiú go gcoimeádtar na hOifigigh suas chun dáta le forbairtí reachtaíochta, eolaíochta agus forbairtí ábhartha eile ar fud earnáil na sábháilteachta bia mhara. Cuirtear síos ar an oiliúint agus ar an bhforbairt a soláthraíodh ag ÚCIM i 2020 i dTábla 27 thíos.

Tábla 27: Oiliúint agus Forbairt Sábháilteachta Bia

Ábhar	Líon na nImeachtaí	Líon Rannpháirtithe	Líon na Laethanta Foirne
Ceardlann Oisrí Dhobharshaothraithe BIM/CIÉ	1	18	2
Seimineár Gréasáin safe food – Rioscaí Bia Mara atá ag Teacht chun Cinn	1	1	1
ÚSBÉ: Caimiléireacht Bhia	3	10	15
ÚSBÉ: Lipéadú Ailléirginí Bia	1	2	0.5
ÚCIM Oiliúint Sábháilteachta Bia d’OCIM nua-earcaithe	2	5	100
Seimineár Gréasáin safe food – An Pacáistiú Ceart a Roghnú do Do Bhia	1	1	-
Seimineár Gréasáin safe food – SARS-CoV-2 agus Víris a Iompraítear i mBia sa Tionscal Bia – Ceisteanna Reatha	1	6	0.5
Seimineár Gréasáin Oiliúna Iniúchta ÚSS	1	32	4
Rialachán 2073/2005 Modúl 1: Ag Aithint Critéar Ábhartha Micribhitheolaíoch	1	6	6
Rialachán 2073/2005 Modúl 2: Sampláil & Tástáil	1	6	6
BTSF: Critéir Mhicribhitheolaíochta	1	6	6
BTSF: Bainistiú Ráige a Iompraítear i mBia	1	6	6
Nósanna Imeachta Samplála do Rialú Oifigiúil Bia de Bhunús Neamhainmhí	1	6	6

Trádáil Idirnáisiúnta

Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuiriscithe agus Neamhrialáilte

Ídíonn iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte (INNN) na stoic éisc, scriosann sé na gnáthóga muirí agus cuireann sí iomaíocht as a riocht. Tá sí chun aimhleas shaol mhaireachtála na n-iascairí macánta agus baineann sé de phobail chóstacha, go háirithe i náisiúin atá i mbéal forbartha. Tá Éire, mar bhall den AE, ag obair chun dul i ngleic leis an dúshaothrú a chuireann ar chumas na n-oibrítheoirí neamhdhleathacha leas a bhaint as a gcuid gníomhaíochtaí.

Tá trádáil éisc agus táirgí iascaigh isteach san AE nó amach as, faoi réir ag rialuithe sonracha breise, faoi chreatlach reachtaíochta, chun dul i ngleic le gníomhaíocht iascaireachta INNN. Déanann sin soláthar dó gur gá gach iompórtáil éisc go hÉirinn ó thríú tíortha (tíortha taobh amuigh den AE) a fhógairt roimh ré do ÚCIM le go dtabharfaí faoi na seiceálacha riachtanacha. Ní mór freisin go bhfaighfí teastas gabhála ag am na heaspórtála d'éisc a ghabhtar ag soithí Éireannacha, atá á dtabhairt i dtír nó á n-easpórtáil go tíortha neamhAE agus é mar rún iad a thrádáil isteach san AE arís. Gan an teastas gabhála seo, ní bheidh sé indéanta a leithéid d'éisc a athiompórtáil isteach san AE.



Rialuithe Iompórtála

I 2020 rinneadh 742 iompórtáil, sin 5,318 dtona de tháirgí iascaigh san iomlán isteach go hÉirinn, a raibh i gceist leis laghdú 9% ó thaobh lín de ach méadú 19% de ó thaobh meáchain de ón mbliain roimhe sin.

Tábla 28: Iompórtálacha go hIonaid Rialaithe Theorann Éire

Tír Easpórtálaí	Líon	Meáchan (Kg)
An tSín	49	917,967.43
Eacuadór	55	924,700.26
Na hOileáin Philipíneacha	14	177,102.42
An Afraic Theas	16	338,085.8
An India	25	410,315.6
An Téalainn	17	212,496.04
Oileán Mhuirís	5	114,191.6
An Íoslainn	431	224,411.7
Vítneam	28	286,291.04
Hong Cong	5	86,843.42
An Airgintín	3	54,615.4
An tSile	5	107,024.29
Gána	24	422,058.19
An Iorua	6	139,802.49
Ceanada	10	146,892
Madagascar	2	39,744
Maenmar	3	70,249
An Bhanglaidéis	4	41,915.5
Maracó	16	209,931.72
SAM	16	252,444.68
Peiriú	1	13,130
An Rúis	5	102,517.74
Nua-Ghuine Phapua	2	25,280.64
Iomlán	742	5,318,010.96

Rialuithe Easpórtála

I 2020 eisíodh 94 choinsíneacht a raibh i gceist leo 11,812 thona de tháirgí iascaigh le Teastais Ghabhála. Is ionann sin agus laghdú 18% ó thaobh líon de ach is méadú 1% é ó thaobh meáchain de le hais na bliana roimhe sin.

Clár 29: Líon na dTeastas Gabhála Eisithe de réir Tíre

Tír	Líon na dTeastas
An tSín	26
An Iorua	20
An India	17
An tSeapáin	12
An Úcráin	5
An Túinéis	5
Oileáin Fharó	2
Gána	2
Hong Cong	1
An Bhealarúis	1
An Albáin	1
Vítneam	1
Poblacht na Cóiré	1
Iomlán	94

Eisíodh mórchuid na dteastas gabhála, 32 chinn, don Ronnach Atlantach, agus eisíodh 22 theastas gabhála don Bholmán Atlantach. Tá Údaráis Rialaithe na mBallstát eile i gceannas ar dheimhniúchán a sholáthar do tháirgí a easpórtáiltear chuig Tríú Tír ach is féidir go n-iarrfaidís freisin deimhniúchán do thabhairt i dtír éisc a tharla ó shoitheach Éireannach sa Stát sin, nuair atá an táirge faoi thrácht le heaspórtáil chuig Tríú Tír agus an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfar é a athiompórtáil sa todhchaí. Ina leithéid de chásanna, soláthraíonn an próiseas deimhniúcháin dearbhaíocht don Bhallstát a rinne an t-iarratas gur gabhadh an t-iasc faoi thrácht, agus gur fógraíodh é, de réir na riachtanas dlí.

Tábla 30: Líon Easpórtála Speiceas agus Meáchain

Speiceas	Líon Taifeadta Easpórtála Speiceas*	Meáchan (Kg)
Ronnach Atlantach	32	7,618,000
Scadán Atlantach	14	3,238,000
Bolmán Atlantach	22	701,000
Salán Eorpach	3	116,000
Gliomach na hIorua	18	94,000
Cuachma	1	21,000
Scuid Eorpach	3	20,000
Portán Dearg	1	2,000
Cudal Coiteann	2	2,000
Iomlán	96	11,812,000

*Nóta: In dhá chás thuas, taifeadadh dhá speiceas ar an teastas gabhála céanna.

Teastais Sláinte

San iomlán deimhníodh 4,048 gcoinsíneacht de bhia mara le meáchan iomlán de 91,824 thona, agus mar a raibh 25 speiceas i gceist, le haghaidh easpórtála ó 50 Gnólacht Bia chuig 37 dtír lasmuigh den AE i 2020.

Cuirtear sin i gcomparáid le líon iomlán de 7,076 choinsíneacht de bhia mara, le meáchan iomlán de 83,727 agus 27 speiceas a deimhníodh le haghaidh easpórtála ó 58 nGnólacht Bia chuig 44 thír lasmuigh den AE i 2019. I 2018 easpórtáladh líon iomlán de 7,618 gcoinsíneacht de bhia mara, le meáchan iomlán de 95,117 dtona, & a bhain le 25 speiceas, ó 62 Ghnólacht Bia chuig 46 thír lasmuigh den AE i 2018.³

Tábla 31: Coinsíneachtaí a deimhníodh

Tíortha	Tonaí	Coinsíneachtaí
An Nigéir	40,621	84
An Éigipt	13,379	83
Camarún	7,701	4
An tSín	6,149	649
Gána	5,100	41
Congó	3,394	25
An tSeapáin	3,148	65
Beinin	2,748	24
An Úcráin	2,413	62
Vítneam	2,124	79
Poblacht na Cóiré	1,446	114
Tóga	875	10
An Libéir	837	7
Hong Cong	538	1,680
Iamáice	324	17
Iosrael	167	8
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	123	308
Ceanada	110	315
An Téaváin	106	53
An Bhealarúis	95	4
Singeapór	85	248
An Túinéis	75	1
An Mhalaeisia	57	111
An Téalainn	46	37
An tSile	28	3
An Ghuine Mheánchiorclach	25	1
Poblacht na hAfraice Láir	25	1
Angóla	25	1
Na hOileáin Philipíneacha	24	2
Eile	36	11
Iomlán	91,824	4,048

An trí Náisiún is Mó a Bhíonn ag Iompórtáil

3 thír atá i gceist le 67% de Bhia Mara na hÉireann a easpórtálar chuig tríú tíortha lasmuigh den AE i 2020: an Nigéir 44.2%, an Éigipt 14.6% agus Camarún 8.4%.

Speicis pheiligeacha go príomha a bhí i gceist le heaspórtálacha chuig na trí thír seo a leanas, an Nigéir, an Éigipt agus Camarún, faoi mar atá leagtha amach sna táblaí thíos.

Clár 32: Easpórtálacha chuig an Nigéir

Speiceas	Tonaí
Faoitín Gorm	23,516
Ronnach	15,520
Scadán	1,085
Bolmán	500
Iomlán	40,621

Clár 33: Easpórtálacha chuig an Éigipt

Speiceas	Tonaí
Bolmán	6,861
Ronnach	6,295
Scadán	223
Iomlán	13,379

Tábla 34: Easpórtálacha go Camarún

Speiceas	Tonaí
Bolmán	7,597
Faoitín Gorm	104
Iomlán	7,701

³ Tabhair faoi deara go dtagraíonn na meáchain ar fad sa chuid seo leis an táirge de réir mar a easpórtálar é agus gur féidir nach léiríonn siad meáchan beo an speicis.

Easpórtálacha de réir Aicme Speicis

I 2020 ba speicis pheiligeacha a bhí i gceist le mórchuid mór an bhia mhara a easpórtáladh (96.4%), Faoitín Gorm, Ronnach agus Bolmán san áireamh. Easpórtálacha sliogéisc a bhí sa chuid eile, nach mór, le 3.3% de na heaspórtálacha; den chuid is mó ba é a bhí i gceist leo ná easpórtálacha Cuachmaí, Sceana Mara, Oisrí an Aigéin Chiúin agus Portáin. Chuimsigh méid beag d'iasc cruinn níos lú ná 1% de na heaspórtálacha, Bradán den chuid is mó.

Tábla 35: Easpórtálacha de réir Aicme

Aicme Speicis	Tonaí	Céatadán
Peiligeach	88,490	96.4%
Sliogiasc	3,064	3.3%
Iasc Cruinn	270	0.3%
Iomlán	91,824	100%

Tábla 36: Speicis Pheiligeacha

Speiceas Peiligeach	Tonaí
Ronnach	33,704
Faoitín Gorm	28,003
Bolmán	24,884
Scadán	1,484
Salán	415
Iomlán	88,490

Tábla 37: Speicis Sliogéisc

Sliogiasc	Tonaí
Cuachmaí	1,725
Sceana Mara	477
Oisrí an Aigéin Chiúin	435
Portáin	282
Cloicheáin	95
Diúilicíní	32
Gliomach	17
Eile	1
Iomlán	3,064

Tábla 38: Speicis Éisc Chruinn

Iasc Cruinn	Tonaí
Bradán	263
Eile	7
Iomlán	270


Easpórtálacha Ronnaigh

San iomlán easpórtáladh 33,704 thona Ronnaigh chuig tríú tíortha i 2020. Ronnach reoite ar fad, beagnach, a bhí i gceist anseo (99%), ach easpórtáladh méideanna an-bheaga Ronnaigh dheataithe agus stánaithe freisin.

Tábla 39: Easpórtálacha Ronnaigh de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An Nigéir	15,520
An Éigipt	6,295
Gána	4,058
An tSín	2,560
An tSeapáin	2,276
An Úcráin	2,064
Iamáice	324
Vítneam	283
Eile	324
Iomlán	33,704

Figiúr 6: Easpórtálacha Ronnaigh



Tábla 40: Cineál Cur i Láthair Ronnach

Cur i Láthair	Tonaí
Reoite	33,604
Stánaithe	72
Deataithe	28
Iomlán	33,704


Easpórtálacha Faoitín Ghoirm

San iomlán easpórtáladh 28,003 thona d’Fhaoitín Gorm chuig tríú tíortha éagsúla i 2020, agus chuaigh 84% de sin chuig an Nigéir. Easpórtáladh an Faoitín Gorm ar fad agus é reoite.

Tábla 41: Easpórtálacha Faoitín Ghoirm de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An Nigéir	23,516
An Congó	3,269
An Libéir	837
Beinin	130
Camarún	104
An tSín	100
Eile	47
Iomlán	28,003

Figiúr 7: Easpórtálacha Faoitín Ghoirm




Easpórtálacha Bolmáin

San iomlán easpórtáladh 24,884 thona Bolmáin chuig tríú tíortha i 2020, agus easpórtáladh 58% de sin go Camarún agus chuig an Éigipt. Easpórtáladh an Bolmán ar fad agus é reoite.

Tábla 42: Easpórtálacha Bolmáin de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
Camarún	7,597
An Éigipt	6,861
An tSín	2,662
Beinin	2,592
Vítneam	1,792
Gána	1,042
Tóga	875
An tSeapáin	787
An Nigéir	500
Eile	176
Iomlán	24,884

Figiúr 8: Easpórtálacha Bolmáin




Easpórtálacha Cuachmaí

Breathnaítear ar an gcuachma mar shólaiste ar leith i roinnt tíortha san Áis Thoir; easpórtálar mórchuid an táirge seo chuig na tíortha sin. I 2020, easpórtáladh mórchuid an Chuachma seo chun na Cóiré (82%). Easpórtáladh mórchuid na gcoinsíneachtaí de chuachma agus iad reoite.

Tábla 43: Easpórtálacha Cuachmaí de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
Pob. na Cóiré	1,414
An tSín	201
An tSeapáin	44
Vítneam	20
Hong Cong	19
Eile	27
Iomlán	1,725

Figiúr 9: Easpórtálacha Cuachma



Tábla 44: Cineál Cur i Láthair: Cuachma

Cur i Láthair	Tonaí
Reoite	1,687
Beo	38
Iomlán	1,725


Easpórtálacha Scadáin

San iomlán easpórtáladh 1,484 thona Scadáin chuig tríú tíortha i 2020. Easpórtáladh mórchuid an Scadáin seo (96%) agus é reoite, agus ba Scadán saillte a bhí sa chuid eile.

Tábla 45: Easpórtálacha Scadáin de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An Nigéir	1,085
An Éigipt	223
An Túinéis	75
Iosrael	66
An Úcráin	19
Eile	16
Iomlán	1,484

Figiúr 10: Easpórtálacha Scadáin



Tábla 46: Cineál Cur i Láthair: Scadán

Cur i láthair	Tonaí
Reoite	1,418
Saillte	66
Iomlán	1,484




Easpórtálacha Sceana Mara

Déantar beagnach gach Scian Mhara a easpórtálar chuig tríú tíortha a eitilt amach agus iad beo uaireanta an chloig tar éis iad a thabhairt i dtír; rinneadh cion an-bheag (3 thona) a easpórtáil agus iad reoite. Is iad margadh na hÁise agus Ceanada cinn scríbe an táirge seo.

Tábla 47: Easpórtálacha Sceana Mara de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
Hong Cong	344
Ceanada	61
An tSín	58
Eile	14
Iomlán	477

Figiúr 11: Easpórtálacha Sceana Mara



Tábla 48: Cineál Cur i Láthair Sceana Mara

Tír	Tonaí
Beo	474
Reoite	3
Iomlán	477


Easpórtálacha Oisrí an Aigéin Chiúin

San iomlán deimhníodh 435 thona d’Oisrí beo le haghaidh easpórtála ag ÚCIM i 2020. Rinneadh Oisrí Éireannacha saothraithe a easpórtáil beo chuig tíortha, sa Chianoirthear go príomha, faoi mar atá leagtha amach sa chlár thíos.

Tábla 49: Easpórtálacha Oisrí an Aigéin Chiúin de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An tSín	206
Hong Cong	135
Singeapór	50
An Mhalaeisia	28
Eile	16
Iomlán	435

Figiúr 12: Easpórtálacha Oisrí an Aigéin Chiúin




Easpórtálacha Portáin Dheirg

San iomlán easpórtáladh 282 thona Portáin Dheirg i 2020; rinneadh mórchuid de sin a easpórtáil chuig tíortha i margadh na hÁise. Bhain 87% de na heaspórtálacha le Portán Dearg reoite, agus easpórtáladh an chuid eile mar tháirge beo.

Tábla 50: Easpórtálacha Portáin Dheirg de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An tSín	186
An tSeapáin	34
Poblacht na Cóiré	17
Vítneam	16
Ceanada	15
Hong Cong	10
Eile	4
Iomlán	282

Figiúr 13: Easpórtálacha Portáin Dheirg



Tábla 51: Cineál Cur i Láthair Portáin Dheirg

Cur i Láthair	Tonaí
Reoite	246
Beo	36
Iomlán	282


Easpórtálacha Bradáin

I 2020 easpórtáladh san iomlán 263 thona bradáin chuig tríú tíortha éagsúla faoi mar atá leagtha amach sa chlár thíos. Bradán deataithe (4%) a bhí i gcion beag den bhradán deimhnithe, agus easpórtáladh an chuid eile den bhradán agus é reoite.

Tábla 52: Easpórtálacha Bradáin de réir Tíre & Meáchain

Tír	Tonaí
An tSín	74
Aontas na nÉimíorachtaí Arabacha	61
An Bhealarúis	50
An tSile	27
Na hOileáin Philipíneacha	24
Hong Cong	20
Eile	7
Iomlán	263

Figiúr 14: Easpórtálacha Bradáin



Tábla 53: Cineál Cur i Láthair Bradáin

Cur i Láthair	Tonaí
Reoite	252
Deataithe	11
Iomlán	263

Forfheidhmigh

Seachadadh seasmhach den scoth gníomhaíochtaí rialaithe le creatlach chomhtháite rioscabhunaithe chun rátaí méadaithe comhlíontachta a bhaint amach.



Forfheidhmiú Sábháilteachta Bia & Rialaithe Iascaigh

Le linn 2020, san iomlán tionscnaíodh 57 gcáschomhad ar leith i nDlínse na hÉireann ag ÚCIM agus ag an tSeirbhís Chabhlaigh trí mheán forfheidhmithe dhírigh. As na 57 gcás, san iomlán rinneadh imscrúdú ar 92 shárú ar leith.

Iniúchadh Peiligeach AE

Chuir Coimisiún an AE iniúchadh i gcrích ar chórais rialaithe iascaigh na hÉireann a bhaineann le rialú thabhairt i dtír pheiligigh chomh maith le rialuithe/forfheidhmiú ar ghabhálacha an Tuinnín Ghoirm i 2018. Tar éis an iniúchta seo, i Mí Iúil 2019, scríobh Coimisiún an AE go foirmeálta chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Fiosrúchán Riaracháin a thionscnamh le scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar na córais rialaithe iascaigh atá i bhfeidhm in Éirinn. Ina chail mar an t-údarás inniúil do rialú iascaigh, cuireadh mar chúram ar ÚCIM freagra na hÉireann a chomhordú ar an bhFiosrúchán Riaracháin agus teagmhála ábhartha leis an gCoimisiún.

Soláthraíodh freagra cuimsitheach ar an bhFiosrúchán Riaracháin don Choimisiún go déanach i 2019 agus tugadh chun críche anailís bhreise ar dhá réimse shonracha faoi dheireadh Mhí Feabhra 2020 a soláthraíodh don Choimisiún.

I Mí na Nollag 2020, thug an Coimisiún freagra don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag tabhairt le fios gurb ann do roinnt pointí suntasacha gníomhaíochta a bhfuil breithniú le déanamh fúthu ag Éirinn anois. Is é an chéad chéim eile sa phróiseas ná teagmháil idir Éirinn agus an Coimisiún chun plé a dhéanamh faoi na ceisteanna a tháinig chun cinn; beidh i gceist ann foireann ó RTBM, agus a gcabhróidh ÚCIM leo.



Le feiceáil thuas: Tuinnín Gorm Atlantach (*Thunnus thynnus*)

Cáschomhaid a osclaíodh i 2020

Bhain na 57 gcás a osclaíodh i 2020 le soithí a bhí cláraithe do na náisiúntachtaí seo a leanas:

Tábla 54: Cáschomhaid a Osclaíodh

Tír	Líon na gCáschomhad a Osclaíodh
Éire	33
RA	2
An Fhrainc	8
An Spáinn	5
An Ghearmáin	2
An Iorua	1
Neamhchláraithe	3

Bhain na 3 chás eile le gnólachtaí próiseála bia.

Seachas na 57 gcás a osclaíodh i 2020, dúnadh 23 chás i 2020 freisin. Is féidir toradh na 23 chás dúnta a chur isteach i 4 chatagóir, go garbh:

- Tugadh 10 gcás chun críche sna cúirteanna agus bhí daorbhreitheanna ann dá mbarr;
- Dúnadh 10 gcás ós rud é gur threoraigh an SIP nárbh fhéidir leis an gcás dul ar aghaidh;
- Cuireadh an tAcht um Promhadh i bhfeidhm mar gheall ar 1 chás;
- Bhain 1 chás le ceist sábháilteachta bia mar ar chomhlíon an gnólacht an Fógra Íocaíochta Socraithe (FIS);
- Dúnadh 1 chás tar éis tabhairt chun críche iarratais ar chúnamh frithpháirteach;
- As na 57 gcás a osclaíodh i 2020, bhí 34 chás fós oscailte ag deireadh 2020. As na cásanna oscailte seo;
- Bhí 19 gcáschomhad fós á gcomhthiomsú agus iad ag feitheamh le fianaise nó cruthúnais bhreise;
- Aistríodh 2 cheann chuig Ballstáit eile. Sa dá chás seo, bhí ÚCIM ag feitheamh le faisnéis ó na Ballstáit maidir le toradh na gcásanna sula ndúnfaí na comhaid;
- Bhí 7 gcás ag dul ar aghaidh de bhun treorach ón SIP agus bhí an Stát ag feitheamh le dátaí cúirte;
- Bhí 6 chás leis an SIP ag deireadh 2020, agus iad ag fanacht le treoir.

Nádúr na Sárúithe Amhrasta

As na 57 gcáschomhad a osclaíodh i 2020, bhain 92 shárú aonair leo. Is féidir na sárúithe seo a chur isteach sna catagóirí seo a leanas, go garbh:

Tábla 55: Catagóirí na Sárúithe de réir Líon

Catagóirí na Sárúithe	Líon na Sárúithe
Teip chun oifigigh a éascú nó dréimire bordála gan a bheith curtha ar fáil	5
Caomhnú lascaigh: iascaireacht i limistéar dúnta nó iascaireacht neamhúdaráithe	9
Caomhnú lascaigh: thar an gcuóta nó ganthaifeadadh na gabhála	8
Caomhnú lascaigh: speicis nach bhfuil sách mór, speicis a bhfuil cosc orthu	5
Sárú a bhaineann le trealamh iascaireachta agus soithigh: líonta, marcáil, am maothaithe, trealamh tuairisceoireachta	14
Dualgais tabhairt i dtír agus ceisteanna scaoilte	5
Iascaireacht gan cheadúnas bailí	2
Lagleabhar nár tugadh chun críche i gceart nó nach bhfuil suas chun dáta	19
Sárú a bhaineann le tuairisceoireacht soithigh	16
Comhad á ullmhú: Sonraí sárúithe ar feitheamh	7
Teip maidir le héisc a stuáil i gceart	2
Iomlán	92



Próiseáil na gCáschomhad 2020

Osclaíodh 57 gcáschomhad nua i 2020, agus thug an tAonad Forfheidhmithe 13 chás chun críche sna cúirteanna i 2020. As na cásanna seo, tosaíodh 11 acu i 2020. Maidir leis an 2 chás eile, bhain ceann amháin le cáschomhad a osclaíodh i 2015 agus bhain an ceann eile le cáschomhad a osclaíodh i 2019.

Bhí soithí iascaireachta a ndearnadh an próiseas coimeádta shoithigh leo (cé acu ag an tSeirbhís Chabhlaigh nó ag ÚCIM) i gceist le gach ceann de na 13 chás a tugadh chun críche os comhair cúirte i 2020. Go ginearálta pléann an SIP le máistrí Éireannacha trína dtoghairm seachas an próiseas coimeádta a úsáid.

In 12 as na 13 chás thuasluaite, gearradh fíneáil ag na cúirteanna. Ba é luach iomlán na bhfíneálacha a gearradh sna 12 chás seo ná €39,300. Íoctar na fíneálacha seo do Sheirbhísí Cúirte na hÉireann agus ní riarann ÚCIM na híocaíochtaí ná ní dhéanann an t-údarás monatóireacht orthu.

As na 13 chás a tugadh chun críche:

- Gearradh fíneáil ar 6 cinn acu, gan aon phionóis eile, ar luach iomlán de €7,500;
- Gearradh fíneáil ar 3 cinn acu agus rinneadh a ngabháil a choigistiú, ar luach iomlán €113,100;
- Gearradh fíneáil ar 3 cinn acu agus rinneadh a dtrealamh a choigistiú, ar luach iomlán €32,300;
- I gcás amháin níor gearradh aon fhíneáil ná níor coigistíodh aon trealamh, ach coigistíodh gabháil ar luach €9,000.

Is é luach iomlán na bhfíneálacha agus na gcoigistithe gabhála agus trealamh ná €161,900.

Faoi dheireadh 2020, seo a leanas stádas na 57 gcáschomhad agus na sárúithe a bhaineann leo:

Tábla 56: Staitisticí Cáschomhaid ó 01 Ean. go 31 Noll. 2020

Stádas an Cháschomhaid	Líon na gCáschomhad	Líon na Sárúithe
Cáschomhad á ullmhú	19	27
Dúnta tar éis daorbhreithe	11	29
Dúnta: ní rachfar ar aghaidh leis	10	11
Treoraithe ag an SIP	7	16
Bia FPC	1	0
Cúnamh Frithpháirteach	1	0
Aistrithe Amach	2	2
Leis an SIP	6	7
Iomlán	57	92

Pointí do Sháruithe Tromchúiseacha

Tá dualgas ar gach Ballstát AE córas pointí a bhunú atá le cur i bhfeidhm i gcás sealbhóirí ceadúnais shoithí iascaireachta nuair a aimsítear sárú tromchúiseach ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh. Tá sé i gceist go bhfeidhmeodh an córas pointí mar phionós níos láithrí agus níos comhchuibhithe sa mhéid go bhfaighidh an sealbhóir ceadúnais, beag beann ar cén áit a ndéantar sárú tromchúiseach san AE, go bhfaighidh sé/sí an líon céanna pointí. Faoi Aguisín XXX den Rialachán AE 404/2011 tá líon sonraithe pointí le leithdháileadh ar gach sárú tromchúiseach.

Tugadh an córas pointí isteach in Éirinn i Mí Lúnasa 2020 le hIonstraim Reachtúil (IR 318 ó 2020) mar phróiseas atá comhthreormhar leis an ionchúiseamh coiriúil. Beidh an cáschomhad céanna mar bhonn, mar sin de, leis an gcás do phointí in aghaidh an tsealbhóra cheadúnais agus leis an gcás coiriúil in aghaidh an Mháistir araon. I ráithe deiridh 2020 rinneadh céim bhunaithe an chórais phointí seo, mar sin de níorbh ann d'aon chásanna le linn 2020.

Mar chuid den chéim bhunaithe, ainmníodh Painéal Cinntiúcháin, a bhfuil triúr gairmithe dlí neamhspleácha mar chuid de, ag an Ard-Aighne, agus ceapadh iad ag ÚCIM. Is féidir le sealbhóirí ceadúnais aon mholadh atá ag an bPainéal Cinntiúcháin chun pointí a shannadh air/uirthe a chur faoi bhráid an Oifigigh Achomharc. Is gairmí dlí neamhspleách é an duine seo a ainmnítear ag an Ard-Aighne agus a cheaptar ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.



Tábla 57: Liosta na nAcrainmneacha

Acrainm	Cur Síos
FTA	Fotháirge Ainmhí
RFT	Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht
POC	Príomhoifigeach Cúnta
PLG	Plean Leanúnachais Ghnó
BIM	Bord lascaigh Mhara
ONFBNS	Oiliúint Níos Fearr do Bhia Níos Sábháilte
ARCC	Ard-Reachtair Cuntas & Ciste
CBI	An Comhbheartas lascaigh
OC	Oifigeach Cléireachais
CC	Cód Cleachtais
COVID-19	Coróinvíreas Galar 19
CCSP	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
RTBM	An Roinn Talmhaíochta Bia & Mara
DG MARE	An Ard-Stiúthóireacht um Ghnóthaí Muirí agus lascaireacht
DG SANTE	An Ard-Stiúthóireacht um Shláinte & Sábháilteacht Bia
RC	An Roinn Cosanta
SIP	An Stiúthóir Ionchúiseamh Poiblí
LEGCR	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú
eDOCS	Doiciméid Leictreonacha
GERI	An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar lascach
ÚESB	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
CEMID	An Ciste Eorpach Muirí, lascaigh & Dobharshaothraithe
CEMI	An Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh
OF	Oifigeach Feidhmiúcháin
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
ISE	Infheistíocht Struchtúrtha na hEorpa
ERS	Córas Leictreonach Tuairisceoireachta

Acrainm	Cur Síos
CTES-CTÉ	An Chomhairle um Thaighde Eacnamaíochta & Sóisialta - an Chomhairle um Thaighde in Éirinn
AE	An tAontas Eorpach
OGB	Oibritheoir Gnólachta Bhia
FFI	Fógra Faisnéise lascaigh
LMÉ	Lárionad Monatóireachta Éisc
SF	Saoráil Faisnéise
FPC	Fógra Próiseála Cothroime
ÚSBÉ	Údarás Sláinte Bia na hÉireann
GTÉSB	Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Shábháilteacht Bhia
GDPR	An Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí
S & S	Sláinte & Sábháilteacht
AOF	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
AD	Acmhainní Daonna
ÚSS	An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
LBL	Líne Bairr Láin
CGFÉ	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
CITM	An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide
FAÉ	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
CCFI	Córas Comhtháite Faisnéise lascaigh
BMC	Beartas Muirí Comhtháite
CI	Caidreamh Idirnáisiúnta
CSÉ	Cumann Sliogéisc na hÉireann
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
INNN	lascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuiriscithe agus Neamhrialáilte
JDP	Plean Comhimlonnaithe

Acrainm	Cur Síos
MDB	Moileasc Débhlaoscach Beo
DTT	Dualgas Tabhairt i dTír
GCMS	Garchabhróir Meabhairshláinte
FM	Foras na Mara
CGCM	An Coiste Grinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Muirí
MT	Meamram Tuisceana
CSSM	An Coiste Sábháilteachta um Shábháilteacht Mhoileasc
CIATT	An Coinbhinsiún Um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh
FNIC	Fóram Náisiúnta an Iascaigh Chladaigh
PNRI	An Plean Náisiúnta um Rialú Iarmhar
CNMS	An Clár Náisiúnta um Mhionatóireacht Sliogéisc
RRO	Rialacháin Rialaithe Oifigiúil
OPOFR	Oifigeach Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
PABBA	Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Bia Ainmhithe
BCMC	An Buanchoiste um Monatóireacht agus Comhlíontacht
CCÉR-FGC	An Chomhairle um Chúram Éigeadála Réamhospidéal - Freagróir Garchabhrach
CFBF	Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta
ÉTCP	Éadaí & Trealamh Cosanta Pearsanta
PwC	Pricewaterhouse Coopers
CBC	Córas Bainistíochta Cáilíochta
CML	Cianmhonatóireacht Leictreonach
ERBI	Eagraíocht Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh
PMI	Póinte Monatóireachta Ionadaíoch
GSR	Grúpa Stiúrtha Réigiúnach
RLI	Réidh le hIthe
IDS	Iarratas Duine ar a Shonraí
FFAT	Faireachas Fhotháirgí Ainmhithe & TSE
CSRI	Clár Shonracha Rialaithe & Iniúchta
ÚCIM	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
OCIM	Oifigeach Cosanta Iascaigh Mhara



Acrainm	Cur Síos
IR	Ionstraim Reachtúil
BNIO	Buan-nósanna Imeachta Oibríochta
OPS	Oifigeach Poirt Sinsearach
SFS	Sláintíoch + Fíteashláintíoch
LNAÉTGL	Lárionad na Náisiún Aontaithe d'Éascú Trádála & do Ghnó Leictreonach
CMS	Córas Monatóireachta Soithigh
CTU	An Chreat-treoir Uisce
EDS	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
BGTS	Bliain go dtí seo

Tuarascáil & Ráitis Airgeadais

Eolas Ginearálta	71
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	72
Ráiteas Rialachais & Tuarascáil Bhaill an Údaráis	74
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	78
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta	81
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	82
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	83
Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais	84
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	85

Eolas Ginearálta

Baill an Údaráis:	An Dr. Susan Steele Andrew Kinneen
Ceannoifig:	An Lárionad Náisiúnta Bia Mhara, Bóthar na Páirce, An Cloichín, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.
Uimhir Theileafóin:	+353 23 88 59300
Uimhir Facs:	+353 23 88 59720
Suíomh Gréasáin:	www.sfpa.ie
Banc:	Banc na hÉireann Cloich na Coillte Co. Chorcaí
Iniúchóirí:	An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste, 3A, Sráid an Mhéara Uachtarach, BÁC 1

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020, mar atá riachtanach faoi fhorálacha Ailt 65 den Acht um lascaigh Mara agus Dlínsé Muirí 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na rudaí seo:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coimeáda ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas staide airgeadais
- an ráiteas sreafa airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasáochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais ÚCIM ag 31 Nollaig 2020 agus dá ioncam agus dá chaiteachas do 2020, i gcomhréir le FRS 102 - *An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn tuairime

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (CII), faoi mar a fhógraítear iad ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitúidí Uachtaracha Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar ÚCIM agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam dóthanach agus cuí le bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus faoi nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag ÚCIM in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Údaráis, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú maidir lena leithéid d'fhaisnéis, agus faoi nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc fúthu go heisceachtúil, san aguisín don tuarascáil seo.

Iniúchadh Choimisiún an AE


Tá mar chuid den ráiteas faoi rialú inmheánach nochtadh maidir le hiniúchadh Choimisiún AE ar tugadh faoi i 2018. Mar gheall ar an iniúchadh agus fiosrúchán riaracháin ina dhiaidh sin d'aithin an Coimisiún easnamh shuntasacha maidir le meá agus tuairisciú thabhairt i dtír éisc pheiligigh agus easpa rialuithe nó forfheidhmithe thar ghabhálacha tuinnín ghoirm. I Mí Aibreáin 2021, d'aisghairm an Coimisiún maolú a deonadh i 2012 a cheadaigh meá ghabhálacha ag áiseanna próiseála Éireannacha. Cuireann an ráiteas faoin rialú inmheánach síos freisin ar conas atá an tÚdarás ag obair leis an tionscal iascaireachta agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun cleachtais a thabhairt isteach a chloíonn le rialacháin an AE.

Athbhreithniú ar acmhainn eagraíochtúil

Leagann an ráiteas um rialú inmheánach amach sonraí faoi thuarascáil athbhreithnithe acmhainne eagraíochtúla a eisíodh i Mí Aibreáin 2020. Rinne an t-athbhreithniú roinnt moltaí a bhaineann le heasnamh sa bhainistiú sonraí, san acmhainn anailísíochta sonraí, san acmhainn TF agus san acmhainn chaidrimh thionsclaíoch. Cuireann an ráiteas rialaithe inmheánaigh síos ar bhearta atá á ndéanamh ag ÚCIM chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo.

Ró-íocaíochtaí tuarastail

Nochtann Nóta 8 do na ráitis airgeadais go ndearnadh ró-íocaíochtaí tuarastail ar luach €861,000 a dhíscríobh. Faoi mar a nochtar sa nóta, d'eascair na ró-íocaíochtaí seo mar gheall ar threoir thosaigh ón Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe i 2013 gan laghdúithe pá a chur i bhfeidhm i dtaca le liúntais áirithe. Rinneadh athchinneadh maidir leis an gcinneadh seo i 2017, agus ag an bpointe sin rinne ÚCIM soláthar d'aisghabháil na suimeanna a bhí i gceist. I Mí Aibreáin 2021, chomhairligh an Roinn nár theastaigh aisghabháil na ró-íocaíochtaí seo.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

10 Meitheamh 2021

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste Aguisín don Tuarscáil

Freagrachtaí Bhaill ÚCIM

Leagann an ráiteachas rialachais agus tuarscáil bhaill an Údaráis amach freagrachtaí bhaill an Údaráis do na rudaí seo:

- ullmhú ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear in alt 65 den Acht um Iascaigh Mara & Dlínsa Muirí 2006
- ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- ag cinntiú rialtacht idirbheart
- ag measúnú an bhfuil úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- oiread rialaithe inmheánaigh agus a mheasann siad a bheith riachtanach le hullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sin mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Tá iachall orm faoi alt 65 den Acht um Iascaigh Mara & Dlínsa Muirí 2006 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais ÚCIM agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais. An cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh a chur i gcrích agam ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais san iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is é atá i ndearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe ach ní úrrús é go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir na CII míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Thig le míráitis eascairt as calaóis nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir bheith ag súil leis go réasúnta go rachaidh siad i bhfeidhm, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, ar shocruithe eacnamaíochá úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CII, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measúnaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais, bíodh sin mar gheall ar chalaos nó earráid; dearaim agus cuirim i gcrích gnáthaimh iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthaineach agus cuí le bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha a aimsiú a eascraíonn as calaóis níos airde ná do cheann a eascraíonn as earráid, ós rud é gur féidir go mbeadh i gceist le calaóis claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí nó sárú rialaithe inmheánaigh.
- Faighim tuiscint faoin rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh le gnáthaimh iniúchta a dhearadh atá cuí do na cúinsí, ach ní don chuspóir de bheith ag cur in iúl tuairime faoi éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú faoi oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus faoi réasúnaíocht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim amach tatal faoi oiriúnacht úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, faoin gceist an ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha ar féidir go gcuirfeadh siad

amhras suntasach ar chumas ÚCIM leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim amach an tatal gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá iachall orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor a leithéid de nochtuithe, mo thuairimse a athrú. Tá mo thatal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, go n-éireoidh ÚCIM as mar ghnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí.

- Déanaim measúnú faoi chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlána na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus más rud é go léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhaineann léiriú cothrom amach.

Cuirim in iúl do na daoine sin a bhfuil rialachas mar chúram acu, maidir le, i measc nithe eile, réim agus uainiú beartaithe an iniúchta agus an cinneadh suntasach iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tatal dearbhaithe in iúl maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh de na ráitis airgeadais, tá iachall orm faoi na CII an fhaisnéis eile a léamh a chuirtear i láthair, agus le linn dom sin a dhéanamh, déanaim breithniú maidir leis an gceist an bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó más amhlaidh go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé míráite go hábhartha ar bhealach eile. Má bhainim amach an tatal, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, gurb ann do mhíríteas ábhartha den fhaisnéis eile seo, tá iachall orm sin a thuairisciú.

Tuairisciú faoi nithe eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích ag tagairt do na sainbhreithniúcháin sin a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím más ann do nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím más ann d'aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí a bhí i gceist nó nuair nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Tuairiscím go heisceachtúil maidir leis seo freisin, más é mo thuairim:

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthaineach le ligean do na ráitis airgeadais bheith iniúchta go réidh agus i gceart, nó
- mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas Rialachais & Tuarascáil

Bhail an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh ÚCIM faoin Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006. Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis i gcuid 43 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as cinntiú dhea-rialachas na heagraíochta. Is é an Cathaoirleach, ar ball den Údarás é/í agus beirt bhall eile den Údarás atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir laethúil ÚCIM. Is baill de chuid na Foirne Sinsearaí Bainistíochta iad na baill chomh maith. Ní mór don Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta an treoir leathan straitéiseach a leanúint atá leagtha síos ag an Údarás, agus ní mór go mbeadh tuiscint shoiléir acu maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhshocruithe sin a bhaineann leis an eintiteas, agus maidir le haon rioscaí suntasacha ar dócha go n-eascróidh siad. Faoi fhorálacha Ailt 68 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006, tá an Cathaoirleach cuntasach don Choiste um Chuntais Phoiblí agus an Comhchoiste um Thalmhaíocht, Bia agus Gnóthaí Muirí.

Freagrachtaí an Údaráis

Déantar soláthar d'obair agus freagrachtaí an Údaráis sna rudaí seo:

- an tAcht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006,
- reachtaíocht ábhartha eile, lena n-áirítear; Dlí Sláinte & Sábháilteachta, Dlí Fostaíochta, Dlí Cosanta Sonraí, Dlí Saorála Faisnéise, Dlí lascaigh Mara agus Dlí Sábháilteachta Bia,
- na Gnáthaimh Airgeadais phoiblí a fhoilsítear ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
- an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016,
- an Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 2017-2020
- an Conradh Seirbhíse le USBÉ
- agus an Comhaontú Seirbhíse leis an Roinn Cosanta

Leagtar amach nithe atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh socruithe Údaráis sna Polasaithe agus sna Gnáthaimh Rialachais Chorparáidigh.

Éilíonn Alt 65 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006 go gcoimeádfadh ÚCIM, ina leithéid d'fhoirm is a d'fhaomhófaí ag an Aire don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoil an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach gnáthchuntas cuí airgid a fhaightear agus a chaitear aige.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, tá iachall ar Údarás ÚCIM na rudaí seo a dhéanamh:

- polasaithe oiriúnacha cuntasíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé air de bheith ag feidhmiú, agus
- dearbhú ar leanadh na caighdeán chuntasíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid shásúla chuntasíochta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 65 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus as ardchaighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin ÚCIM.

Is é an tÚdarás atá freagrach as faomhadh an phlean bhliantúil agus as an mbuiséad. Cuireadh measúnacht fheidhmíoch ÚCIM, ag tagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil, i gcrích ar 8 Feabhra 2021.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as cumhdach a chuid sócmhainní agus, mar sin de, as bearta réasúnta a ghlacadh do chosc agus d'aimsiú calaoise agus mírialtachtaí eile.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais ÚCIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht agus de staid airgeadais ÚCIM ag 31 Nollaig 2020.

Ráiteas Rialachais & Tuarascáil

Bhail an Údaráis (ar lean.)

Struchtúr an Údaráis

Níl Bord ag ÚCIM ach faoi láthair cuimsíonn sé Údarás Feidhmiúcháin bheirt bhall. Duine de bhail an Údaráis is ea an Cathaoirleach. Tá an tríú post do bhall an Údaráis á líonadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tugann an clár thíos sonraí faoin tréimhse cheapacháin do bhail reatha an Údaráis.

Ball Údaráis	Ról	Dáta Ceaptha ó/go
An Dr. Susan Steele	Cathaoirleach an Údaráis	4 Márta 2013 go 28 Feabhra 2025
Andrew Kinneen	Ball an Údaráis	1 Eanáir 2007*

* Is ball buan é Andrew Kinneen den Údarás de réir Ailt 47, fo-alt 2(a) den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Mairí 2006.

Sceideal Freastail

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe Rialachais Údaráis. Tionóladh cruinnithe Údaráis ar 06 Feabhra 2020, 10 Márta 2020, 12 Bealtaine 2020, 02 Iúil 2020, 14 Iúil 2020, 13 D. Fómhar 2020, agus 11 Samhain 2020.

Cruinnithe an Údaráis

Líon na gCruinnithe	7
Susan Steele	7
Andrew Kinneen	7

An Coiste Iniúchta & Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an Údarás a chuimsíonn cúigear ball neamhspleách neamhfheidhmiúcháin. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ná tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí a bhaineann le riosca, rialú, agus rialachas agus dearbhaíocht ghaolmhar. Tá CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchtaí. Tuairiscíonn CIR don Údarás go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Le linn 2020 ba iad baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ná: Peter Cowap, Cathaoirleach, Pat Farrell, Brendan O'Shea, Rav Vithaldas agus Sean England. Tionóladh 6 chruinniú de CIR i 2020.

Thug an tÚdarás faoi mheasúnacht féinmheasúnaithe maidir lena fheidhmíocht féin ar 10 Feabhra 2021 chomh maith le feidhmíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca ar 5 Samhain 2020.

Sceideal Freastail, Táillí & Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca do 2020, na táillí agus na costais a fuarthas ag gach ball CIR san áireamh:

CIR	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Líon na gCruinnithe	6	
Peter Cowap, Cath.	5	2,012
Seán England	6	-
Pat Farrell	6	1,697
Brendan O'Shea	5	1,697
Rav Vithaldas	6	1,413
	6,819	862

Ráiteas Rialachais & Tuarascáil

Bhail an Údaráis (ar lean.)

Athbhreithniú ar Acmhainn Eagraíochtúil ÚCIM

Déanann polasaí an rialtais, faoi mar a chuirtear in iúl é ina straitéis dar teideal "Plean um Athnuachan na Státseirbhíse", soláthar do chur i bhfeidhm cláir athbhreithnithe eagraíochtúla, a bhfuil mar chuspóir acu: 'Cultúr a leabú de mheasúnuithe rialta agus oibiachtúla maidir le hacmhainn agus cumas gach Roinne a cuid cuspóirí a bhaint amach agus na gníomhartha riachtanacha a chur i gcrích chun aon bhearnaí a dhúnadh'. I 2019, choimisiúnaigh an tÚdarás Athbhreithniú ar Acmhainn Eagraíochtúil ÚCIM. Is é príomhchuspóir an athbhreithnithe ná cur le forbairt leanúnach agus todhchaí ÚCIM, sa tslí go n-aithnítear é mar ghníomhaireacht fheabhais agus mar eiseamláir do ghníomhaireachtaí eile. Is é an réimse a chlúdaítear ag an Athbhreithniú ná athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn eagraíochtúil ÚCIM a mhisean ceangaltais a sheachadadh: "rialú éifeachtach agus cothrom na n-earnálacha iascaireachta mhara agus bhia mhara sin atá mar chuid dá shainchúram. Ciallaíonn sin gach soitheach iascaireachta a bhíonn ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, soithí iascaireachta Éireannacha cibé áit a mbíonn siad ag feidhmiú, agus an bia mara ar fad a tháirgtear in Éirinn, cibé áit a ndéantar margaíocht air."

Tá an tAthbhreithniú Eagraíochtúil á chur i gcrích ag soláthróirí seirbhíse seachtracha chun cabhrú leis an Údarás maidir le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil inmheánach a chuid sainchúram. Tá Grúpa Stiúrtha & Maoirseachta, a chuimsíonn triúr saineolaithe sinsearach agus iad ar fad neamhspleách ar ÚCIM, curtha i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú. Eisíodh tuarascáil an Athbhreithnithe ar 3 Aibreán 2020. Rinne an tAthbhreithniú 46 mholadh a thabharfaidh aghaidh, agus iad curtha i gcrích, ar cheisteanna a aithníodh chun feabhas a chur ar éifeachtacht na heagraíochta. Ceapadh bord comhairleach neamhspleách ag RTBM chun tacú leis an Údarás agus le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtáí an Athbhreithnithe. Le linn 2020, rinneadh dul chun cinn maidir le 27 as 46 mholadh na Tuarascála. Ceapadh Stiúrthóirí Claochlaithe do ÚCIM i Mí Eanáir 2021, chun moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Tá an tuarascáil iomlán faoin athbhreithniú ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚCIM.

Nochtuithe a éilítear ag an gCód Cleachtas do Rialachais Comhlachtaí Stáit (2016)

Is é an tÚdarás atá freagrach as cinntiú gur chomhlíon ÚCIM riachtanais rialachais chorpáidigh, lena n-áirítear cinn an Chóid Chleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit ("an Cód"), faoi mar a foilsíodh é ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Anailís Sochar Gearrthearma Fostaí

Déantar sochair ghearrthearmacha na bhfostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóirí sna bandaí seo a leanas:

Raon ó	go	Líon na bhFostaithe 2020	2019
€ 60,000	- € 69,999	3	9
€ 70,000	- € 79,999	22	20
€ 80,000	- € 89,999	27	27
€ 90,000	- € 99,999	8	7
€ 100,000	- € 109,999	3	3

Nóta: Do chuspóirí an nocht seo, áirítear mar chuid de na sochair ghearrthearmacha fostaí maidir le seirbhísí soláthraithe le linn na tréimhse tuairisceoireachta: tuarastal, liúntais, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach gan ÁSPC an fhostóra a chur san áireamh.

Costais Sainchomhairleoireachta

Tá mar chuid de na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta ach ní áirítear mar chuid díobh feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó-mar-is-gnách'.

	2020 €	2019 €
Comhairle airgeadais/chuntasáíochta	-	10,049
Acmhainn daonna	16,730	11,070
Comhairle dlí	140,283	167,561
Caidreamh poiblí	47,102	45,776
Tionscadail fheabhsúcháin ghnó	-	123,441
Cur i bhfeidhm straitéise	95,288	220,531
Costais tionscadail / sainchomhairleoireachta CEMI	1,004,820	474,172
Tacaíocht do fhreagra Iníúcháireachta AE	74,609	359,606
Eile	-	14,464
Iomlán	1,378,832	1,426,670
Costais sainchomhairleoireachta gearrtha don Ráiteas Ioncaim & Caiteachais & Cúlchistí		
Coimeádta Ioncaim	1,378,832	1,426,670
Iomlán	1,378,832	1,426,670

¹ I 2019 agus i 2020, tá mar chuid de chostais sainchomhairleoireachta Cur i bhfeidhm Straitéise costas na soláthróirí seirbhíse seachtracha sin a fostaíodh le tabhairt faoi Athbhreithniú Acmhainn Eagraíochtúil ÚCIM.

² Tá mar chuid de chostais Tionscadail/Sainchomhairleoireachta costas na gcomhairleoirí seachtracha sin chun tacaíocht bhainistithe thionscadail a sholáthar trasna na dtionscadal sin a bhaineann le CEMI.

³ Chuir Coimisiún an AE iniúchadh i gcrích ar chórais rialaithe iascaigh na hÉireann a bhaineann le rialú thabhairt i dtír peiligeach agus rialuithe/forfheidhmiú ar ghabhálacha an Tuinnín Ghoirm i 2018. Fostaíodh soláthróirí seirbhíse seachtracha i 2019 chun cabhrú le ÚCIM maidir le hathbhreithniú agus anailís mhéid suntasach sonraí stairiúla agus le hullmhúchán sonraí formáidithe mar fhreagra ar an bhFiosrú Riaracháin.

Ráiteas Rialachais & Tuarascáil

Bhail an Údaráis (ar lean.)

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Soláthraíonn an tábla thíos anailís suimeanna a shainnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairisceoireachta maidir le costais dlí agus socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Níl san áireamh anseo caiteachas maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuarthas ag ÚCIM a nochtáitear sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2020 €	2019 €
Táillí dlí - imeachtaí dlí	73,582	11,029
Socraíochtaí	4,160	9,904
Iomlán	77,742	20,933

Tá san áireamh sna costais dlí seo suim de €Nil (2019: €5,004) maidir le ceisteanna atá fós ag gabháil ar aghaidh agus a bhfuil baint ag ÚCIM leo.

Caiteachas Taistil & Liúntais Chothaithe

Déantar caiteachas taistil agus liúntais chothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Intíre		
Údarás ⁴	3,820	22,800
Fostaithe ⁵	517,766	678,404
CIR	862	5,246
Coiste Comhairleach	1,783	12,016
Idirináisiúnta		
Údarás ⁴	872	5,803
Fostaithe ⁵	22,294	118,411
Iomlán	547,397	842,680

Caiteachas Fáilteachais


Tá mar chuid den Ráiteas Ioncaim & Caiteachais & Cúlchistí Coimeáda loncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Fáilteachas seachtrach páirtithe leasmhara ⁶	-	4,751
Iomlán	-	4,751

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm aige le comhlíonadh a chuid freagrachtaí rialachais chorparáidigh a chinntiú, lena n-áirítear na cinn sin atá leagtha síos sa Chód, faoi mar a bhaineann siad le hábhar i gcás an Údaráis. Nuair a shonraíonn reachtaíocht ábhartha eile dualgais rialachais chorparáidigh, an tAcht lascaigh Mara agus Dlínsé Muirí 2006 san áireamh, glacann siad seo ionad fhorálacha an Chóid.

Ar son an Údaráis



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

9th June 2021

⁴ Tá san áireamh taistil & liúntas cothaithe ar luach €4,417 a íocadh go díreach do bhail an Údaráis a bhaineann le 2020 (2019: €29,377). Baineann iarmhíde de €275 (2019: €8,273) le caiteachas a íocadh ag ÚCIM ar son bhail an Údaráis. Le linn 2020 aisíocadh €Nil (2019: €9,047) as méid iomlán na gcostas taistil agus cothaithe do bhail an Údaráis do ÚCIM ag gníomhaireachtaí de chuid an AE.

⁵ Le linn 2020 aisíocadh €15,250 (2019: €19,770) as méid iomlán na gcostas taistil agus cothaithe d'Fhostaithe do ÚCIM ag gníomhaireachtaí de chuid an AE.

⁶ Baineann costais fáilteachais le cruinniú de chuid NA-FIG a tionóladh ó 3 go 5 Nollaig 2019 i gCeanncheathrú ÚCIM i gCloich na Coillte. Ghlac 26 rannpháirtí ón tSualainn, ón Iorua, ón Danmhairg, ó Oileáin Fharó, ón Íoslainn, ó Ceanada, ó na Stáit Aontaithe, ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe páirt i ndianchlár oibre. Bíonn bail NA-FIG ó na gníomhaireachtaí náisiúnta cánach, custaim agus rialaithe iascaigh ag comhoibriú ar bhonn tuisceana, eolais agus faisnéise roinnte faoi earnáil an iascaigh agus réimsí gaolmhara gnó agus é mar chuspóir acu bheith ag dul i ngleic le coiriúlacht san earnáil.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Ar son an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara aithním freagracht an Údaráis do chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachas Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, mar sin de, ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus cé acu go gcuirtear cosc ar earráidí nó ar mhírialtachtaí ábhartha go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn le treoir a eisíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais, seachas i gcás na gceisteanna rialaithe inmheánaigh a luaitear thíos.

Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an Údarás a chuimsíonn cúigear ball neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin le saineolas airgeadais, iniúchta, rialachais agus teicniúil; duine acu sin is ea an Cathaoirleach. Bhail baill CIR le chéile sé (6) huaire i 2020.

Sheachfhoinsigh an tÚdarás a feidhm inmheánach iniúchta chuig cuideachta seirbhísí gairmiúla. Oibríonn iniúchadh inmheánach de réir chairt inmheánach iniúchta an Údaráis agus de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016). Comhaontaítear an clár oibre

a chuirtear i gcrích ag iniúchadh inmheánach roimh ré le CIR. Déantar athbhreithniú go bliantúil ar an gclár agus déantar athchóiriú air nuair is gá sin. Cuireann an clár reatha oibre iniúchta inmheánaigh réimsí ábhair riosca san áireamh a aithníodh ag an eagraíocht maidir lena cuid cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bhainistithe riosca. Déanann an tÚdarás agus CIR breithniú ar gach tuairisc iniúchta inmheánaigh. Cuireann na tuairiscí seo béim ar easnaimh nó ar laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh agus ar na gníomhartha ceartaitheacha a moltar iad a chur i gcrích nuair atá gá leis sin.

Tá polasaí bainistithe riosca forbartha ag an Údarás a leagann amach a inghlachtacht riosca, na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm agus a thugann sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí seo don fhoireann sin ar fad a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad ag obair laistigh de pholasaithe bhainistithe riosca an Údaráis, le lucht na bainistíochta a chur ar an eolas maidir le teacht chun cinn rioscaí agus laigí rialaithe agus glacadh le freagracht do rioscaí agus do rialuithe laistigh dá réimse féin oibre.

Creatlach Riosca & Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a aithníonn agus a thuiriscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Cloíonn Polasaí Bainistithe Riosca ÚCIM leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016. Tá Príomhoifigeach Riosca ceaptha ag ÚCIM. Forbraíodh clár riosca aonadbhunaithe ag gach aonad gnó a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis agus atá faoi réir ag athbhreithniú leanúnach. Aithnítear, measúnaítear agus tomhaistear rioscaí de réir mhéid a suntais. Cuirfead aon

rioscaí a meastar iad a bheith ina mbunrioscaí nó a mbaineann scór ar leith leo, cuirfead iad san áireamh mar chuid den chlár iomlán riosca do bhreithniú agus do phlé ag an Údarás. Déantar an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag an Údarás ar bhonn ráithiúil agus ina dhiaidh sin cuirtear i láthair do CIR é. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun cinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugann an clár riosca mionsonraí faoi na rialuithe agus na bearta sin a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht a mhaolú d'fheidhmiú rialaithe a shanntar ar aonaid ghnó/ar bhainisteoirí sonracha. Tá bearta déanta ag an Údarás chun cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas mar chuid di:

- rinneadh doiciméadú do na gnáthaimh do gach príomhphróiseas gnó,
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistithe atá sainmhínithe go soiléir,
- is ann do chóras cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéantar é a athbhreithniú agus á fhaomhadh ag baill an Údaráis,
- athbhreithnithe rialta ag an Údarás tuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuair,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- is ann do chórais ar aidhm leo slándáil chóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach, agus,
- athbhreithnithe rialta iniúchta faoi rialuithe agus faoi ghnáthaimh airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean.)

Monatóireacht & Athbhreithniú Leanúnacha

Leagadh síos gnáthaimh fhoirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl do na daoine sin atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus do bhaill an Údaráis, nuair a bhaineann sin le hábhar, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag gach leibhéal nuair a sannadh freagracht le haghaidh bainistithe airgeadais, agus
- déantar athbhreithnithe rialta ag baill an Údaráis agus ag bainisteoirí sinsearach feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla chomh maith le tuairiscí airgeadais a léiríonn feidhmíocht le hais buiséad/tuar.

Soláthar

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag ÚCIM chun comhlíontacht na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú, faoi mar a leagtar sin amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tionchar COVID-19

Tháinig forbairt ar ráig COVID-19 ó bhí Mí Mhárta 2020; ní fhacthas a leithéid de chás riamh cheana agus bíonn cúrsaí ag athrú go tapa. Dhéileáil ÚCIM leis na dúshláin a bhaineann le bheith ag cothabháil rialuithe éifeachtacha inmheánacha trí na rudaí seo:

- Cur i bhfeidhm phleananna leanúnachais ghnó a chinntíonn go gcuirtear isteach ar oibríochtaí a laghad agus is féidir,

- Aithint agus tuairisciú rioscaí nua de thoradh ar COVID-19 agus na gníomhaíochtaí bainistithe a bhfuiltear á gcur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú agus iad a thuairisciú don Choiste Iniúchta agus Riosca mar chuid den chlár riosca,
- Cur i bhfeidhm tacaí chun cabhrú le cianobair agus le hobair fhíorúil,
- Cur i gcrích straitéisí freagra cumarsáide inmheánacha & seachtracha do COVID-19,
- Bunú Coiste um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte,
- Cur i bhfeidhm Plean Freagra COVID-19 ÚCIM, agus
- Athbhreithniú ar Bhuan-Nósanna Imeachta Oibríochta oibríochtúla ÚCIM chun cinntiú go leanantar de bheith ag comhlíonadh freagrachtaí reachtúla ÚCIM agus ag cinntiú ag an am céanna go leanann ÚCIM treoir an Rialtais maidir le dea-chleachtas COVID-19.

Rinneadh breithniú maidir le freagra an Údaráis ar thionchar COVID-19 mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh do 2020.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Téann na rudaí seo a leanas i bhfeidhm ar athbhreithniú an Údaráis maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- na bainisteoirí sinsearach laistigh de ÚCIM atá freagrach as nósanna imeachta & cleachtais ÚCIM a sheasann leis an gcreatlach inmheánach rialaithe agus dearbhaíochta,
- obair an Iniúcháin Inmheánaigh,
- CIR, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúcháin inmheánaigh,
- obair na nIniúcháirí Inmheánacha, lena n-áirítear an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste agus an Coimisiún Eorpach,

- maoirseacht na gníomhaíochta bainistithe tríd an gcóras bainistithe riosca agus feidhmeanna comhlíontachta, lena n-áirítear soláthar sláinte & sábháilteachta, agus
- freagra ÚCIM ar thionchar COVID-19.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras Rialaithe Inmheánaigh ag CIR agus ag an Údarás le cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairisceoireachta.

Deimhním gur chuir baill an Údaráis athbhreithniú bliantúil i gcrích ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2020, i Mí Feabhra 2021.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh - Sonraí faoi laigi i 2020

Athbhreithniú ar Acmhainn Eagraíochtúil

Eisíodh tuairisc Athbhreithnithe ar Acmhainn Eagraíochtúil ÚCIM ar 3 Aibreán 2020. Rinne an tAthbhreithniú 46 mholadh a thabharfaidh aghaidh, agus iad curtha i gcrích, ar cheisteanna a aithníodh chun feabhas a chur ar éifeachtacht ÚCIM. De réir mholtaí na Tuairisce rinneadh roinnt príomhathruithe eagraíochtúla ó shin. Áirítear orthu sin:

- Ceapadh ag RTBM de Bhord Comhairleach neamhspleách chun tacú leis an Údarás agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí.
- Ceapadh Stiúthóra Chlaochlaithe, Bainisteora Cumarsáide Inmheánaigh agus príomhoifigigh Chórais Bhainistithe Cháilíochta.
- Treisiú acmhainn eagraíochtúil ÚCIM trí athstruchtúrú an Aonaid Bhainistithe Shonraí, a thacóidh le feidhmeanna oibríochtúla ÚCIM.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean.)

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh - Sonraí faoi laigí i 2020

Athbhreithniú ar Acmhainn Eagraíochtúil (ar lean)

Baineann cuid de mholtaí an athbhreithnithe le gnéithe neamhshásúla acmhainn bhainistithe shonraí agus anailísíochta sonraí, acmhainn TF agus acmhainn chaidrimh thionsclaíoch ÚCIM. Ní hann d'aon straitéis dhoiciméadaithe sonraí laistigh d'ÚCIM agus tá anailísíocht sonraí gannfhorbartha mar croí-inniúlacht. Ní hann d'aon Straitéis dhoiciméadaithe TF chun tacú leis an Straitéis Chorparáideach. Is ann do roinnt ceisteanna a théann i bhfeidhm ar an timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch in ÚCIM.

Tabharfaidh cur i gcrích mheasúnaithe aibíochta sonraí agus bhainistithe sonraí, straitéis sonraí, forbairt acmhainn anailísíochta sonraí ÚCIM agus bunú straitéise do TF atá ailínithe leis an Straitéis Chorparáideach, tabharfaidh sin aghaidh ar na gnéithe neamhshásúla ar tagraíodh dóibh thuas, agus maolódh sé iad. Príomheilimint maidir le cinntiú go ndéantar dul chun cinn ar chur i bhfeidhm mholtaí athbhreithnithe ná prótacal comhaontaithe faoin tslí ina nglacann an lucht bainistíochta agus an fhoireann páirt ann. Tá pléite ar siúl faoi láthair chun na meicníochtaí seo a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil leis go ndéanfar dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo i 2021. Ceapadh Stiúrthóir Claohlaithe do ÚCIM i Mí Eanáir 2021, chun moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh - Sonraí Laigí a nochtadh i mBlianta roimhe seo

1. Iniúchadh AE

Chuir Coimisiún an AE iniúchadh i gcrích ar chórais rialaithe na hÉireann maidir le tabhairt i dtír peiligeach agus rialuithe/forfheidhmiú i dtaca le gabhálacha Thuinnín Ghoirm i 2018. Tar éis an iniúchta seo, i Mí Iúil 2019, scríobh Coimisiún an AE go foirmeálta chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Fiosrúchán Riaracháin a thionscnamh le scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar na córais rialaithe iascaigh atá i bhfeidhm in Éirinn. Ina cháil mar an t-údarás inniúil do rialú iascaigh mhara, tugadh mar chúram do ÚCIM bheith ag comhordú fhreagra na hÉireann ar an bhFiosrúchán Riaracháin agus le caidreamh ábhartha leis an gCoimisiún. Soláthraíodh freagra cuimsitheach ar an bhFiosrúchán Riaracháin don Choimisiún go déanach i 2019 agus tugadh anailís bhreise chun críche ar dhá réimse shonracha faoi dheireadh Mhí Feabhra 2020 a soláthraíodh don Choimisiún.

I Mí na Nollag 2020, thug an Coimisiún freagra ar na Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag tabhairt le fios gurb ann do roinnt pointí suntasacha gníomhaíochta a bhfuil Éire le breithniú a dhéanamh fúthu anois, agus ceann acu sin ná meá éisc. I Mí Aibreáin 2021, ag eascairt as an bhFiosrúchán Riaracháin, d'aisghairm an Coimisiún, le héifeacht láithreach, maolú a deonadh ar ÚCIM roimhe seo i 2012 do cheadú mheá ghabhálacha tar éis iad a iompar go hionaid phróiseála na hÉireann. Anois ní mór gach iasc a mheá agus é tugtha i dtír sula ndéantar é a iompar. Is é an tionscal atá freagrach as meá chruinn na ngabhálacha.

Tá ÚCIM ag obair chun cinntiú gur féidir leis an tionscal na hathruithe sin a thabhairt isteach go héifeachtach a theastaíonn ó na cleachtais mheáite agus ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh rialacháin an AE. As na pointí gníomhaíochta eile, is é an chéad chéim eile sa phróiseas ná teagmháil idir Éirinn agus an Coimisiún chun na ceisteanna a tharraingítear anuas a phlé; foireann ó RTBM a bheidh páirteach ann, le cabhair ó ÚCIM.


2. Ionramháil SCC na bhfeithiclí stáit

Chuir ÚCIM aighneacht faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim i 2018 maidir le comhlíontacht chánach i dtaca le hionramháil SCC na bhfeithiclí stáit sin a chuirtear ar fáil d'Oifigigh Ceaptha (faoi Bhannaí). Leagadh amach sonraí faoi ghanníocaíocht chánach a aithníodh de bhun tuairime a fuarthas ó na Coimisinéirí locaim i nochtadh deonach nár lorgaíodh agus a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim i Mí Iúil 2019. Ghlac na Coimisinéirí loncaim leis an nglanadh seo. Ba é luach an ghlanta iomlán ná €409,391 agus gearradh é do na ráitis airgeadais mar seo a leanas: 2020: (€1,999); 2019: €186,390 agus 2018: €225,000

Tá ÚCIM tar éis a mhúnla loingis a leasú chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí neamhchomhlíontacha sin a aithníodh i dtuairim na gCoimisinéirí loncaim. Tá ÚCIM tiomanta i gcónaí do bheith comhlíontach i dtaca leis na dlíthe cánachais.

Níor aithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach maidir le 2020 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ar son an Údaráis,



An Dr. Susan Steele


Cathaoirleach an Údaráis
9th June 2021

Ráiteas ar Ioncam Agus Caiteachas Agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
IONCAM			
Deontais Oireachtais	2	13,197,000	13,005,000
Lúide: Fáltais díolacháin ó dhiúscairt Sócmhainní Seasta a cuireadh ar ais chuig Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	9	-	(419,527)
Ioncam Tionscadail CEMI	3/10	1,217,279	1,254,144
Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin	14 c	2,788,000	4,714,000
Lúide: Ranníocaíochtaí pinsin in-aisíochta chuig An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	14a	(486,000)	(454,000)
Ioncam Táille		3,660	6,953
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	181,678
		16,719,939	18,288,248
CAITEACHAS			
Sochair Fhostaithe	4	9,181,844	8,507,442
Costais Sochair Dul ar Scor	14 a	2,877,000	4,885,000
Costais lóistín agus teaghlachais	5	378,235	392,959
Seirbhísi Tacaíochta	6	560,399	882,117
Riarachán Ginearálta	7	2,498,503	3,295,164
Táille Iniúchta		26,600	26,200
Dímheas	9	1,060,589	1,015,402
		16,583,170	19,004,284
Farasbarr/(easnamh) don bhliain		136,769	(716,036)
Aistriú ó chuntas caipitil	13	624,025	548,240
		760,794	(167,796)
Ró-íocaíochtaí tuarastail	8/10	(861,494)	-
Cailteanas Oibriúcháin don bhliain		(100,700)	(167,796)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir		265,375	433,171
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig		164,675	265,375

Baineann an t-ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020 agus an bhliain roimhe sin le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

9th June 2021

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Caillteanas oibriúcháin don bhliain		(100,700)	(167,796)
Taithí chaillteanais ar scéim na sochar scoir		(505,000)	(515,000)
Athruithe sna boinn tuisceana atá bunúsach do luach reatha na ndliteanas scéime sochair scoir		(5,226,000)	(6,261,000)
Caillteanais achtúireacha ar dhliteanais sochair scoir	14	(5,731,000)	(6,776,000)
Coigeartú do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	14	5,731,000	6,776,000
Iomlán Ioncam Cuimsitheach don bhliain		(100,700)	(167,796)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

9th June 2021

Ráiteas ar Staid An Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	9	1,265,313	1,889,338
Sócmhainní Reatha			
Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim		1,547,863	1,381,563
Infháltais	8/10	140,548	967,538
		1,688,411	2,349,101
Lúide Dlíteanais Reatha			
Cuntais Iníoctha	11	1,102,886	1,590,393
Cistí Forghéillte	12	420,850	493,333
		1,523,736	2,083,726
Glansócmhainní Reatha		164,675	265,375
Sócmhainní iomlána lúide Dlíteanais Reatha sula mbaintear Sochair Scoir		1,429,988	2,154,713
Dualgais sochair scoir			
	14 b	(62,929,000)	(54,410,000)
Sócmhainn mhaoinithe shochair scoir iarchurtha	14 e	62,929,000	54,410,000
Glansócmhainní		1,429,988	2,154,713
Maoinithe ag:			
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta			
Cuntas Caipitil	13	164,675	265,375
		1,265,313	1,889,338
		1,429,988	2,154,713

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele


Cathaoirleach an Údaráis

9th June 2021

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Ag 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Glanreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Caillteanas Oibriúcháin don bhliain		(100,700)	(167,796)
Aistriú ó Chuntas Caipitil	13	(624,025)	(548,240)
Dímheas	9	1,060,589	1,015,402
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	(181,678)
Laghdú/(Méadú) sna hInfháltais	10	826,990	(25,153)
(Laghdú)/Méadú sna Cuntais Iníoctha	11	(487,507)	321,437
(Laghdú)/Méadú sna Cistí Forghéillte	12	(72,483)	5,000
Laghdú sa Soláthar		-	(225,000)
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		602,864	193,972
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	9	(436,564)	(626,563)
Fáltais ó Dhíolachán na Sócmhainní Seasta	9	-	341,079
Glanas-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(436,564)	(285,484)
Méadú/(Laghdú) in Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim		166,300	(91,512)
Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim ag tús na Bliana		1,381,563	1,473,075
Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim ag tús na Bliana		1,547,863	1,381,563



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

9th June 2021

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na bpolasaithe cuntasaíochta & na bpolasaithe suntasacha cuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara leo. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara ar 1 Eanáir 2007, faoin Acht um lascaigh Mhara agus Dhlínse Mhara, 2006. Tá ÚCIM tiomanta do rialú éifeachtach agus cothrom na n-earnálacha iascaireachta mara agus bia mhara atá laistigh dá shainchúram. Tá i gceist leis sin gach soitheach iascaireachta atá ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, soithí iascaireachta de chuid na hÉireann aon áit a mbíonn siad ag feidhmiú, agus gach cineál bia mhara a tháirgtear in Éirinn cibé áit a ndéantar margaíocht air.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, sin an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus in Éirinn a eisítear ag an gComhairle um Thuairisceoireacht Airgeadais (CTA).

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar an mbonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeán tuairisceoireachta airgeadais CTA, seachas nuair a thugtar a mhalairt le fios thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhaontú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, is é sin le rá airgeadra feidhmiúil an Údaráis.

d) Deontais Oireachtais

Mínítear ioncam ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltas airgid thirim.

e) Ioncam Táille

Mínítear ioncam táille ó phróiseálaithe éisc ar bhonn fáltas airgid thirim. Gintear an t-ioncam táille seo ó mhuirir shocraithe d'fhaomhadh na n-ionad iascaireachta agus ó fhógraí pionóis shocraithe.

f) Ioncam Tionscadail CEMI

Aithnítear ioncam a fhaightear maidir le tionscadail CEMI / AE ar bhonn fabhrúithe mar a n-aithnítear an t-ioncam sa tréimhse chuntasaíochta ina ngearrtar an caiteachas gaolmhar. Pléitear le hioncam a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh é laistigh de Chuntais Iníochta faoin Ráiteas Staide Airgeadais. Pléitear le caiteachas a thabhaítear mar nach bhfuarthas an t-ioncam gaolmhar mar ioncam fabhrúithe agus taispeántar é mar Infháltas ar an Ráiteas Staide Airgeadais.

g) Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Dearbhaítear réadmhaoín, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeáda ar an mbonn de réir méid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe dá luach iarmharach, thar a saolré ionchais mar seo a leanas:-

Feithiclí	20% per annum
TF, trealamh oifige agus bogearraí	33.33% per annum
Troscáin, daingneáin agus feistis	20% per annum
Feabhsúcháin léasachta	10% per annum
Soithí agus Deighilteoir Uisce	20% per annum
Saintionscadail TF	33.33% per annum

Déantar breithniú go bliantúil ar luach iarmharach agus ar shaolré ionchais sócmhainní seasta, ag lorg táscairí a thabharfadh le fios go bhféadfadh sé gur tháinig athrú orthu seo. Nuair a bhíonn a leithéid de tháscairí le fáil, cuirfear athbhreithniú i gcrích ar luach iarmharach, ar mhodh dímheasa agus shaolré ionchais, agus leasófar iad seo más gá sin. Mínítear athruithe sna rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo go hionchasach thar an saolré ionchais atá fágtha ag na sócmhainní.

h) Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim

Is é atá i gceist le hairgead tirim ná airgead-ar-láimh agus éarlaisí éilimh.

i) Airgeadraí lasachta

Aistrítear idirbheartuithe atá ainmnithe in airgeadraí eachtrannacha in euro agus taifeadtar iad ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheartaíochtaí.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

j) Sochair Fhostaí

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarma, leithéidí pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhiúir do Chuntais Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaítear ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fhoirne atá ais-iníochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara de réir na socruithe maoinithe. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhúirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, agus fritháirítear í ag deontais a fuarthas i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a ghlanadh. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus ó fharasbairr agus ó easnaimh taithí sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is é atá sna dliteanais phinsin ná luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a gnóthaíodh ag an bhfoireann go dtí seo. Is é atá sa mhaoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí todhchaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Feidhmíonn an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara an Scéim Aonair um Sheirbhísí Poiblí (an Scéim Aonair) freisin; is é atá ann ná scéim phinsin le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar 1 Eanáir, nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí Scéime Aonair chuig an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanann an tAcht um Iascach Mara agus um Dhlínse Mhuirí, 2006, soláthar dó go ndéanfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le comhaontú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim aoisliúntais maidir le baill an Údaráis a chuirfead i gcrích. Baintear ranníocaíochtaí pinsin maidir le baill Údaráis agus íoctar iad chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Aithníonn na ráitis airgeadais na costais agus na dliteanais phinsin maidir le baill an Údaráis.

k) Cuntas Forghéillte

Tar éis coimeád soithigh ar chúisimh iascaireachta, is féidir go n-ordóidh Cúirt go bhfuil banna le soláthar ag úinéirí an tsoithigh chun ábhar dliteanas a chlúdach chomh maith le coigistiú gabhála agus feistis. Coimeádann an tÚdarás a leithéid de bhannaí Cúirte agus iad iníochta leis an Údarás go dtí go dtreoraítear é ag an gCúirt an banna a aisíoc d'úinéir an tsoithigh nó an banna a chur faoi bhráid na Cúirte.

l) Cuntas Caipitil

Is é atá i gceist leis an gCuntas Caipitil ná luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear ag an Údarás le sócmhainní seasta a fháil.

m) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhásacha a eascraíonn de thoradh ar imeachtaí san am atá caite, ach amháin murar dócha (i) go dtarlóidh as-sreabhadh acmhainní nó nach féidir an méid a thomhas ar bhealach iontaofa ag an dáta tuairisceoireachta nó (ii) nuair a dheimhneofar a láithreach ag tarlú nó neamhtharlú imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil go hiomlán laistigh de rialú an Údaráis. Nochtar dliteanais theagmhásacha sna ráitis airgeadais ach amháin más fórbheag an seans go dtarlóidh as-sreabhadh.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhásacha. Nochtar sócmhainní teagmhásacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar eacnamaíoch.

n) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Cuireann ullmhú na ráiteas airgeadais seo iachall ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuiriscítear do shócmhainní agus do dhliteanais ag deireadh na bliana chomh maith le costais i rith na bliana.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus ar meastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais imeachtaí todhchaí a gcreidtear iad a bheith réasúnta sna tosca. Déanann an tÚdarás meastacháin agus boinn tuisceana a bhaineann leis an todhchaí. Luíonn sé le ciall nach minic a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a eascraíonn dá thoradh sin ar aon dul leis na torthaí iarbhire. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil iarmhairt shuntasacha acu ar shuimeanna glanLuacha na sócmhainní agus na dliteanais laistigh de na ráitis airgeadais:

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

Gnóthas leantach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ag baint le cumas an Údaráis freastal a dhéanamh ar a chuid dliteanas de réir mar a bhíonn siad dlite agus maidir lena chumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo, measann an tÚdarás é a bheith cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe do na suimeanna glanluacha agus d'aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh eascairt mura raibh an tÚdarás in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag baill an Údaráis ar shaol sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta, agus go háirithe, saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus is í an chonclúid a bhain siad amach ná go bhfuil an saol sócmhainne agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh i dtaca le lagú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe dálaí le fios gur féidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is é atá sa tsuim in-aisghabhála ná luach níos airde de luach cothrom sócmhainne lúide an costas le díol agus an luach in úsáid. Do chuspóir mheasúnú lagaithe, déantar sócmhainní a ghrúpáil le chéile ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid ar fáil atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgid a bhí thíos leis mar gheall ar lagú i dtaca le hábhar aisiompaithe an lagaithe ag gach dáta tuairisceoireachta.

Dualgas Sochair Scoir

Nuashonraítear go bliantúil na boinn tuisceana a bhuntacaíonn leis na hathruithe achtúireacha dá gcinntítear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh thodhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochta chostais chúraim shláinte), bunaithe ar na coinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha do théarmaí agus do choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir go gcuirfí isteach ar na boinn tuisceana ag:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán;
- (ii) leibhéil chúitimh thodhchaí, coinníollacha margaidh saothair thodhchaí; agus
- (iii) rátaí treochta chostais chúraim shláinte, ráta bhoilscithe chostais mhíochaine i réigiúin ábhartha.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

2. Deontais Oireachtais

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi fhocheanteideal D.6 de Vóta 30, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sa bhliain. Baintear úsáid as an maoiniú chun íoc as costais phá, riaracháin ghinearálta agus chaipitil.

	2020 €	2019 €
Deontais Oireachtais a fuarthas	13,197,000	13,005,000

3. Ioncam Tionscadail CEMI

Tá an Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh (CEMI) ar cheann de na cúig Chiste Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a chomhlánaíonn a chéile agus iad ag seachadadh níos mó post agus fáis san AE. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi Chlár Oibríochtúil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, le tacaíocht ó CEMI sa bhliain. Ba iad fáiltais tionscadail CEMI i 2020 ná €1,207,353 (2019: €1,164,000) le €13,487 infhála ag deireadh na bliana (2019: €3,561) maidir le caiteachas a tabhaíodh i 2020 ach nuair nach bhfuarthas an t-ioncam gaolmhar fós.

Anailís chaiteachais tionscadail CEMI	2020 €	2019 €
Tosaíocht Aontais 3 - Ag cothú cur i bhfeidhm an CBI (Nóta 10)	1,217,279	1,254,144

4. Luach Saothair

(a) Sochair chomhiomlána Fhostaí agus costais ghaolmhara

Ba é líon na foirne a bhí á fostú ag an Údarás ag 31 Nollaig 2020 ná 145 (2019: 132). Ba é meánlíon na bhfostaithe san Údarás le linn na bliana ná 138. Ba é seo a leanas na sochair chomhiomlána fhostaí agus na costais ghaolmhara:

	2020 €	2019 €
Sochair ghearrthéarmacha foirne	8,363,940	7,755,816
Sochair chnapshuimeanna	-	-
Ranníocaíocht an fhostóra do leas sóisialach	845,738	771,757
Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra CEMI	14,524	23,881
Costais leasa shóisialaigh gnóthaithe	(42,358)	(44,012)
	9,181,844	8,507,442

Baineadh ranníocaíochtaí breise aoisliúntais de €329,397 (2019: €349,258) ón bhfoireann agus íocadh €361,415 (2019: €351,519) do RTBM i 2020.

(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2020 €	2019 €
Bunphá	7,049,254	6,472,525
Liúntais	1,218,765	1,121,372
Ragobair	95,921	161,919
	8,363,940	7,755,816

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhlíain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

4. Luach Saothair (ar lean.)

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá i gceist leis an bpríomhphearsanra bainistíochta in ÚCIM ná beirt bhall an Údaráis. D'éirigh an tríú ball Údaráis as a phost i Mí Mheán Fómhair 2019. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta:

	2020 €	2019 €
Tuarastal	211,112	278,184

Níl san áireamh anseo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais ÚCIM do bhaill an Údaráis agus ní théann a gcuid teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláire don tseirbhís phoiblí.

(d) Luach Saothair an Phríomhfheidheannaigh

Cuirtear ról an Phríomhfheidhmeannaigh i gcrích ag Cathaoirleach lánaimseartha an Údaráis de réir na reachtaíochta ábhartha a bhunaigh ÚCIM.

	2020 €	2019 €
Bunphá	108,828	107,045

Is ball de Scéim Aoisliúntais ÚCIM do bhaill an Údaráis í an Cathaoirleach agus ní théann a cuid teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláire don tseirbhís phoiblí. Níl san áireamh thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse sin.

5. Cóiríocht agus Teaghlachas

	2020 €	2019 €
Cíos	157,752	181,288
Soilsiú & teas	60,953	70,797
Cothabháil - áitreabh	149,744	131,717
Costais oifige	9,786	9,157
	378,235	392,959

6. Seirbhísí Tacaíochta

	2020 €	2019 €
Tomhaltáin agus seirbhísí TF	195,289	300,105
Forbairt, oiliúint & tacaíocht fhoirne	129,076	243,287
Cothabháil - feithiclí	10,864	161,238
Anailís oifigiúil rialaithe	98,378	102,340
Trealamh sábháilteachta agus rialaithe	126,792	75,147
	560,399	882,117

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

7. Riarachán Ginearálta

	2020 €	2019 €
Stáiseanóireacht agus soláthar oifige	110,062	156,565
Teileafón	111,681	89,253
Árachas	7,528	11,104
Cíos seomra	2,014	22,145
Taisteal agus liúntas cothaithe	534,590	922,143
Tacaíocht agus forbairt TF	-	14,690
Riarachán Dlí agus Gairmiúil	1,447,791	1,478,232
Cuntasaíocht	74,721	73,149
Earcú	97,859	124,164
Caidreamh poiblí agus margaíocht	107,096	195,584
Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim	(1,999)	186,390
Síntiúis	2,450	13,504
Costais eile oibriúcháin	4,710	8,241
	2,498,503	3,295,164

8. Ró-íocaíochtaí tuarastail

I 2013, tar éis treorach ón RCPA, níor cuireadh liúntais áirithe san áireamh i gcur i bhfeidhm choigeartuithe pá faoin Acht um Bhearta Éigeandála Airgeadais sa Leas Poiblí 2013 agus Comhaontú Bhóthar Haddington. I dtús báire glacadh leo mar liúntais nach liúntais shocraithe thréimhsiúla iad ós rud é go raibh na híocaíochtaí seo ag brath ar chineál nó méid na hoibre a chuirtear i gcrích de réir riachtanas éagsúil oibríochtúil. I 2017 sholáthair RCPA tuilleadh soiléirithe maidir le cur i bhfeidhm choigeartuithe pá do na liúntais seo. Tugadh comhairle don Údarás ina dhiaidh sin maidir leis seo: gur gá coigeartuithe pá Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm sa chás gur cuid den soláthar pinsin don fhoireann iad na liúntais seo. I Mí Aibreáin 2021, chomhairligh RCPA gurb é an seasamh atá acu ná nach gá ró-íocaíochtaí na liúntas seo a fhorchúiteamh agus gur chóir deireadh a chur leis an gceist seo. Cuireadh ar ceal, mar sin de, soláthar d'aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail iarghabhálacha ar luach €861,494 a aithníodh sna ráitis airgeadais do 2017. Taispeántar seo ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2020.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Feithiclí €	TF, trealamh oifige & bogearraí €	Troscán daingneáin & feistis €	Feabhsúcháin léasachta €	Saintionsc -adail TF ⁷ €	Soithí & deighilteoir uisce €	Iomlán €
Costas							
Iarmhéid ag 01/01/20	221,051	2,241,610	420,287	1,119,439	2,377,629	412,872	6,792,888
Éadálacha	21,466	217,796	41,612	67,907	66,926	20,857	436,564
Diúscairtí	-	(69,247)	-	-	-	-	(69,247)
Iarmhéid ag 31/12/20	242,517	2,390,159	461,899	1,187,346	2,444,555	433,729	7,160,205
Dímheas							
Iarmhéid ag 01/01/20	125,380	2,043,622	340,634	661,420	1,396,080	336,414	4,903,550
Muirear sa bhliain	47,506	116,035	28,934	111,539	702,230	54,345	1,060,589
Diúscairtí	-	(69,247)	-	-	-	-	(69,247)
Iarmhéid ag 31/12/20	172,886	2,090,410	369,568	772,959	2,098,310	390,759	5,894,892
Glanluach de réir na leabhar 31/12/20	69,631	299,749	92,331	414,387	346,245	42,970	1,265,313
Glanluach de réir na leabhar 01/01/20	95,671	197,988	79,653	458,019	981,549	76,458	1,889,338

⁷ Tá 54 Ghléas Iontrála Sonraí ar iasacht shealadach ag RTBM ag 31 Nollaig 2020 chun an chianobair a éascú mar thoradh ar COVID-19. Is é costas iomlán na ngléasanna seo ná €121,770.

10. Infháltais

	2020 €	2019 €
Ioncam ó fhéichiúnaithe eile & ioncam fabhraithe	60,958	14,219
Ró-íocaíochtaí in-aisghabhála (Nóta 8)	-	869,000
Réamhíocaíochtaí	79,590	84,319
	140,548	967,538

Tá san áireamh in ioncam na bhFéichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe €13,487 (2019: €3,561) den ioncam fabhraithe a bhaineann le tionscadail CEMI (Nóta 3).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

11. Cuntas iníochta

	2020 €	2019 €
Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain:		
Cuntais iníochta trádála	41,121	98,621
Fabhruithe	682,447	938,759
ÍMAT/ÁSPC /MSU/CMÁ	284,577	264,399
CBL	12,960	102,331
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	55,075	99,398
Fabhruithe párolla eile	26,706	86,885
	1,102,886	1,590,393

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ag téarmaí na reachtaíochta ábhartha.

12. Cistí Forghéillte

	2020 €	2019 €
Cistí forghéillte coimeádta ag 1 Eanáir (oll-luach le táillí bainc)	493,333	488,333
Cuir leis: Fáltais	396	5,000
Lúide: Íocaíochtaí	(72,879)	-
Cistí forghéillte coinnithe ag 31 Nollaig	420,850	493,333

13. Cuntas Caipitil

	2020 €	2019 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir	1,889,338	2,437,578
Aistriú ón gCuntas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí		
- Ioncam úsáidte chun sócmhainní seasta a cheannach	436,564	626,563
- Suim scaoilte ar dhiúscairt na sócmhainní seasta	-	(159,401)
- Ioncam amúchta sa bhliain de réir dhímheas na sócmhainne	(1,060,589)	(1,015,402)
	(624,025)	(548,240)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	1,265,313	1,889,338

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

14. Costais Sochair Scoir

(a). Anailís na gcostas iomlán sochar scoir gearrtha ar chaiteachas

	2020 €	2019 €
Costas na seirbhíse reatha	2,587,000	2,147,000
Costas na seirbhíse caite	-	2,253,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	776,000	939,000
Ranníocaíochtaí fostaí in-aisíochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	(486,000)	(454,000)
	2,877,000	4,885,000

I 2019, d'éascair costas seirbhíse caite ar luach €2,253,000 mar gheall ar aitheantas aistrithe seirbhíse sa Luacháil achtúireach shochair scoir.

(b). Gluaiseacht sa ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2020 €	2019 €
Glandliteanas sochair scoir ag 1 Eanáir	54,410,000	42,920,000
Costas na seirbhíse reatha	2,587,000	2,147,000
Costas na seirbhíse caite	-	2,253,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	776,000	939,000
Sochair íochta sa bhliain	(575,000)	(625,000)
Caillteanais achtúireacha	5,731,000	6,776,000
Glandliteanas sochair scoir ag 31 Nollaig	62,929,000	54,410,000

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

14. Costais Sochair Scoir (ar lean.)

(c). Maoiniú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin bunaithe ar thacar na mbonn tuisceana a gcuirtear síos air thíos chomh maith le roinnt imeachtaí san am atá thart. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bonn reachtúil don scéim aoisliúntais le sochair shainmhínithe na hearnála poiblí eiseamláire, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo air de bheith ag déanamh freastail ar a leithéid de dhliteanas sochair scoir de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha do phinsin atá aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeáda:-

	2020 €	2019 €
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	3,363,000	3,086,000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais na seirbhíse caite	-	2,253,000
Deontas stáit curtha i bhfeidhm le sochair scoir a íoc	(575,000)	(625,000)
	2,788,000	4,714,000

(d). Tá na ranníocaíochtaí sochair scoir a bhaintear as ag an Údarás ó thuarastail na foirne in-aisíoctha don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus don Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe.

(e). Stair na ndualgas sochair shainmhínithe

	2020 €	2019 €	2018 €	2017 €	2016 €
Dualgais sochair shainmhínithe	62,929,000	54,410,000	42,920,000	34,069,000	30,799,000
Taithí (ghnóthachan)/cailteanas ar dhliteanas scéime	505,000	515,000	(353,000)	242,000	(98,000)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	0.8%	0.9%	-0.8%	0.7%	-0.3%

(f). Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Bunaíodh ÚCIM faoin Acht Iascaigh Mhara & Dlínshe Muirí 2006. Déanann Ailt 59 & 60 den Acht soláthar dó go ndéanfaidh ÚCIM scéimeanna do dheonú shochar aoisliúntais do bhaill an Údaráis agus do bhaill fhoirne, agus maidir leo, faoi réir ag faomhadh ón Aire. Tá 2 scéim faofa dá leithéid - Scéim Aoisliúntais ÚCIM (Fostaithe) 2016 agus Scéim Aoisliúntais ÚCIM 2016, á bhfeidhmiú ag ÚCIM. Soláthraíonn an chéad scéim acu seo sochair scoir (cnapshuim & pinsean) do bhaill na foirne, sochair aiscí báis maidir le bás le linn seirbhíse agus soláthraíonn sí sochair phinsin don fhear céile / don bhean céile a mhaireann agus do leanaí spleáchá na mball atá tar éis bháis. Soláthraíonn an dara scéim acu seo na sochair seo do bhaill an Údaráis Fheidhmiúcháin.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

14. Costais Sochair Scoir (ar lean.)

Is scéimeanna aoisliúntais le sochair shainithe iad an dá scéim agus glacann siad leis na rialacha atá leagtha amach sa Sceideal do na Rialacha do Rialacháin Bhaill Réamhbheitheacha Scéime Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014, .i. rialacháin reatha scéime eárnála poiblí "eiseamláire". Tá pinsin do na fostaithe sin atá ag íoc ÁSPC Aicme A comhtháite leis an bPinsean Stáit. Is í an ghnáthaois dul ar scor ná 65ú breithlá baill, agus tá baill ón tréimhse roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. Íoctar ranníocaíochtaí aoisliúntais fhoirme don RTBM.

Is gnách go dtéann sochair scoir in íocaíocht (agus iarchur) i méid de réir bhoilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Aonair Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim phinsin le sochair shainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh den chéaduaire ar nó tar éis 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an scéim soláthar do chnapshuim phinsin agus scoir bunaithe ar mheánLuach gairme ré an luacha shaothair inphinsin, chomh maith le pinsin céile agus leanaí. Is í an íosaos don phinsean ná 66 bliana (ag dul in airde de réir athruithe an Stáit maidir le haois an phinsin). Tá mar chuid de deis luathscoir ó aois 55 ar aghaidh atá laghdaithe go hachtúireach. Téann méid an phinsin a íoctar i méid de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí. Íoctar ranníocaíochtaí aoisliúntais fhoirme don Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe.

Do chuspóirí de bheith ag tuairisciú de réir FRS102, tugadh comhairle do ÚCIM ag achtúire cáilithe neamhspleách a bhfuil Luacháil iomlán ullmhaithe acu chun dliteanais na scéime a mheasúnú ag 31 Nollaig 2020.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh ná:

Modh Luachála	2020	2019
Ráta lascaine	1.00%	1.40%
Méaduithe tuarastail	2.95%	3.00%
Méaduithe pinsin	2.45%	2.50%
Ráta boilscithe	1.45%	1.50%

Seo a leanas an meánionchas saoil atá fágtha de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun dliteanais phinsin a chinneadh:

	2020	2019
Fear in aois 65	21.8	21.7
Bean in aois 65	24.2	24.1
Fear in aois 45	24.1	24.0
Bean in aois 45	26.2	26.1

15. Costais Bhaill an Údaráis

Mar seo a leanas a cútíodh costais bhaill an Údaráis:

	2020	2019
An Dr. Susan Steele	2,868	16,762
Andrew Kinneen	1,549	5,691
Micheál O'Mahony	-	6,924
	4,417	29,377

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2020

16. Costais Réadmhaoine

	Ionad	Stádas	Cíos Bliantúil	Éag an Léasa
Ceanncheathrú	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	Faoi Úinéireacht OOP ⁸	N/A	N/A
Oifig Chuain Bhaile Chaisleán Bhéarra	Co. Chorcaí	Léas á Idirbheartú	19,500	2042
Oifig Phoirt Bhinn Éadair	Co. Átha Cliath	Léas á Idirbheartú ⁹	26,000	2042
Oifig Cheann Chlochair	Co. Lú	Léasaithe	3,690	2021
Oifig Phoirt Dhún Mór	Co. P. Láirge	Léas á Idirbheartú ⁹	14,000	2042
Oifig Phoirt an Daingin	Co. Chiarraí	Léas á Idirbheartú ⁹	10,000	2042
Stóras an Daingin	Co. Chiarraí	Léas á Idirbheartú ⁹	5,200	2021
Oifig Phoirt Ros an Mhíl	Co. na Gaill.	Léasaithe	16,981	2023
Oifig Phoirt na gCealla Beaga	Co. Dhún na nGall	Léas á Idirbheartú ⁹	44,000	2042
Stóras na gCealla Beaga	Co. Dhún na nGall	Ceadúnas á Idirbheartú ⁹	7,000	2028
Oifig an Chaisleáin Nua	Co. Dhún na nGall	Léas á Idirbheartú ⁹	10,000	2025
			156,371	

⁸ Is foirgnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí iad na háitribh atá lonnaithe i gCloich na Coillte, agus a áitíonn an tÚdarás. Níl aon chíos iníoctha ar na foirgnimh seo.

⁹ Bíonn dátaí éaga do léasanna agus do cheadúnais a bhfuiltear á n-idirbheartú bunaithe ar dhátaí a comhaontaíodh le linn idirbheartaíochtaí réamhléasa nó i ndrúacht-chomhaontuithe léasa/ceadúnais, de réir mar is cuí.

Ceangaltais Léasa

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa todhchaí i dtaca leis na léasanna seo:

	Ag 31 Nollaig 2020 €	Ag 31 Nollaig 2019 €
Faoi 1 bhliain	155,753	149,773
Idir 2 - 5 bliana	547,653	517,038
Thar 5 bliana	1,948,750	2,043,000
	2,652,156	2,709,811

Ba é luach na n-íocaíochtaí léasa a aithníodh mar chostas i 2020 ná €157,752 (2019: €181,288).

17. Sainleasanna Bhail an Údaráis / Idirbhearta Gaolmhara Páirtí

Cloíonn an tÚdarás le gnáthaimh de réir treoirlínte a eisíodh ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ón Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 maidir le nochtadh sainleasanna ag Bail an Údaráis. Níor fógraíodh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon sainleas tairbheach ag Bail an Údaráis.

18. Dlíteanais Theagmhasacha

Bhí ÚCIM páirteach i roinnt imeachtaí dlí a bhaineann lena ról reachtúil ag deireadh na bliana. Ní féidir cainníochtú cruinn de shocraíocht na gcostas ná uainiú a leithéid de shocraíocht chostas a dhéanamh ag dáta na tuairisceoireachta.

19. Imeachtaí tar éis deireadh na Bliana Airgeadais

Faomhadh na Ráitis Airgeadais ag an Údarás ar 9 Meitheamh 2021.



AN t-ÚDARÁS UM
CHOSAINT
IASCAIGH MHARA

SEA-FISHERIES
PROTECTION
AUTHORITY

An t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara,
Lárionad Bia Mara Náisiúnta,
Príomhoifig, An Cloichín,
Cloich na Coillte, Co. Chorcaí,
P85TX47

Head Office,
National Seafood Centre,
Park Road, Clogheen,
Clonakilty, Co. Cork,
P85TX47

T +353 23 8859300
F +353 23 8859720
E sfpa_info@sfpa.ie

www.sfpa.ie